

**The North/South Language Body
Annual Report and Accounts
For the year ended 31 December
2015**

**An Foras Teanga
Tuarascáil Bhliantúil agus Cuntais
An bhliain dar chríoch 31 Nollaig
2015**

**Tha Boord o Leid
An Accoont o the Darg
For the year hinmaist 31 Decemmer
2015**

Foras na Gaeilge
7 Cearnóg Mhuirfean
Baile Átha Cliath 2
+353 (0)1 6398400

www.forasnagaeilge.ie
eolas@forasnagaeilge.ie

Foras na Gaeilge
Teach an Gheata Thiar
2-4 Sráid na Banríona
Béal Feirste
BT1 6ED
+44 (0)28 9089 0970

The Ulster-Scots Agency
The Corn Exchange
31 Gordon Street
Belfast
BT1 2LG
+44 (0)28 9023 1113

www.ulsterscotsagency.com
info@ulsterscotsagency.org.uk

The Ulster-Scots Agency
William Street
Raphoe
Co. Donegal
+353 (0)74 9173876

North/South Language Body
Annual Report and Accounts
For the year ended 31 December 2015

*Laid before the Northern Ireland Assembly
under North/South Co-operation (Implementation Bodies) (Northern Ireland)
Order 1999 Schedule 1, Annex 2, Part 7, paragraphs 1.3 and 2.6
by the Department for Communities*

18 5 2017

The Language Body is a North/South Implementation Body sponsored by the Department of Arts, Heritage, Regional, Rural and Gaeltacht Affairs (DAHRRGA) and the Department for Communities (DfC). It was established on the 2nd of December 1999 under the British-Irish Agreement which set up the implementation bodies and which was underpinned by the British-Irish Agreement Act 1999 and the North/South Co-operation (Implementation Bodies) (Northern Ireland) Order 1999. It reports to the North/South Ministerial Council (NSMC).

The Language Body comprises Foras na Gaeilge and the Ulster-Scots Agency. Foras na Gaeilge has the principal function of the promotion of the Irish language on an all-island basis. The principal function of the Ulster-Scots Agency is the promotion of greater awareness and use of Ullans and of Ulster-Scots cultural issues, both within Northern Ireland and throughout the island.

Further information and Board Minutes available on the agencies' websites:

www.forasnagaeilge.ie

www.ulsterscotsagency.com

Is Comhlacht Forfheidhmithe Thuaidh/Theas é an Foras Teanga agus tá sé urraithe ag an Roinn Ealaíon, Oidhreacht, Gnóthaí Réigiúnacha, Tuaithe agus Gaeltachta (REOGRTG) agus an Roinn Pobal (ARP). Bunaíodh é an 2 Nollaig 1999 faoi Chomhaontú na Breataine-na hÉireann lena bunaíodh na comhlachtaí forfheidhmithe, comhaontú a bhfuil an tAcht um Chomhaontú na Breataine-na hÉireann agus an North/South Co-operation (Implementation Bodies) (Northern Ireland) Order 1999 mar bhonn faoi. Tuairiscíonn sé don Chomhairle Aireachta Thuaidh/Theas (CATT).

Tá an Foras Teanga comhdhéanta d'Fhoras na Gaeilge agus de Tha Boord o Ulstèr-Scotch. Is é príomhfheidhm Fhoras na Gaeilge an Ghaeilge a chur chun cinn ar bhonn uile-oileáin. Is é príomhfheidhm Tha Boord o Ulstèr-Scotch eolas níos fearr faoin Ultais agus úsáid na hUltaise agus saincheisteanna cultúir Ultach-Albanacha a chur chun cinn, laistigh de Thuaisceart Éireann agus ar fud an oileáin.

Tá breis eolais agus Miontuairiscí Boird ar fáil ar shuíomh gréasáin na ngníomhaireachtaí:

www.forasnagaeilge.ie

www.ulsterscotsagency.com

Contents

Board Members of The Language Body	4
Joint Introduction	5
Report of Foras na Gaeilge	6
Report of Tha Boord o Ulstèr-Scotch	34
Financial Statements	53

Clár

Comhaltaí Boird an Fhorais Teanga	4
Comhréamhrá	5
Tuairisc Fhoras na Gaeilge	6
Tuairisc Tha Boord o Ulstèr-Scotch	34
Ráitis Airgeadais	53

Board Members of The Language Body

Up to 12 December 2015

Joint-Chairpersons

Liam Ó Maolmhichíl

Mr Tom Scott*

Pól Callaghan

Colm Cavanagh

Áine Ní Chiaráin

Brid Ní Chonghóile

Eoghan Mac Cormaic

Mr Tony Crooks*

Seosamh Mac Donncha

Tomás Mac Eochagáin

Ms Ida Fisher*

Éamonn Ó Gribín

Seán Mícheál Ó Domhnaill

Dónal Ó hAiniféin

Ms Val O'Kelly*

Donnchadh Ó Laoghaire (appointed 10 January 2014)

Mr William Leathem*

Marcas Mac Ruairí

Therese Ruane

Ms Hilary Singleton*

Caitriona Ní Shúilleabháin

Ms Sharon Treacy-Dunne*

Mr Trevor Wilson*

At year-end a replacement for Liam Kennedy (resigned 25 March 2014) was still unconfirmed.

From 13 December 2015

Joint-Chairpersons

Seosamh Mac Donncha

Mr Tom Scott*

Mr Allen McAdam*

Seán Ó hArgáin

Pól Callaghan

Colm Cavanagh (éirithe as 22 Eanáir 2016)

Deirdre Kirwan (éirithe as 11 Márta 2016)

Gráinne McElwain

Ms Ida Fisher*

Marcas Mac Ruairí

Seán Mícheál Ó Domhnaill

Seán Ó Coisdealbha

Bláthnaid Ní Chofaigh

Éamonn Ó Gribín

Ms Val O'Kelly*

Mr Frederick Kettyle*

Donnchadh Ó Laoghaire (éirithe as 4 Márta 2016)

Mr William Leathem*

Mr Lee Reynolds*

Therese Ruane (éirithe as 14 Eanáir 2016)

Ms Hilary Singleton*

At year-end there were three vacancies on the Foras na Gaeilge Board, a Vice-Chairperson among them.

**Denotes Board membership of The Ulster-Scots Agency; unmarked denotes Board membership of Foras na Gaeilge.*

Comhaltaí Boird an Fhorais Teanga

Go dtí 12 Nollaig 2015

Comh-Chathaoirligh

Liam Ó Maolmhichíl
Mr Tom Scott*

Pól Callaghan
Colm Cavanagh
Áine Ní Chiaráin
Bríd Ní Chonghóile
Eoghan Mac Cormaic
Mr Tony Crooks*
Seosamh Mac Donncha
Tomás Mac Eochagáin
Ms Ida Fisher*
Éamonn Ó Gribín
Seán Mícheál Ó Domhnaill
Dónal Ó hAiniféin
Ms Val O'Kelly*
Donnchadh Ó Laoghaire (ceaptha 10 Eanáir 2014)
Mr William Leathem*
Marcas Mac Ruairí
Therese Ruane
Ms Hilary Singleton*
Caitriona Ní Shúilleabháin
Ms Sharon Treacy-Dunne*
Mr Trevor Wilson*

Ag deireadh na bliana ní raibh comharba ar Liam Kennedy (éirithe as 25 Márta 2014) deimhnithe.

Ó 13 Nollaig 2015

Comh-Chathaoirligh

Seosamh Mac Donncha
Mr Tom Scott*

Mr Allen McAdam*
Seán Ó hArgáin
Pól Callaghan
Colm Cavanagh (éirithe as 22 Eanáir 2016)
Deirdre Kirwan (éirithe as 11 Márta 2016)
Gráinne McElwain
Ms Ida Fisher*
Marcas Mac Ruairí
Seán Mícheál Ó Domhnaill
Seán Ó Coisdealbha
Bláthnaid Ní Chofaigh
Éamonn Ó Gribín
Ms Val O'Kelly*
Mr Frederick Kettle*
Donnchadh Ó Laoghaire (éirithe as 4 Márta 2016)
Mr William Leathem*
Mr Lee Reynolds*
Therese Ruane (éirithe as 14 Eanáir 2016)
Ms Hilary Singleton*
Ag deireadh bliana bhí trí fholúntas ar bhord Fhoras na Gaeilge, Leas-Chathaoirleach ina measc

**Léiríonn ballraíocht de Tha Boord O Ulstèr-Scotch; léiríonn easpa réiltín ballraíocht d'Fhoras na Gaeilge.*

Thegither Forethocht

Comhréamhrá

Joint Introduction

For Foras na Gaeilge 2015 was the first full year of implementation of the new funding arrangements for the ‘Lead Organizations’. This involved the establishment of an all-island Partnership Forum and an all-island Language Development Forum in addition to agreement of an overarching high-level strategic plan and 3 year plans in 6 strategic areas of language promotion.

In order to support the Irish language Foras na Gaeilge provided grants of the order of €10.8m for various schemes in 2015. Other highlights included significant progress on the online version of the new English/Irish dictionary flagship project (www.focloir.ie), with publication of 90% of the final material on the website and the launch of a dictionary app; the provision of funding for 92 summer camps for over 3,000 children (aged 3-18); the participation of almost 4,200 children in events under the youth activities scheme to encourage the use of Irish outside of school (including sports, music and art) and; the participation of over 40 schools in the *Gaelbhratach* awards which recognise the widespread use of spoken Irish.

Research was a key theme in 2015 with the publication of the findings of the ESRI’s (Economic and Social Research Institute) all-island report *Attitudes towards the Irish Language on the Island of Ireland*, commissioned by Foras na Gaeilge to assist in identifying future priorities and policy formulation generally; the publication of the *Guidance Document* developed by Foras na Gaeilge staff as an aid to the new ‘super councils’ in Northern Ireland; and funding support for a report on *New Speakers of Irish* – those who use a certain language regularly but who are not traditional native speakers.

For the Ulster-Scots Agency it was the first full financial year in the new premises at the Corn Exchange, in the Cathedral Quarter area of Belfast where the Agency continued to support the development of the Discover Ulster-Scots Centre, managed by the Ulster-Scots Community Network and located on the ground floor of the building. The Agency delivered an extensive programme of activities promoting Ulster-Scots by organising and supporting a range of large-scale public events. Highlights included the annual Burns Night Concert, in conjunction with the Ulster Orchestra, which filled the Belfast Waterfront Hall in January. Activities marking the 700th Anniversary of the arrival of the Bruces in Ireland included a new heritage trail highlighting significant sites of the Bruce campaign from 1315-18 and the Bruce Festival, which took place in May at Carrickfergus, and which was delivered in partnership with Mid- and East Antrim Council and the Northern Ireland Environment Agency. This attracted over 6,000 visitors.

Work at grassroots level was as always a constant, not just funding community groups to deliver music and dance tuition, summer schools and community festivals but addressing also the crucial issue of capacity-building via our funding for the Ulster-Scots Community Network, work which supported groups to access £500K of grant funding from a range of sources. The good working relationship between the Agencies of the Language Body was exemplified by collaboration on various joint projects throughout the year, including: successful delivery of a joint Ulster-Scots/Irish language project in 4 integrated post-primary schools in Holywood, Ballymena, Loughbrickland and Belfast; delivery of a related cultural programme, including 6 workshops focusing primarily on language and culture; and ongoing inter-agency cooperation in regard to governance issues and promotion of the work of the Language Body.

Details of all these projects and more can be found in the individual reports from the two agencies.

Keith Gamble
CHAIRMAN
THE ULSTER-SCOTS AGENCY

Pól Ó Gallchóir
CATHAOIRLEACH
FORAS NA GAEILGE

Thegither Forethocht

Comhréamhrá

Joint Introduction

Maidir le Foras na Gaeilge de, ba í 2015 an chéad bhliain iomlán d'fheidhmiú na socruithe nua maoinithe do na 'Ceanneagraíochtaí'. Mar chuid de seo bhí bunú an Fhóraitm Chomhpháirtíochta uile-oileáin agus Fhóraitm Fhorbartha Teanga uile-oileáin agus comhaontú a fháil ar phlean straitéiseach uileghabhálach agus plananna 3 bliana i 6 réimsí straitéiseacha a bhaineann le cur chun cinn na Gaeilge.

Chun tacaíocht a thabhairt don teanga chuir Foras na Gaeilge deontais arbh fhiú €10.8m iad le haghaidh scéimeanna éagsúla in 2015. I measc na mbuaicphointí eile bhí: dul chun cinn suntasach ar an leagan ar líne den thionscadal suaitheanta An Foclóir Nua Béarla Gaeilge (www.focloir.ie), le 90% den ábhar iomlán foilsithe agus aip an Fhoclóra seolta; maoiniú bheith curtha ar fáil do 92 campa samhraidh le haghaidh breis is 3,000 leanbh (idir 3-18bl); rannpháirtíocht beagnach 4,000 leanbh faoin Scéim Imeachtaí Óige le cur le húsáid na Gaeilge lasmuigh den scoil (imeachtaí ar nós cúrsaí spóirt, cúrsaí ceoil, cúrsaí ealaíne); agus breis is 40 scoil páirteach sna gradaim *Gaelbhreach* a thugann aitheantas d'úsáid forleathan na Gaeilge labhartha.

Rinneadh cúram ar leith de chúrsaí taighde in 2015: foilsíodh tuarascáil de thorthaí ón ITES (Institiúid Taighde Eacnamaíochta agus Sóisialta) *Dearcadh an Phobail i leith na Gaeilge* a choimisiúnaigh Foras na Gaeilge d'fhonn tosaíochtaí a aithint agus le cur le dréachtadh polasaí i gcoitinne; foilsíodh *Treoircháipéis* a d'fhorbair foireann Fhoras na Gaeilge mar áis do na 'hollchomhairlí' i dTuaisceart Éireann; agus cuireadh tacaíocht maoinithe ar fáil do thuarascáil faoi *Nuachainteoírí na Gaeilge* – iad siúd a úsáideann an Ghaeilge go rialta ach nach cainteoirí dúchais iad.


Maidir le Tha Boord ó Ulstèr-Scotch, ba í seo an chéad bhliain airgeadais iomlán dóibh i dTeach an Mhalartáin Arbhair i gCeathrú na hArdeaglaise i mBéal Feirste, áit ar leanadh de tacaíocht a thabhairt d'fhorbairt an lárionaid Discover Ulster-Scots, atá á bhainistiú ag an Líonra Pobail Ultaise agus lonnaithe ag leibhéal na sráide san fhoirgneamh. I rith na bliana sholáthair an Ghníomhaireacht clár cuimsitheach gníomhaíochtaí ag tacú leis an Ultais trí raon mórimeachtaí poiblí a eagrú nó tacú leo. I measc na mbuaicphointí bhí ceolchoirm bhliantúil Oíche Burns, i gcomhar le Ceolfhoireann Uladh, a raibh an Waterfront Hall i mBéal Feirste lán dó. I measc na n-imeachtaí le ceiliúradh a dhéanamh ar chomóradh 700 bliain ó theacht na mBrúsach go hÉirinn bhí conar oidhreacht ag léiriú láithreacha tábhachtacha i bhfeachtas an Bhrúsaigh idir 1315-18 agus Féile na mBrúsach a reáchtáladh i mí na Bealtaine i gCarraig Fhearghais agus a eagraíodh i gcomhpháirt le Comhairle Aontroma Lár agus Thoir agus an Northern Ireland Environment Agency. Mheall sé seo breis is 6,000 cuairteoir.

Bíonn an obair i measc an phobail lárnach i gcónaí, ní hamháin maoiniú a thabhairt do ghrúpaí pobail le bheith ag teagasc ceoil agus rince, nó le haghaidh scoileanna samhraidh agus féilte pobail ach i réimse an chumasaithe freisin tríd an maoiniú a thugtar don Líonra Pobail Ultaise, a thacaigh le grúpaí rochtain a fháil ar mhaoiniú dar luach £500K ó raon foinsí. Lean an dea-chaidreamh oibre idir Gníomhaíochtaí an Fhorais Teanga ar aghaidh le linn na bliana mar a léiríonn an comhoibriú ar chomhthionscadail, ina measc: tionscadal Ultaise/Gaeilge a chur i gerích i 4 iar-bhunscoil imeasctha; in Ard Mhic Nasca, Sa Baile Meánach, i Loch Bricleann, agus i mBéal Feirste; seachadadh cláir chultúrtha atá gaolmhar leis sin a chuimsíonn 6 cheardlann dírithe go príomha ar theanga agus ar chultúr; agus comhoibriú leanúnach idirghníomhaireachta i dtaca le saincheisteanna rialachais agus chur chun cinn obair an Fhorais Teanga.

Tá sonraí na dtionscadal uile seo agus tuilleadh sna tuairiscí ar leith ón dá ghníomhaireacht.

Keith Gamble
CHAIRMAN
THE ULSTER-SCOTS AGENCY

Pól Ó Gallchoir
CATHAOIRLEACH
FORAS NA GAEILGE



Tuairisc Fhoras na Gaeilge

Report of Foras na Gaeilge

Contents

<i>Introduction</i>	8
Status	9
Acquisition	17
Use	20
Communication	26
Policy, Planning and Research	29

An Clár

<i>Réamhrá</i>	8
Stádas	9
Sealbhú	17
Úsáid	20
Cumarsáid	26
Polasaí, Pleanáil agus Taighde	28

Introduction

It gives me pleasure to present this Annual Report and give an account of Foras na Gaeilge's work during 2015.

This was the first full year in which the new funding arrangements for 'Lead Organisations' have been in operation. 1 July, 2014 saw the activation of the new arrangements for the core-funded sector, as approved by the North/South Ministerial Council (NSMC) at a meeting of 10 July 2013, where it was proposed that 6 specific lead organisations be funded to carry out work in the following areas of strategic importance: Irish-medium education; language-based community and economic development; language use; language awareness and youth networks. Special arrangements were made for the funding, as appropriate, of community radio through Irish in the two jurisdictions and for the work of the Áisaonad. This was done in the context of Foras na Gaeilge's statutory functions in supporting Irish-medium education and the teaching of Irish.

Another highpoint was the research report *Attitudes Towards the Irish Language on the Island of Ireland*, the first comprehensive all-island survey about this important subject to be published. The report was published jointly by the ESRI and Foras na Gaeilge while Amárach Research carried out the survey. Indeed, it was a highly productive year in terms of research. Other publications included the *Guidance Document* developed by Foras na Gaeilge staff as an aid to the new 'super councils' in Northern Ireland.

The term of the current Board came to end in December and I would like to congratulate them on their work and their dedication, especially the out-going Chairperson, Liam Ó Maolmhichíl who steered the organisation through some challenging years during which the organisation undertook substantial changes and also to Seosamh Mac Donncha* who succeeded Liam. Of course, Seosamh served for a number of years as former Chief Executive of Foras na Gaeilge and was warmly welcomed back into the organisation in his new role.

Marcas Mac Ruairí
Chairperson
Foras na Gaeilge
31 March 2016

**Seosamh Mac Donncha passed away 20 May 2016: 'laoch ar lár'.*

Réamhrá

Tá an-áthas orm an Tuarascáil Bhliantúil seo a chur in bhur láthair agus léiriú a thabhairt ar a bhfuil bainte amach ag Foras na Gaeilge le linn na bliana 2015.

Ba í seo an chéad bhliain iomlán d'fheidhmiú na socrúithe nua maoinithe do na 'Ceanneagraíochtaí'. Ó 1 Iúil 2014 tháinig na socrúithe nua maoinithe don earnáil bhunmhaoinithe i bhfeidhm faoi mar a d'fhaomh an Chomhairle Aireachta Thuaidh / Theas (CATT) dúinn ag an gcrúinniú 10 Iúil 2013 nuair a moladh go maoiníofaí 6 cheanneagraíocht ar leith le dul i mbun oibre ar na tosaíochtaí straitéiseacha seo a leanas: an t-oideachas trí mheán na Gaeilge; an Ghaeilge in oideachas trí mheán an Bhéarla; forbairt phobail agus eacnamaíochta theanga-bhunaithe; úsáid teanga; feasacht teanga, agus gréasáin óige. Rinneadh socrúithe ar leith maidir le maoiniú a chur ar fáil do raidió pobail trí Ghaeilge sa dá dhlíne agus maidir le hobair an Áisaonaid mar ba chúis, i gcomhthéacs fheidhm reachtúil Fhoras na Gaeilge i ndáil le tacú le hoideachas trí mheán na Gaeilge agus le múineadh na Gaeilge.

Buaic eile ná an tuarascáil taighde *Dearcadh an Phobail i leith na Gaeilge*, an chéad suirbhé cuimsitheach uile-oileáin faoin gceist thábhachtach seo a foilsíodh riamh. Chomhfoilsigh an ESRI agus Foras na Gaeilge an taighde seo agus ba é Amárach Research a rinne an obair suirbhéireachta. Le fírinne bliain an-rathúil a bhí ann do chúrsaí taighde agus i measc na dtorthaí eile taighde bhí *Treoircháipéis* a d'fhorbair foireann Fhoras na Gaeilge le comhairle a chur ar na hollchomhairlí nua ó thuaidh.

Tháinig deireadh le tréimhse chuid mhaith den Bhord i mí na Nollag agus ní mór a gcuid oibre agus a ndíogras a thréaslú leo, go háirithe leis an iar-Chathaoirleach Liam Ó Maolmhichíl a stiúraigh an eagraíocht ar feadh roinnt blianta dúshlánacha fad a bhí mórathruithe idir lámha ag an eagraíocht agus le Seosamh Mac Donncha* a tháinig i gcomharba air. Ar ndóigh, chaith Seosamh tréimhse blianta ina Phríomhfheidhmeannach ar Fhoras na Gaeilge roimhe seo agus fáiltíodh go mór roimhe ar ais san eagraíocht sa ról nua,

Marcas Mac Ruairí
Cathaoirleach
Foras na Gaeilge
31 Márta 2016

**Cailleadh Seosamh Mac Donncha 20 Bealtaine 2016: laoch ar lár.*

1

STATUS

To enhance the status of the Irish language

1.1 To enhance the status of Irish through co-operation and partnership

Advocacy

Conradh na Gaeilge acts as a Lead Organisation in the area of ‘Raising Awareness, Language Defence and Representation for the Language with State Authorities.

This area of work is provided for in the €883,515 grant allocated by Foras na Gaeilge to Conradh na Gaeilge and in the €1,144,770 grant allocated to Glór na nGael. We also facilitated, on a local basis, the work of individual Irish language committees throughout the island.

1.2 Providing support for the public sector

The Public Sector

In 2015 the councils in Northern Ireland underwent a restructuring. The following are the councils taking part in the current scheme (which will come to a close in September 2016):

- Derry and Strabane City & District Council
- Mid-Ulster Council
- Causeway and Glens Council

In 2015, in collaboration with Conradh na Gaeilge, a conference was organised for all the Northern councils. A wide-ranging discussion took place about councils’ responsibilities under the relevant legislation. In connection with this, Foras na Gaeilge compiled a guidance document describing the relevant legislation and giving examples of good practice. The document is available on the Foras na Gaeilge website:

<http://www.gaeilge.ie/wp-content/uploads/2015/12/Foras-A4-Council-Guidelines-Irish-Prf10.pdf>

Freagra – a Helpline for the Public Sector

Freagra is an effective way to obtain advice about common problems with terminology and phrasing. It provides a single point of contact to which members of the public can address their questions.

It should not be mistaken for a translation service – no documents or long texts are translated. Accordingly, Freagra is not in competition with professional translators. The service is provided free of charge via traditional phone calls, texting (on a mobile phone) and email.

Gaelchultúr

In 2015, Gaelchultúr was awarded a three year contract to provide Specialist Irish Language Courses for the Public Sector on an all-island basis for the

1

STÁDÁS

Stádas na Gaeilge a neartú

1.1 Cur le stádas na Gaeilge trí chomhoibriú agus trí chomhpháirtíocht

Cúrsaí Abhcóideachta

Tá Conradh na Gaeilge ag feidhmiú mar Cheanneagraíocht don réimse ‘Ardú Feasachta, Cosaint Teanga agus Ionadaíocht thar ceann na teanga le húdaráis stáit’.

Tá maoiniú san áireamh sa deontas de €883,515 a chuir Foras na Gaeilge ar fáil do Chonradh na Gaeilge don réimse seo oibre agus sa deontas de €1,144,770 a cuireadh ar fáil do Ghlór na nGael agus rinneadh éascú ar bhonn logánta le coistí Gaeilge aonarach a fud an oileáin chomh maith.

1.2 Tacaíocht a chur ar fáil don earnáil phoiblí

An Earnáil Phoiblí

Sa bhliain 2015 rinneadh athstruchtúrú ar leagan amach na gcomhairlí i dTuaisceart Éireann agus faoin scéim reatha (a chríochnóidh Meán Fómhair 2016) is iad na comhairlí a leanas atá páirteach sa scéim:

- Comhairle Cathrach Dhoire & Cheantar an tSraitha Báin
- Comhairle Lár Uladh
- Comhairle an Chabhosa agus na nGleannta

Sa bhliain 2015 réachtáladh comhdháil do na comhairlí uilig ó Thuaidh i gcomhar le Conradh na Gaeilge agus rinneadh plé leathan ar na dualgais áirithe atá ar chomhairlí faoin reachtaíocht chúí. Chuige sin chuir Foras na Gaeilge treoircháipéis i dtoll a chéile ina léirítear an reachtaíocht chúí agus samplaí den dea-chleachtas. Tá an cháipéis ar fáil ar shuíomh Fhoras na Gaeilge:

<http://www.gaeilge.ie/wp-content/uploads/2015/12/Foras-A4-Council-Guidelines-Irish-Prf10.pdf>

Freagra – Líne Chabhrach don Earnáil Phoiblí

Cuireann Freagra bealach éifeachtach ar fáil le cuidiú leo siúd a mbíonn fadhbanna comónta acu le téarmaíocht nó le nathanna cainte. Cuirtear pointe teagmhála aitheanta amháin ar fáil do na daoine seo agus don phobal i gcoitinne.

Ní seirbhís aistriúcháin atá ann - ní bhíonn cáipéisí nó téacsanna fada á n-aistriú. Mar sin, níl Freagra in iomaíocht le haistritheoirí gairmiúla. Cuirtear an tseirbhís ar fáil saor in aisce, le gnáthuimhir fóin, chomh maith le téacs (ar fón póca) agus ríomhphost.

Gaelchultúr

In 2015 bronnadh conradh trí bliana ar Ghaelchultúr le Sainchúrsaí Gaeilge don Earnáil Phoiblí a sholáthar ar bhonn oileánda don tréimhse 2015-2018

period 2015-2018 under the Scheme for Specialist Irish Language Courses for the Public Sector 2015-2018.

Gaelchultúr and FETAC

In November 2011, Gaelchultúr was recognised by the Further Education and Training Awards Council (FETAC) as a provider of Irish language courses. Certificates at the following levels have been offered by Gaelchultúr since September 2015:

- Certificate in Professional Irish for the Public Sector – Level 3
- Certificate in Professional Irish for the Public Sector – Level 4
- Certificate in Professional Irish for the Public Sector – Level 5
- Certificate in Professional Irish for the Public Sector – Level 6

1.3 Providing support for the translation sector and enhancing professionalism in the sector

The Translation Sector

Aistear

The main aim of the website www.aistear.ie is to provide training activities and resources for translators, editors and all those engaged in writing Irish. Among the highlights of a successful year for Aistear in 2015 were the following:

- Publication of the book *Cruinneas (Cois Life)*
- In collaboration with the National Council for Curriculum and Assessment, producing a resource on dialect and standard Irish for post-primary teachers
- An ongoing increase in visits to the website from month to month.

1.4 Supporting greater awareness of the Irish language in the private sector

The ‘GNÓ Means Business’ Awareness Campaign

This awareness campaign on the value and function of Irish in the private business sector continued. The relevant section of the Foras website, www.gaeilge.ie/gno, was expanded as a central source of information and during 2015 the number of research documents available electronically increased significantly, as did the number of case studies from the business sector and the number of images on the Business Archive (www.gaeilge.ie/cartlann).

Three short videos on the use of Irish in Small and Medium-Sized Firms and in the business sector in general were produced. These can be viewed on Foras na Gaeilge’s YouTube channel [YouTube an Fhorais](#):

Advisory, translation and proof-reading services were provided for business people, particularly during Seachtain na Gaeilge. Among those availing of the services were CitiBank, the Irish Hospitality Institute, Gnó Mhaigh Eo, and the Chambers of Commerce.

An information service focussed on the use of Irish in the business sector was made available in the form of tweets: ([@gnoasgaeilge](https://www.twitter.com/gnoasgaeilge)). It had over 900 followers by the end of the year.

faoin Scéim do Sholáthróirí Sainchúrsaí Gaeilge don Earnáil Phoiblí 2015 – 2018.

Gaelchultúr agus FETAC

Bhain Gaelchultúr amach stádas mar sholáthraí cúrsaí Gaeilge ó Chomhairle na nDámhachtainí Breisoideachais agus Oiliúna (FETAC) i mí na Samhna 2011. Seo iad na leibhéil atá á dtairiscint ag Gaelchultúr ó Mheán Fómhair 2015 ar aghaidh:

- Teastas sa Ghaeilge Ghairmiúil don Earnáil Phoiblí – Leibhéal 3
- Teastas sa Ghaeilge Ghairmiúil don Earnáil Phoiblí – Leibhéal 4
- Teastas sa Ghaeilge Ghairmiúil don Earnáil Phoiblí – Leibhéal 5
- Teastas sa Ghaeilge Ghairmiúil don Earnáil Phoiblí – Leibhéal 6

1.3 Tacaíocht a chur ar fáil d’earnáil an aistriúcháin agus cur le gairmiúlacht na hearnála

Earnáil an Aistriúcháin

Aistear

Is é príomhaidhm www.aistear.ie ná oiliúint agus acmhainní a chur ar fáil d’aistritheoirí, d’eagarthóirí agus do dhaoine a bhíonn ag plé leis an nGaeilge scríofa. Rinne Aistear dul chun cinn suntasach le linn 2015. I measc na bpríomhphointí bhí:

- Foilsiú an leabhar *Cruinneas (Cois Life)*
- Pacáiste feasachta i dtaobh canúna agus caighdeán a ullmhú do mhuinteoirí iar-bhunscoile ullmhaithe ag Aistear i gcomhpháirtíocht leis an gComhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta
- Méadú tagtha ar an líon a thugann cuairt ar shuíomh Aistear gach mí.

1.4 Tacú le hardú feasachta Gaeilge san earnáil phríobháideach

Feachtas Feasachta ‘GNÓ Means Business’

Leanadh den fheachtas feasachta ar luach agus ar fheidhm na Gaeilge i gcomhthéacs na hearnála gnó príobháidí. Rinneadh iomlánú ar an sain-rannán www.gaeilge.ie/gno mar lárfhoinse eolais agus le linn 2015 cuireadh le líon na gcáipéisí taighde atá ar fáil go leictreonach, líon na gcás-staidéar ón earnáil ghnó agus líon na n-íomhánna sa Chartlann Ghnó (www.gaeilge.ie/cartlann).

Léiríodh trí fhíseán gearra dírithe ar úsáid na Gaeilge i bhFiontair Bheaga agus Mheánmhéide agus san earnáil ghnó i gcoitinne – tá siad ar fáil le feiceáil ar chainéal [YouTube an Fhorais](https://www.youtube.com/channel/UC...):

Cuireadh seirbhísí comhairle, aistriúcháin agus profléitheoireachta ar fáil don lucht gnó, go háirithe mar chuid de cheiliúradh Sheachtain na Gaeilge, ina measc: CitiBank; Irish Hospitality Institute; Gnó Mhaigh Eo; agus na Cumainn Tráchtála Gnó.

Soláthraíodh seirbhís eolais i bhfoirm tvúiteanna dírithe ar úsáid na Gaeilge i gcomhthéacs na hearnála gnó: ([@gnoasgaeilge](https://www.twitter.com/gnoasgaeilge)) ag a raibh breis agus 900 leantóir aige ag deireadh na bliana.

I measc na dtionscadal urraíochta gnó bhí: *All-Ireland Marketing Awards 2015* i mBealtaine le TG4 mar bhuaiteoir Gnó le Gaeilge agus *ShelfLife C-*

Business sponsorship projects included *The All-Ireland Marketing Awards 2015* in May, in which TG4 won the Irish Language in Business award. The award for Irish Language in Retail offered in *The ShelfLife C-Store Awards 2015* was won by Durkin's Costcutter (Baile na hAbhann).

Support Resources for Business

31 specific support resources for the business sector were developed and provided free of charge through the self-ordering service on the website at www.gaeilge.ie/ordu and as part of a supports package containing a selection of stickers, emblems, leaflets and other support materials to enhance the visibility of Irish in business settings. 87 orders were handled and almost 35,000 resources supplied to businesses throughout the island during 2015.

Business Support Scheme

With a budget of €79,000, some 76 businesses in 22 counties took part in the scheme which saw the development of signage, stationery, printed marketing materials, websites and other branding materials using correct, precise Irish alongside English. This matching funds scheme succeeded in attracting matching investment from applicants towards these Irish language initiatives.

Irish in Business Q-Mark

The *Irish in Business Q-Mark* has been registered in the patents offices of the United Kingdom and Ireland as a quality assurance mark for business-based bilingualism in the two jurisdictions. A company has been appointed to develop the initiative and preparations have been made for a pilot scheme aimed at attaining *ISO standard 9001* for the process before the Q-Mark is opened to applicants in 2016.

1.5 Operation and monitoring of the new structures for partnership with the Lead Organisations

Foras na Gaeilge awarded grants worth €4.9m to 6 Lead Organisations: (Gael Linn, Conradh na Gaeilge; Glór na nGael, Gaeloideachas; Cumann na bhFiann; and Oireachtas na Gaeilge).

Foras na Gaeilge chaired 6 meetings of the Partnership Forum (which is made up of CEOs or senior officers of the 6 Lead Organisations, the chair of the All-Island Language Development Forum and senior officers of Foras na Gaeilge). There were 3 meetings of the All-Island Language Development Forum.

A series of partnership initiatives was agreed between the 6 Lead Organisations: Rith 2016; Ravelóid 2016; Oireachtas Cheanada; A Family Room at the November Oireachtas Festival; an Irish language Tent at the Ploughing Championships; Agreed Demands for the Irish Language to place before Government; Road Races; a Golf Competition at the Oireachtas festival; Culture Night; Seléip na Gaelscolaíochta; Awareness Campaigns on Irish medium education and the Gaelbhratach campaign.

Store Awards 2015 le Durkin's Costcutter (Baile na hAbhann) mar bhuaiteoir ar Ghradam Gnó na Miondíola Gaeilge.

Áiseanna Tacaíochta Gnó

Tá 31 sain-áis tacaíochta don earnáil ghnó forbartha agus ar fáil saor in aisce ón chóras féin-ordaithe, www.gaeilge.ie/ordu, agus mar chuid den phacáiste tacaíochta ina bhfuil rogha de chomharthaí féinghreamaitheacha, suaitheantais, bileoga agus earraí tacaíochta eile chun cur le hinfheictheacht na Gaeilge i dtimpeallacht gnó. Déileáladh le 87 ordú ina raibh breis agus 35,000 áis curtha ar fáil do ghnólachtaí ar fad ar fud an oileáin le linn 2015.

Scéim Tacaíochta Gnó

Le buiséad de €79,000 bhí 76 gnólacht páirteach sa scéim trínar forbraíodh comharthaíocht, stáiseanóireacht, ábhair mhargaíochta chlóite, suímh gréasáin agus ábhair bhrandála eile agus Gaeilge chruinn in úsáid ar bhonn dátheangach i 22 contae. Mar scéim mhaoinithe meaitseála, d'éirigh le luach infheistíochta den méid chéanna a mhealladh ó na hiarratasóirí ar son na bhforbairtí Gaeilge seo.

Q-Mharc Gnó le Gaeilge

Tá an marc deimhniúcháin *Q-Mharc Gnó le Gaeilge*, cláraithe sa Ríocht Aontaithe agus in Éirinn le h Oifigi na bPaitinní faighte sa da dhlínse dírithe ar úsáid an dátheangachais san earnáil ghnó. Tá comhlacht ceaptha le tabhairt faoin suíomh nua gréasáin a fhorbairt don togra agus ullmhúchán déanta le scéim phiólótach a reáchtáil le *cáilíocht ISO 9001* a bhaint amach don phróiseas sula ndéantar an Q-Mharc a oscailt go forleathan d'iarrthóirí in 2016.

1.5 Na struchtúir úra chomhpháirtíochta leis na Ceanneagraíochtaí a fheidhmiú agus monatóireacht a dhéanamh orthu

Chuir Foras na Gaeilge deontais ar luach €4.9m ar fáil do na 6 Cheanneagraíocht: (Gael Linn, Conradh na Gaeilge; Glór na nGael, Gaeloideachas; Cumann na bhFiann; agus Oireachtas na Gaeilge).

Rinne Foras na Gaeilge cathaoirleacht ar 6 chruinniú den Fhóram Comhpháirtíochta (atá comhdhéanta de Phríomhoifigigh nó oifigigh shinsearacha ó na 6 Cheanneagraíocht, Chathaoirleach an Fhórait Forbartha Teanga Uile-Oileáin agus d'Oifigigh Shinsearacha Foras an Gaeilge). Bhí 3 chruinniú den Fhóram Forbartha Teanga Uile-Oileáin ann.

Aontaíodh ar shraith de thograí comhpháirtíochta idir na 6 Cheanneagraíocht: Rith 2016; Ravelóid 2016; Oireachtas Cheanada; Seomra Teaghlaigh ag Oireachtas na Samhna; Puball na Gaeilge ag an gComórtas Treabhadóireacha; Éilimh Chomhaontaithe d'Earnáil na Gaeilge ar an Rialtas; Rásaí Bóthair; Comórtas Gailf an Oireachtais; Oíche Chultúir; Scléip na Gaelscolaíochta; Feachtais Feasachta ar an nGaelscolaíocht; agus Gaelbhrtach.

1.6 Enhancing the status of Irish among young people

In 2015, Foras na Gaeilge gave a €120,000 grant to Gael Linn towards **Gaelbhhratach**, a project designed to promote spoken Irish in schools and primary and post-primary levels.

The Taoiseach, Enda Kenny, presented their Gaelbhhratach awards to successful schools at an awards ceremony in McKee Barracks Thursday, 23 April 2015. Over 40 schools were in attendance, bringing hundreds of pupils from primary and post-primary schools throughout the island.

It is estimated that 50 primary schools will participate in the scheme in 2015/2016, with 14,000 pupils and 654 teachers involved. A pilot Gaelbhhratach scheme for Irish medium schools is in preparation. Gael Linn anticipate that 63 schools at post-primary level will take part in the 2015/2016 school year, with the active involvement of 25,000 pupils and 315 teachers.

1.7 Enhancing the status of Irish in the community

Líofa

Foras na Gaeilge supported the **Líofa** in Northern Ireland by providing the public with information and by urging recipients to register with **Líofa**. Foras na Gaeilge provided 10,000 licences for beginners, allowing them to register with www.ranganna.com, and funding was made available for them to purchase licences for resources linked to *Now You're Talking* on the website.

Advocacy

Conradh na Gaeilge acts as Lead Organisation in the area 'Raising Awareness, Language Defence and Representation for the Language with State Authorities. The beginning of October saw the official launch of *The All-Ireland Investment Plan for Irish*.

Foras na Gaeilge took part in the working group on the Irish language place-name database for *EirCode*. Discussions about the working group's proposals are ongoing with the Department of Communication, Energy and Natural Resources.

The Drama Companies Scheme 2015

This scheme focuses on Irish language drama companies which aim to foster, develop and provide theatre in Irish to the arts sector, the Irish language community, the general public and the education sector.

Funding was provided to the following groups through the scheme: Ababú; Aisteoirí an Lóchrainn; Axis; Branar; Cumann Drámaíochta Bulfin; Downtcha Puppets; Fíbin; Graffiti; Guthanna Binne Sioraí; Little Wolf Productions; Moonfish Theatre Company; Mouth on Fire Theatre Company; Pobal ar an Iúl.

Festivals Scheme 2015

This scheme focusses on festivals that have as an integral aim the fostering and promotion of the Irish language arts, traditional arts and the heritage of the Irish language and who work either bilingually or through the medium of Irish to showcase those arts to the general public in Ireland and/or

1.6 Stádas na Gaeilge a ardú i measc daoine óga

Chuir Foras na Gaeilge deontas ar luach €120,000 ar fáil in 2015 do Ghael Linn don tionscadal ‘**Gaelbhratach**, dírithe ar chur chun cinn na Gaeilge labhartha i scoileanna ag an mbunleibhéal agus ag an iar-bhunleibhéal.

Bhronn an Taoiseach, Enda Kenny, gradaim Gaelbhratach ar na scoileanna rathúla ag ócáid bhronnta i mBeairicí Mhic Aoidh ar an Déardaoin 23ú Aibreán 2015 ina raibh breis agus 40 scoil agus na céadta dalta ó bhunscoileanna agus ó mheánscoileanna ó cheann ceann an oileáin i láthair.

Meastar go mbeidh 50 bunscoil rannpháirteach sa scéim i 2015/2016 le 14,000 páiste agus 654 múinteoir páirteach ann. Faoi láthair tá scéim phíolótach do ghaelscoileanna mar chuid do Ghaelbhratach. Tá Gael Linn ag tuar go mbeidh 63 scoil ag an iar-bhunleibhéal páirteach sa scoilbhliain 2015/2016 le 25,000 dalta agus 315 múinteoir rannpháirteach sa tionscadal.

1.7 Stádas na Gaeilge a ardú i measc an phobail

Líofa

Thacaigh Foras na Gaeilge leis an tionscadal **Líofa** i dTuaisceart Éireann trí eolas a chur ar fáil don phobal agus le deontaithe a spreagadh chun clárú le **Líofa**. Chuir Foras na Gaeilge 10,000 ceadúnas do bhunfhoghlaimoirí le clárú le www.ranganna.com, agus cuireadh maoiniú ar fáil le ceadúnas a cheannach do sholáthar áiseanna *Now you're Talking* d'fhoghlaimoirí ar an suíomh.

Cúrsaí Abhcóideachta

Tá Conradh na Gaeilge ag feidhmiú mar Cheanneagraíocht don réimse ‘Ardú Feasachta, Cosaint Teanga agus Ionadaíocht thar ceann na teanga le húdaráis stáit’ agus rinneadh seoladh oifigiúil *de Plean Infheistiachta Uile-Oileánda don Ghaeilge* ag tús mhí Dheireadh Fómhair.

Bhí Foras na Gaeilge páirteach sa mheitheal ar iomlánú bhunachar logainmneacha Gaeilge do *EirCode* agus tá plé fós ar siúl leis an Roinn Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha maidir le moltaí na meithle.

Scéim na gComplachtaí Drámaíochta 2015

Díríonn an scéim seo ar Chomplachtaí Drámaíochta Gaeilge a bhfuil mar aidhm acu drámaíocht na Gaeilge a chothú, a fhorbairt, agus a chur ar fáil d’earnáil na n-ealaíon, do phobal na Gaeilge, don mhórphobal, agus don earnáil oideachais.

De thoradh na scéime, cuireadh maoiniú ar fáil do na Complachtaí seo a leanas: Ababú; Aisteoirí an Lóchrainn; Axis; Branar; Cumann Drámaíochta Bulfin; Downtcha Puppets; Fibín; Graffiti; Guthanna Binne Sioraí; Little Wolf Productions; Moonfish Theatre Company; Mouth on Fire Theatre Company; Pobal ar an Iúl.

Scéim na bhFéilte 2015

Díríonn an scéim seo ar fhéilte a bhfuil mar aidhm acu na healaíona Gaeilge, na healaíona dúchasacha agus oidhreacht na Gaeilge a chothú agus a chur chun cinn trí mheán na Gaeilge nó go dátheangach, mar dhlúthchuid den bhféile, agus ardán a chur ar fáil go hidirnáisiúnta, do phobal na Gaeilge, don

internationally. As a result of the scheme, funding was provided for the following:

Alliance Francaise
Acadamh Ceol Chaoimhín Uí Dhochartaigh
An Comhlachas Náisiúnta Drámaíochta (National
Drama Festival)
An tSean-Bheairic
Áras Éanna
An Droichead
Baboró
Ballintogher Festival
Consairtín
Cáirde Uí Néill
Ceoltaí Éireann
Club Óige Ranna Feirste
Coiste Traid Phicnic
Craobh na hÉireann den Chomhdháil Cheilteach
Croí Éanna
Cumann Scoildrámaíochta
Carnogher Community Association
Féile an Fhómhair
Féile na Bealtaine
Féile na hInse
Féile na Locha
Fingal Film Festival
Galway Fringe
Glór na Móna
Ionad Ealaíon Iorras
Musical Heritage Group
Pobal ar an Iúl
Seosamh Mac Gabhann Summer School
Willie Clancy Summer School
Scoildrámaíocht an Chláir
Sean-Nós Cois Life (Dublin)
Siamsa Sráide
University of Limerick
Westport Arts

Films/ Workshops/ Arrangements/ CDs/ Publications

Films

Funding was made available to An Lár TV to produce a mini-series of Irish language programmes on the culture and heritage of Ireland. It was recorded at locations throughout the island and broadcast on-line in Ireland and on channels in the United States of America.

Funding was made available to Cartoon Saloon to produce an Irish language version of the Oscar-nominated *Sea Story* and to promote it throughout the island. This was a highly successful project.

Little Cinema Galway put together an excellent exhibition on Irish language films with the aims of encouraging people to make films in the language and to give Irish language film makers an opportunity to share their work with the public.

In March 2015 the Irish Theatre Institute celebrated the 50th anniversary of the first production of *An Triail* by Mairéad Ní Ghráda. The celebration has three aspects: bilingual readings in the *Project Arts Centre*; a discussion

mhórfhobal agus d'earnáil na n-ealaíon. De thoradh na scéime cuireadh maoiniú ar fáil do na féilte seo a leanas:

Alliance Francaise
Acadamh Ceol Chaoimhín Uí Dhocharthaigh
An Comhlachas Náisiúnta Dramaíochta (Féile Náisiúnta Drámaíochta)
An tSean-Bhearaic
Áras Éanna
An Droichead
Baboró
Ballintogher Festival
Consairtín
Cáirde Uí Néill
Ceoltaí Éireann
Club Óige Ranna Feirste
Coiste Traid Phicnic
Craobh na hÉireann den Chomhdháil Cheilteach
Croí Éanna
Cumann Scoil Drámaíochta
Carnogher Community Association
Féile an Fhómhair
Féile na Bealtaine
Féile na hInse
Féile na Locha
Fingal Film Festival
Galway Fringe
Glór na Móna
Ionad Ealaíona Iorras
Musical Heritage Group
Pobal ar an Iúl
Seosamh Mac Gabhann Summer School
Scoil Samhraidh Willie Clancy
Scoildramaíochta an Chláir
Sean-Nós Cois Life (BÁC)
Siamsa Sráide
University of Limerick (Ollscoil Luimnigh)
Westport Arts

Scannáin/ Ceardlanna/ Córacha/ Dlúthdhioscaí / Foilseacháin

Scannáin

Cuireadh maoiniú ar fáil do An Lár TV chun mion-sraith de chláir Gaeilge, bunaithe ar chultúr agus oidhreacht na hÉireann, a thairfeadh ar fud an oileáin agus a chraoladh ar líne in Éirinn agus ar chainéil sna Stáit Aontaithe.

Cuireadh maoiniú ar fáil do Cartoon Saloon chun aird a tharraingt ar an nGaeilge tríd leagan Gaeilge den scannán Amhrán na Mara (a bhí ainmnithe le haghaidh gradam Oscar) a chur chun cinn ar fud an oileáin, d'éirigh go han-mhaith leis seo.

Chuir Little Cinema Galway sár thaispeántas Scannán Gaeilge le chéile chun daoine a spreagadh le scannán Gaeilge a chruthú, agus deis a thabhairt do scannánóirí Gaeilge a gcuid saothar a chur os comhair an phobail dá bharr.

I mí Márta 2015 d'eagraigh an Irish Theatre Institute comóradh 50 bliain ar chéad léiriú *An Triail* le Máiréad Ní Ghráda. Trí pháirt a bhain leis an gceiliúradh seo: léamh cleachtaithe dátheangach sa *Project Arts Centre*; plé painéil ar an ndrámá agus ar an ndrámadóir, agus ar an gcomhthéacs staire

panel on the play and the dramatist, the historical and theatrical context in which she worked and a micro-website containing a wide range of multimedia resources about *An Triail*, including photographs, historical documents, interviews and short films.

Film Directors' Award

In conjunction with Foras na Gaeilge, the Screen Directors Guild of Ireland offered an award in recognition of the film directors who best promoted the Irish language during the year. This year's award went to Darach Mac Con Iomaire for his excellent work as a film director working in Irish.

Workshops

Funding was made available to Coimicí Gael to organise comic and drawing workshops through Irish for young people between the ages of 8 and 18, particularly in schools and libraries across the island. Colette Nic Aodha organised a writing workshop in Galway city over a three month period. Workshops in theatre and short film were organised for young people and for adults in North Wexford. As well as encouraging people to practice their Irish, the workshops focussed on practical work and puppetry. Scríbhneoirí Chiarraí organised three one-day workshops and four lectures for writers and those wishing to become Irish language writers. Funding was given to Nuala Ní Fhlathúin to help promote Irish in the visual arts through the website www.nuaealain.wordpress.com.

Conferences/Lectures

Assistance was given to the University of Maynooth to organise the 2015 Léachtaí Cholm Cille around the theme 'The Irish Language Writer and His/Her Time'. The discussion ranged over different cultures and language contexts and the literature produced since the time of the Language Revival.

UCD's Léann na Gaeilge organised a public lecture in honour of the writer Máirtín Ó Cadhain, an annual event focussed on academic subjects related to Modern Irish.

Choirs

Assistance was given to Cór Chois Fharráige and to Cór Duibhlinne in order to bring adults together in all-Irish choirs with the aim of fostering and promoting the language at various events throughout the island through the medium of Irish language song.

CDs

Funding was made available to Guthanna Binne Síoraí to write a CD collection of poems on the theme of the 1916 Easter Rising, to record other poems from the period and to publish them in bilingual format. Funding was made available to Mark Lynch to record songs based on the works of Seán Ó Riordáin and to release the collection online and on a CD entitled 'An Bóthar'.

Publications

Funding was made available to Dunargus Press to launch a collection of blessings and sayings and to celebrate the great contribution made by artists in underlining the value of the Irish language. John Quigley created artwork to illustrate the collection of blessings. This was a project designed to share

agus amharclannaíochta as a dtáinig sí agus micreashuíomh idirlín ar a bhfuil réimse leathan d'acmhainní ilmheáin ar fáil faoin *Triail*, idir griangrafanna, cáipéisí stairiúla, agallaimh agus gearrscannáin.

Gradam do Stiúrthóirí Scannán

I gcomhar le Foras na Gaeilge bhronn Screen Directors Guild of Ireland gradam a thugann aitheantas do Stiúrthóirí scannán is fearr a chuireann an Ghaeilge chun cinn i rith na bliana. Bronnadh an Gradam i mbliana ar Dharach Mac Con Iomaire as an sáróbair atá déanta aige mar stiúrthóir scannán i nGaeilge.

Ceardlanna

Cuireadh maoiniú ar fáil do Choimicí Gael chun ceardlanna greannáin agus líníochta a réachtáil trí Ghaeilge do dhaoine óga idir 8 agus 18 bliana d'aois, go príomha i scoileanna agus leabharlanna in áiteanna éagsúla ar fud an oileáin. D'eagraigh Colette Nic Aodha ceardlanna scríbhneoireachta i gCathair na Gaillimhe thar tréimhse trí mí. Cuireadh ceardlanna taispeántais amharclainne agus ceardlanna gearrscannáin do dhaoine óga agus do dhaoine fásta ar siúl i dTuaisceart Loch Garman trí mheán na n-ealaíon agus le hobair phraiticiúil ar dhéanamh agus láimhseáil puipead chomh maith le labhairt na teanga a chleachtadh le linn na gceardlann. D'eagraigh Scríbhneoirí Chiarraí trí cheardlann lae agus ceithre léacht Ghaeilge do scríbhneoirí agus d'ábhair scríbhneoirí Gaeilge.

Tugadh maoiniú do Nuala Ní Fhlathúin chun na hamharcealaíona Gaeilge a chur chun cinn trí forbairt a dhéanamh ar an suíomh amharcealaíne www.nuaealín.wordpress.com.

Comhdhála/Léachtaí

Tugadh cuidiú d'Ollscoil Má Nuad chun Comhdháil Léachtaí Cholm Cille 2015 a réachtáil faoin téama 'An Scríbhneoir Gaeilge agus Saol a Linne'. Mar chuid den clár bhí timpeallachtaí agus comhthéacsanna éagsúla teanga, cultúir agus litríochta á bplé ó aimsir na hAthbheochana i leith.

D'eagraigh Léann na Gaeilge UCD léacht phoiblí in ómós don scríbhneoir Máirtín Ó Cadhain a dhírigh ar léann acadúil na Nua-Ghaeilge.

Cóir

D’eagraigh an Four Corners Festival oíche ar Cheol na Salm Gàidhlig le Luchd Seinn nan Salm as Eilean Leòdhais, i gCearnóg Skainos in Oirthear Bhéal Feirste. Bhí os cionn 200 i láthair agus ghnóthaigh an ócáid poiblíocht fhorleathan.

Éascaíocht:

Cuireadh seirbhís éascaíochta ar fáil d’iarrthóirí agus deontaithe le páirtithe in Éirinn agus Albain a aimsiú, agus le cabhrú le forbairt tionscadail idir Éire agus Albain.

3.6 Supporting the Use of Irish in Various Domains

3.7 Supporting the use of Irish in the media and multi-media

On-line Newspaper Scheme

A 4 year grant worth €1.6 million was awarded to www.tuairisc.ie, the successful applicant under this scheme. The online newspaper was published weekly throughout 2015 and had attracted a readership over 200,000 by end of year.

Lifestyle Magazine Scheme

www.NOS.ie was the successful applicant under this scheme, which involved the publication of a lifestyle magazine. Monthly editions appeared throughout 2015 and had attracted over 50,000 readers by end of the year. In addition, the *Nós Muisc Awards 2015* were organised under the auspices of the magazine.

Irish Language Magazine Scheme

Comhar was the successful applicant in this scheme designed to provide a publication on Irish language matters. 12 editions of the relaunched magazine from the beginning of 2015 and a 25% increase in sales was achieved by the end of the year, as well as the launch of a new peer-reviewed periodical, *COMHARTaighde*.



Representatives from St. Michael's Community College, Co. Clare being presented with the award for Best Website for gaelgelecheile.weebly.com by Damhnait Digan (centre) from Foras na Gaeilge.

Ionadaithe ó Phobalscoil N. Micheál, Co. an Chabháin ag glacadh le gradam ar an Suíomh is Fearr do gaelgelecheile.weebly.com ó Dhamhnait Digan (sa lár) ó Fhoras na Gaeilge.

3.6-7 Tacú le hÚsáid na Gaeilge i réimsí éagsúla, sna meáin agus sna hilmheáin

Scéim Nuachtán Ar Líne

Mar iarratasóir rathúil ar an scéim seo, tá deontas 4 bliana de luach €1.6 milliún ceadathe do www.tuairisc.ie. Foilsíodh an nuachtán ar líne go seachtainiúil le linn 2015 agus léigh os cionn 200,000 duine é go deireadh na bliana.

Scéim Iris Stílmhaireachtála

Bhí www.NOS.ie mar iarratasóir rathúil leis an scéim seo chun gné-iris ar líne a fhoilsiú. Foilsíodh eagrán mhíosúla le linn 2015 agus bhí os cionn 50,000 úsáideoir aige anuas go deireadh na bliana. Eagraíodh *Gradaim Cheoil NÓS 2015* faoi scáth na hirise ar líne chomh maith.

Scéim Iris Ghaeilge

Bhí [Comhar](http://www.comhar.ie) mar iarratasóir rathúil leis an scéim seo chun foilseachán ar ábhar Gaeilge a fhoilsiú. Foilsíodh 12 eagrán den iris athsheolta ó thús 2015 agus bhí ardú de 25% tagtha ar an díolachán faoi dheireadh na bliana mar aon le tréimhseachán nua piarmheastóireachta, *COMHARTaighde*, bheith seolta.

The image shows a screenshot of the Tuairisc.ie website. At the top, the site's name 'Tuairisc.ie' is displayed in a dark blue header. Below the header is a navigation menu with links for 'Nuacht', 'Tuairimíocht', 'Spórt', 'Cultúr', 'Saol', 'Pobal', and 'Foghlaim'. The main content area features a news article titled 'Géarleanúint na bhfeor homaighnéasacha sa tSeisnia' by Diarmuid Johnson, dated 'Dé Inniu, Aibreán 10 2017'. The article text includes: 'Tá drochmheas ar an homaighnéasacht i gcultúr na Rúise, ach ní dhéantar géarleanúint ná céasadh ar dhaoine aeracha ansin go rialta'. To the right of the article is a large image of a rainbow flag waving against a blue sky. Below the article and image is the 'Comhar' logo in a large, bold, serif font. Underneath the logo is a navigation menu with links for 'Comhar', 'LeabhairCOMHAR', 'COMHARtaighde', 'COMHARÓg', and 'Parabóil'. The bottom section of the screenshot displays a grid of various 'Comhar' magazine covers, including one titled 'Scoth na scribhneoireachta' and another featuring a portrait of a man. Below the grid are four individual magazine covers: 'NÓS' featuring a man in sunglasses, 'NÓS' featuring a person in a desert landscape, 'NÓS' featuring a rainbow flag, and 'NÓS' featuring a man in a black t-shirt.

4

COMMUNICATION

To communicate effectively with interested parties and to promote the effective marketing of the Irish language throughout the island of Ireland

4.1 Placing the Irish language in the public eye

Media

Foras na Gaeilge was in regular contact with the Irish language and English language media during 2015. Representatives were made available for radio, television and newspaper interviews and press statements were issued regularly. Keeping the public informed about projects, news and other activities is a very important aspect of Foras na Gaeilge's work.

Communication plans were acted upon in order to share important information about the Irish language with the media and to discuss relevant questions with the interested parties. See, for example, the results of the research report 'Public Attitudes Towards the Irish Language', published by the Economic and Social Research Institute.

The print media remains a powerful marketing tool and provide highly valuable opportunities to propagate our messages and materials widely, not only among the Irish-speaking community but among the entire population of the island. Once again, sponsorship was given to the *Sult* in partnership with *The Irish Daily Mail*.

To kick off the 1916–2016 Commemoration Programme, Foras na Gaeilge commissioned a series of articles on the link between the Irish language and Irish identity. The authors described how valuable the Irish language is to them and how embedded the language is in their own identity. Authors included Mary McAleese, the former President of Ireland; Linda Ervine; Bernard Dunne; Páidí Ó Lionáird; Dónall Ó Braonáin and Jen Ní Mhathúna. The columns attracted quite a lot of attention on social media and inspired an open discussion on identity and language.

Information Stands

Foras na Gaeilge had information stalls at a wide range of events this year, including: Fleadh Cheoil na hÉireann, the Ploughing Championships, the Gaeloideachas conference, Irish Language Vocations Day, Tóstal na bhFiann and the November Oireachtas festival.

Sponsorship Programme

Foras na Gaeilge was glad to provide sponsorship for a wide range of projects. Some standout examples include: Gaelspraoi – Saint Patrick's Day Festival, Irish language events during Fleadh Cheoil na hÉireann, 'Gaeilge Tamagotchi' with Manchán Magan and the Union of Students in Ireland.

Sponsorship was given to a wide range of awards in recognition of best practice in Irish in various domains. Among the awards was: *Smedias* – awards for students who excel in the media, the *Eir Spiders Awards* which recognise the best Irish language websites, along with the *Junior Eir Spiders* for young people who create blogs and websites through Irish, The Irish Blog

4 CUMARSÁID

Cumarsáid éifeachtach a dhéanamh le páirtithe leasmhara agus margáiocht éifeachtach na Gaeilge ar fud oileán na hÉireann a chur chun cinn

4.1 Aird an phobail a tharraingt ar an nGaeilge

Na Meáin

Bhí teagmháil rialta ag Foras na Gaeilge leis na meáin Ghaeilge agus Bhéarla le linn 2015. Cuireadh ionadaithe ar fáil d'agallaimh raidió, teilifíse agus nuachtáin agus eisíodh preasráitis ar bhonn leanúnach. Is gné an-tábhachtach í seo d'obair Fhoras na Gaeilge leis an bpobal a choimeád ar an eolas maidir le tionscadail, nuacht agus gníomhaíochtaí eile.

Cuireadh pleananna cumarsáide i bhfeidhm le heolas tábhachtach faoin nGaeilge a roinnt leis na meáin agus le ceisteanna ábhartha a chíoradh le páirtithe leasmhara. Ina measc bhí na torthaí a d'eascair as an tuarascáil taighde *Dearcadh an Phobail i leith na Gaeilge* a d'fhoilsigh an Institiúid Taighde Eacnamaíochta agus Sóisialta.

Is uirlis iontach láidir margáiochta iad na meáin chlóite i gcónaí. Tugann na meáin seo deis luachmhar dúinn ábhar agus teachtaireachtaí a scaipeadh go forleathan, ní hamháin i measc phobal na Gaeilge ach i measc phobal uile an oileáin. Rinneadh urraíocht arís ar an iris *Sult* i gcomhar leis an nuachtán *The Irish Daily Mail*.

Le tús a chur le Clár Comórtha 1916-2016 Fhoras na Gaeilge rinneadh coimisiúnú ar shraith colún d'fhonn plé a spreagadh ar an dlúthcheangal idir an nGaeilge agus ceist na féiniúlachta Éireannaí. Thug údair na gcolún cuntas ar a luachmhaire is atá an Ghaeilge dóibh agus conas atá an Ghaeilge frémhaithe go domhain ina bhféiniúlacht. I measc na n-údar bhí iar-Uachtarán na hÉireann, Máire Mhic Ghiolla Íosa, Linda Ervine, Bernard Dunne, Páidí Ó Lionáird, Dónall Ó Braonáin agus Jen Ní Mhathúna. Mheall na colúin cuid mhaith poiblíochta ar na meáin shóisialta spreag siad comhrá oscailte ar chúrsaí féiniúlachta agus teanga.

Seastáin Eolais

Bhí seastáin eolais ag Foras na Gaeilge ag raon leathan ócáidí i mbliana agus ina measc bhí; Fleadh Cheoil na hÉireann, An Comórtas Treabhdóireachta, Comhdháil Ghaeloideachas, Lá Gairmeacha Gaeilge, Tóstal na bhFiann agus Oireachtas na Samhna.

Clár Urraíochta

Bhí áthas ar Fhoras na Gaeilge urraíocht a chur ar fáil do raon leathan tionscadal agus i measc na bpríomhthionscadal bhí; Gaelspraoi – Féile Lá le Pádraig, Imeachtaí Gaeilge le linn Fleadh Cheoil na hÉireann, 'Gaeilge Tamagotchi' le Manchán Magan agus Aontas na Mac Léinn in Éirinn.

Rinneadh urraíocht ar raon leathan gradam le haitheantas a thabhairt don sárchleachtas trí Ghaeilge i réimsí difriúla. I measc na ngradam bhí; *Smedias* - Gradaim do mhic léinn a léirigh sármhaitheas i réimse na meán, Gradaim *Eir Spiders*, a thug aitheantas do na suímh ghréasáin Gaeilge ab fhearr,

Awards, the Aisling Awards, the Irish Marketing Awards and the Irish Law Awards.

Launches

TG4's Eimear Ní Chonaola launched the new app for The New English-Irish Dictionary at the November Oireachtas Festival. The app allows users to use the dictionary on their mobile phones or on tablets without being connected to the Internet. This is the first of a series of dictionary apps planned by Foras na Gaeilge as part of its strategy to ensure that the most modern and comprehensive dictionary resources are available in Irish.

More information about the app is available here:

<http://www.focloir.ie/ga/page/app.html>.

The Language Commissioner, Rónán Ó Domhnaill, launched a Research Report on New Speakers of Irish on Friday, 30 October, at the November Oireachtas Festival at Citywest, Dublin. Further details about this project are given in the section about research matters later in this report.

BEO Competition 2015

This project is run in cooperation with Údarás na Gaeltachta and was again highly successful in 2015. Over 300 teenagers attended the newly-composed Irish language song competition at Scléip na hÓige during the Oireachtas na Gaeilge festival. First prize was won by *Muirsiné* from Athenry, Co Galway.

Culture Night 2015

Foras na Gaeilge opened the doors of its main office at 7 Merrion Square on Culture Night, 18 September. The public was treated to entertainment, conviviality and much else. The event was held as part of *Downstairs in Dublin*, organised by the *The Irish Times* to celebrate Merrion Square's Georgian houses. A one-off exhibition entitled *Basement Garden* was held in the building's basement on the evening of the event. It was a magical, mysterious work, designed by Fionnuala Fallon, the *Irish Times* gardening columnist, and it attracted three hundred visitors.

The New English-Irish Dictionary as a flagship project

A new app for the the New English-Irish Dictionary was launched at the November Oireachtas festival and three lectures were given during the same festival. Foras na Gaeilge attended three teachers' conferences to promote the dictionary and radio interviews were given about the project.

Clár na Leabhar Gaeilge (Irish Language Books Programme)

Funding was made available to libraries throughout the island to add to the number of Irish language books in stock and to organise literary events with Irish language writers for teenagers and adults.

4.2 Ensuring communication within the organisation

Foras na Gaeilge has five office locations in two jurisdictions. Meetings are held on a regular basis and at all levels to ensure that we achieve the organisational cohesion needed to operate effectively.

chomh maith leis na *Junior Eir Spiders* do dhaoine óga a chruthaigh blaganna agus suímh ghréasáin i nGaeilge, Gradaim Bhlaganna na hÉireann, Gradaim Aisling, Gradaim Mhargaíochta na hÉireann agus Gradaim Dlí na hÉireann.

Seoltaí

Sheol Eimear Ní Chonaola ó TG4 aip nua don Fhoclóir Nua Béarla-Gaeilge ag Oireachtas na Samhna Cuireann an aip ar chumas na n-úsáideoirí an foclóir a bheith ar fáil ar an nguthán póca nó ar tháibléad acu gan bheith ceangailte leis an idirlíon. Is í seo an chéad aip i sraith aipeanna foclóireachta atá beartaithe ag Foras na Gaeilge, mar chuid dá straitéis go mbeidh na hacmhainní foclóireachta is nua-aimseartha agus is cuimsithí ar fáil don Ghaeilge.

Tá breis eolais maidir leis an aip le fáil ag an seoladh:

<http://www.focloir.ie/ga/page/app.html>.

Sheol an Coimisinéir Teanga Rónán Ó Domhnaill Tuarascáil Taighde ar Nuachaintoírí na Gaeilge, 30 Deireadh Fómhair ag Oireachtas na Samhna in Citywest, Baile Átha Cliath agus tá tuilleadh sonraíochta faoin tionscadal ar fáil sa tuairisc ar chúrsaí taighde níos faide anonn sa tuarascáil seo..

Comórtas BEO 2015

D'éirigh thar barr leis an tionscadal comhpháirtíochta seo le hÚdarás na Gaeltachta arís in 2015. D'fhreastail breis is 300 déagóir ar an gcomórtas amhrán nuachumtha Gaeilge le linn Scléip na hÓige ag Oireachtas na Gaeilge. Bronnadh an chéad duais ar *MuirSinÉ* as Baile Átha an Rí, Co. na Gaillimhe.

Oíche Chultúir 2015

Osláiodh doirse cheannáras Fhoras na Gaeilge, 7 Cearnóg Mhuirfean, don phobal ar Oíche Chultúir, an 18 Meán Fómhair, áit a raibh siamsaíocht, comhlúadar agus go leor eile. Reáchtáladh na himeachtaí mar chuid den tionscadal *Thíos Staighre i mBaile Átha Cliath*, a d'eagraigh *The Irish Times* d'fhonn ceiliúradh a dhéanamh ar thithe Seoirseacha Chearnóg Mhuirfean. Léiríodh an taispeántas uathúil aonuaire, *Gairdín Íosláigh*, in íoslach an cheannárais ar an oíche. Ba shaothar draíochtach, rúndiamhair é seo, cruthaithe ag Fionnuala Fallon, Comhfhreagraí Garraíodóireachta *The Irish Times* a mheall breis is trí chéad cuairteoir ar an oíche.

An Foclóir Nua Béarla-Gaeilge mar thionscadal suaitheanta

Seoladh an aip nua don Fhoclóir Nua Béarla-Gaeilge ag Oireachtas na Samhna, agus tugadh trí léacht ag an bhféile céanna. Freastalaíodh ar thrí chinn de chomhdhálacha na múinteoirí leis an bhfoclóir a phoibliú agus tugadh agallaimh raidió faoi.

Clár na Leabhar Gaeilge

Cuireadh maoiniú ar fáil mar thacaíocht do leabharlanna timpeall an oileáin ar mhaithe le hócáidí liteartha le scríbhneoirí/údair Ghaeilge, dírithe ar dhéagóirí agus ar dhaoine fásta, a chur chun cinn sna leabharlanna agus chun cur le líon na leabhar Gaeilge ar a gcuid seilfeanna.

4.2 Cumarsáid inmheánach eagraíochtúil a dheimhniú

Tá cúig ionad oifige ar leith ag Foras na Gaeilge in dhá dhlínse. Reáchtáladh cruinnithe eagraíochtúla ar bhonn rialta ag gach leibhéal chun an comhtháthú eagraíochtúil atá riachtanach le dea-fheidhmiú éifeachtach a bhaint amach a dheimhniú.

5 **POLICY, PLANNING & RESEARCH**

To advocate for and provide advice about planning for policies and programmes designed to promote the language in the public and private sectors throughout the island of Ireland, to implement those programmes and to monitor their progress.

5.1 Organisational Development

There was formal discussion of possibilities for restructuring in the organisation. Arrangements for reviewing pension matters were discussed and implemented after the staff members made decisions regarding the different plan options.

In order to ensure that the organisation would have sufficient staff resources, recruitment was carried out for approved posts and as a result of vacancies which occurred from routine causes (illness, career breaks, maternity leave and so on).

Contact was maintained with the Office of Public Works and meetings held in regards to the organisation's accommodation needs.

5.2 Fulfilling statutory obligations

Foras na Gaeilge carried out on-going monitoring of legislative developments in order to ensure that the organisation is in compliance. Relevant interested parties were consulted: Tha Boord o Ulstèr-Scotch; the other North/South Implementation Bodies and the Commission for Standards in Public Office regarding the new legislation in the South in relation to lobbying (*The Regulation of Lobbying Act, 2015*) and its implications for the organisation. In brief, Foras na Gaeilge itself does not have to register but those organisations which are funded by us and who work in the field of advocacy do need to register, such as Conradh na Gaeilge and Gaeloideachas.

Other statutory obligations continued to be fulfilled, for example reporting to the National Disability Authority. A consultation process about disability issues was completed and an equality action plan drawn up.

The Language Body submitted yearly progress reports to the Equality Commission in relation to equality and good relations . progress Chuir an Foras Teanga isteach tuairiscí bliantúla ar dhul chun cinn i réimse na cothromaíochta agus an dea-chaidrimh chuig an gCoimisiún Comhionannais. Among the other aspects of Foras na Gaeilge's work noted in the periods 2014-15 and 2015-16 were: the provision of specialised training to staff in relation to equality and Section 75 awareness; the provision of funding to the East Belfast Mission to support language awareness on a cross-community basis; the publication of all-island research on language attitudes and the commissioning of research into cross-community aspects arising from that; and the recognition of cross-community language awareness as a discrete function in the work of the Lead Organisations which began operating in mid-2014.

5 **POLASÁÍ, PLEANÁIL & TAIGHDE**

Polasaithe agus cláir oibre a mholadh, comhairle orthu a thabhairt, iad a chur chun feidhme agus monatóireacht a dhéanamh orthu d'fhonn freastal ar na riachtanais a bhaineann le cur chun cinn na teanga san earnáil phoiblí agus san earnáil phríobháideach ar fud oileán na hÉireann

5.1 Forbairt eagraíochtúil

Bhí plé foirmeálta faoi fhéidearthachtaí athstruchtúraithe san eagraíocht. Pléadh na socrúithe athbhreithnithe maidir le cúrsaí pinsin san eagraíocht agus cuireadh i gcrích iad tar éis do na baill foirne cinní a dhéanamh maidir le roghanna pleananna.

D'fhonn a dheimhniú go mbeadh acmhainní leordhóthanacha foirne ar fáil don eagraíocht, eagraíodh próisis earcaíochta de réir mar a ceadáíodh poist agus de réir is a tháinig folúntais chun cinn ar na gnáthchúiseanna (breoiteacht, sos gairme, saoire mháithreachais srl).

Rinneadh cumarsáid le agus reáchtáladh cruinnithe le hOifig na nOibreacha Poiblí maidir le cúrsaí cóiríochta san eagraíocht.

5.2 Dualgais reachtúla a chomhlíonadh

Rinne Foras na Gaeilge monatóireacht leanúnach ar fhorbairtí reachtúla d'fhonn a dheimhniú go bhfuil an eagraíocht á gcomhlíonadh leo. Chuathas i gcomhairle leis na páirtithe leasmhara eile a bhaineann le hábhar: Tha Boord o Ulstèr-Scotch; na comhlachtaí forfheidhmithe Thuaidh-Theas eile; agus an Coimisiún um Chaighdeán in Oifigí Poiblí, le himpleachtaí na reachtaíochta nua ó dheas faoi bhrústocaireacht (An tAcht um Brústocaireacht a Rialáil, 2015) a mheas don eagraíocht. Tháinig an tAcht i bhfeidhm 1 Meán Fómhair 2015. Go hachomair, ní gá d'Fhoras na Gaeilge clárú ach is gá d'eagraíochtaí Gaeilge atá á maoiniú againn agus atá ag obair i ngort na habhcóideachta a chlárú., leithéidí Conradh na Gaeilge agus Gaeloideachas, mar shampla.

Leanadh de bheith ag comhlíonadh na ndualgais reachtúil eile, mar shampla, tuairiscíú don Údarás Náisiúnta Míchumais, críochnaíodh próiseas comhairliúcháin faoi chúrsaí neamhionannais agus dréachtaíodh plean gníomhaíochta comhionannais.

Chuir an Foras Teanga isteach tuairiscí bliantúla ar dhul chun cinn i réimse na cothromaíochta agus an dea-chaidrimh chuig an gCoimisiún Comhionannais. I measc na ngnéithe de chuid obair Fhoras na Gaeilge ar tugadh suntas díobh sna tréimhsí 2014-15 agus 2015-16 bhí: sain-oiliúint feasachta ar chúrsaí comhionannais fad is a bhain le Section 75 curtha ar

5.3 Duties regarding reporting to the two governments

Reports were prepared for monitoring meetings regarding progress on the business programme and a number of meetings were attended.

Discussions were held with the Sponsoring Departments regarding their demand for a Service Agreement and a suitable structure for such an agreement in the case of a North/South implementation body which comes under the provisions of the Financial Memorandum.

23 questions were answered in the Assembly and 15 in the Dáil. Some of these questions related to a period of 8 years. We answered 16 specific questions posed by the Department for Communities and 17 questions posed by the Department of Arts, Heritage, Regional Rural and Gaeltacht Affairs.

We accommodated requests for information from other forums, for example from Assembly and Oireachtas Committees.

5.4 Following best practice in language planning

An effort was made across the organisation, and, as far as possible, in all areas in which we have influence, that new proposals and policies should follow best practice in language planning. An example of this can be seen in the guidance document on the use of Irish in councils in the North.

5.5 Developing policy and planning

Research-based policy and planning

An effort was made across the organisation, and, as far as possible, in all areas in which we have influence, to have all new proposals and policies based on research and experience. To that end, the research aspect of our work was developed as a basis for this approach.

Dictionaries and lexicography

In the area of lexicography, a Dictionary Strategy was prepared and approved in principle by Foras na Gaeilge's board, although it remains to be discussed formally with the Sponsoring Departments. Some 1.05 million words have been transcribed and added to the Irish Language Corpus.

The Publishing Sector

A general meeting was held with publishers on 24 June 2015. A special workshop was organised with tutors and apprentices working under the Tutors' Scheme on 1 Meán September 2015.

The Clár na Leabhar Gaeilge committee had four meetings during 2015.

5.6 Promoting Research

Attitudes Towards the Irish Language

In August 2015, a major research publication on public attitudes to the Irish language appeared. The report was entitled *Dearcadh an Phobail i leith an Gaeilge / Attitudes Towards the Irish Language on the Island of Ireland*.

fhoireann na heagraíochta; maoiniú curtha ar fáil do Mhisean Oirthear Bhéal Feirste le tacú le hardú feasachta teanga ar bhonn trasphobail; taighde uile-oileáin ar dhearcadh an phobail i leith na Gaeilge foilsithe agus coimisiúnú déanta ar thaighde ghnéithe trasphobail a d'eascair as sin; agus cúram na feasachta teanga trasphobail aitheanta i measc feidhmeanna cheann de na Ceanneagraíochtaí a thosaigh ag feidhmiú i lár 2014.

5.3 Dualgais tuairiscithe don dá rialtas

Ullmhaíodh tuairiscí ar an dul chun cinn i leith an phlean ghnó do na cruinnithe monatóireachta agus freastalaíodh ar na cruinnithe ar leith.

Pléadh leis na Ranna Urraíochta faoin éileamh uathu ar Chomhaontú Seirbhíse agus cén leagan amach a bheadh oiriúnach dá leithéid i gcás comhlachta forfheidhmithe Thuaidh/Theas atá faoi réir fhorálacha an Mheamraim Airgeadais.

Freagraíodh 23 Ceist Tionóil agus 15 Ceist Dála, roinnt acu ag fiafraí faoi thréimhse ama chomh fada le 8 mbliana. Freagraíodh 16 cheist ar leith don Roinn Pobal agus 17 cheist don Roinn Ealaíon, Oidhreacht, Gnóthaí Réigiúnach, Tuaithe agus Gaeltachta.

Freastalaíodh ar achainíocha eolais ó fhóiraim eile chomh maith ar nós Coistí de chuid an Tionóil agus an Oireachtais.

5.4 Dea-chleachtas pleanála teanga a leanúint

Deimhníodh trasna na heagraíochta agus fad agus ab fhéidir in aon réimse a raibh tionchair againn uirthi go mbeadh aon mholadh nó aon bheartas nua faoi réir an dea-chleachtais maidir le pleanáil teanga. Sampla de seo ná na treoircháipéise maidir le húsáid na Gaeilge sna comhairlí ó Thuaidh.

5.5 Cúrsaí Polasaí agus Pleanála a chur chun cinn

Polasaithe agus Pleanáil taighdebhunaithe

Rinneadh iarracht a dheimhniú trasna na heagraíochta agus fad agus ab fhéidir in aon réimse a raibh tionchair againn uirthi go mbeadh aon mholadh nó aon bheartas nua bunaithe ar thaighde agus ar thaithí agus forbraíodh réimse an taighde go háirithe I mbliana mar bhonn lena leithéid.

Cúrsaí Foclóireachta

I réimse na foclóireachta, ullmhaíodh Straitéis Foclóireachta a fuair faomhadh i bprionsabal ó Bhord Fhoras na Gaeilge ach a chaithfear a phlé go foirmeálta leis na Ranna Urraíochta go fóill. Tá 1.05 milliún focal tras-scríofa, agus iad le cur le Corpas na Gaeilge.

Earnáil na Foilsitheoireachta

Eagraíodh cruinniú ginearálta leis na foilsitheoirí ar 24 Meitheamh 2015. Eagraíodh ceardlann faoi leith leis na hoidí agus na printísigh atá ag obair faoi Scéim na nOidí 2015 ar 1 Meán Fómhair 2015.

Bhí ceithre chruinniú ag Coiste Chlár na Leabhar Gaeilge le linn na bliana 2015.



The Economic and Social Research Institute analysed the results of an all-island survey carried out by Amárach Research on behalf of Foras na Gaeilge at the end of 2013. The survey was designed so as to provide results comparable to earlier surveys into public attitudes commissioned by Foras na Gaeilge in 2000/2001.

This was the first time that such a comprehensive all-island survey had been conducted. The questions were based on those used in previous surveys carried out exclusively in the south in 1973, 1983 and 1993. This was done deliberately and

for the sake of consistency. Of course, some changes were made; the survey contained a module on the use of Irish in social media, for example. The report is available in Irish and in English on the Foras na Gaeilge website and on the ESRI website.

The results, obtained from a wholly representative and scientific sample of the public, were highly positive. Among the main results were:

- ***67% of the southern public and 45% of the northern public say that they are in favour or strongly in favour of the language.***
- ***82% of the southern public and 48% of the northern public agreed with the statement that every child (in whichever jurisdiction applies) should learn Irish.***
- ***A substantial majority (72% in the south and 63% in the north) agreed that Irish medium schools should be provided where there is a demand for them.***

In addition, the results revealed a substantial increase in support for Irish and a significant reduction in opposition to it. For example, there was an increase of 18 percentage points in support for Irish in the north since 2001 – and a reduction of 9 percentage points in hostile attitudes in the two jurisdictions.

The report was given a great deal of publicity in both English and Irish. Since its publication Foras na Gaeilge has begun a conversation with various parties for whom the survey has implications. This is part of the organisation's duty to advise administrators in matters concerning the Irish language. Arising from the analysis, some further items of research were commissioned. The results of that research will be published as 'working papers' on the Economic and Social Research Institute website in 2016.

New Speakers

On behalf of Foras na Gaeilge, the Language Commissioner, Rónán Ó Domhnaill, launched a Research Report on New Speakers of Irish by Dr John Walsh, NUI Galway; Professor Bernadette O'Rourke, Heriot-Watt



5.6 Cúrsaí taighde a chur chun cinn

I mí Lúnasa 2015 foilsíodh mórshaothar taighde faoi dhearcadh an phobail i leith na Gaeilge. *Dearcadh an Phobail i leith na Gaeilge / Attitudes Towards the Irish Language on the Island of Ireland* an teideal a bhí ar an tuarascáil. Rinne an Institiúid Taighde Eacnamaíochta agus Sóisialta (ITES) anailís ar thorthaí an tsuirbhé uile-oileáin a rinne Amárach Research d’Fhoras na Gaeilge ag deireadh 2013. Dearadh an tsuirbhé le torthaí a chur

ar fáil a bheadh inchomp-aráide le torthaí shuirbhé eile a choimisiúnaigh Foras na Gaeilge faoi dhearcadh an phobail in 2000/2001.

B’in an chéad uair a ndearnadh tsuirbhé cuimsitheach uile-oileáin ar an ábhar. Bhí na ceisteanna bunaithe ar na ceisteanna a úsáideadh i tsuirbhéanna den chineál seo a cuireadh i bhfeidhm (ó dheas amháin) i 1973, 1983 agus 1993 agus ar ndóigh is d’aon ghnó a rinneadh é seo ar mhaithe le leanúnachas. Rinneadh leasuithe áirithe ar na ceisteanna, ar ndóigh, a bhí ag teacht le ciall; bhí modúl ann faoi úsáid na Gaeilge ar na meáin shóisialta, mar shampla. Tá an tuarascáil ar fáil sa dá theanga ar shuíomh Foras na Gaeilge agus ar shuíomh na hInstitiúide araon.

Bhí na torthaí an-dearfach, ag cur san áireamh gur sampla iomlán ionadaíoch agus eolaíoch den phobal a bhí ann agus i measc na bpríomhthorthaí bhí:

- *Deir 67% den phobal ó dheas agus 45% den phobal ó thuaidh go bhfuil siad i bhfách nó go mór i bhfách leis an teanga.*
- *D’aontaigh 82% den phobal ó dheas agus 48% den phobal ó thuaidh leis an ráiteas gur chóir’do gach páiste i [pé dlínse a raibh an cheist á cur] Gaeilge a fhoghlaim’.*
- *D’aontaigh móramh suntasach (72% ó dheas agus 63% ó thuaidh) gur chóir gaelscoileanna a chur ar fáil má éilítear iad.*

Lena chois sin, léirigh na torthaí méadú suntasach ar an mbá don Ghaeilge agus laghdú suntasach ar an gcur ina coinne. Mar shampla, bhí méadú 18 pointe céatadán ó dheas agus 16 pointe céatadán ó thuaidh ar an mbá leis an nGaeilge ó bhí 2001 ann – agus laghdú ar an gcur i gcoinne de 9 bpointe céatadán sa dá dhlinse. Fuair an tuarascáil an-chuid poiblíochta sna meáin, idir Bhéarla agus Ghaeilge, agus ó shin tá comhrá tosaithe ag Foras na Gaeilge ag plé le páirtithe éagsúla a bhfuil impleachtaí ag an Suirbhé ann dóibh, mar chuid den dualgas atá ar an eagraíocht comhairle a chur ar an dá lucht riaracháin maidir le cúrsaí Gaeilge de. Ag eascairt as an anailís, coimisiúnaíodh roinnt piosaí taighde eile ar shaincheisteanna áirithe agus foilsíodh torthaí an taighde sin ar shuíomh na hInstitiúide Taighde Sóisialta agus Eacnamaíochta féin mar ‘pháipéir oibre’ in 2016.


University, Edinburgh and Dr Hugh Rowland, NUI Galway at the November Oireachtas Festival at Citywest, Dublin, Friday 30 October.

The report is a collaboration between NUI Galway and Edinburgh's Heriot-Watt University. It lays out the results of research into the background, practices and ideologies of 'new' Irish speakers. The report is based on research carried out during recent years by a network of European researchers entitled *New Speakers in a Multilingual Europe: Opportunities and Challenges* under the auspices of COST (European Co-operation in Science and Technology). Copies of the report are available on the Foras na Gaeilge website.

Guidelines: Irish Language Services in the New Councils

A working party within Foras na Gaeilge prepared the bilingual guidance document *Treoircháipéis: seirbhísí Gaeilge sna Comhairlí Nua / Guidance Document: Irish language services in the new Councils* to give advice to local government in Northern Ireland and particularly to the new 'supercouncils'.

The first draft of the document was launched at an event organised by Conradh na Gaeilge, the Lead Organisation responsible for advocacy, in Armagh, 25 March 2015. The latest version of the guidance booklet is available on Foras na Gaeilge website.



Reporting on public services in Irish

A research paper was presented to the conference of EFNIL (European Federation of National Institutions for Language) which was held in Helsinki 7-10 Deireadh Fómhair. The research focussed on the how the public use services available to them through the medium of Irish.

5.7 Organisational matters

NSAI SWiFT 3000

Foras na Gaeilge was first awarded a Certificate of Compliance with *NSAI SWiFT 3000:2010 - Code of Practice for Corporate Governance* in 2014, something achieved by only two other organisations at the time. An independent analysis of Foras na Gaeilge in the context of NSAI SWiFT 3000 was carried out and in November 2015 it was confirmed that the organisation continued to meet appropriate standards of excellence in its operation and governance.

Board Members' Attendance

Nuachaintoírí


Sheol an Coimisinéir Teanga, Rónán Ó Domhnaill, Tuarascáil Taighde ar Nuachaintoírí na Gaeilge, a d'ullmhaigh an Dr John Walsh, Ollscoil na hÉireann, Gaillimh, An tOllamh Bernadette O'Rourke, Ollscoil Heriot-Watt, Dún Éideann, agus an Dr Hugh Rowland, Ollscoil na hÉireann, Gaillimh, d'Fhoras na Gaeilge ar an Aoine, an 30 Deireadh Fómhair ag Oireachtas na Samhna in Citywest, Baile Átha Cliath.

Is comhfhiontar an tuarascáil seo idir Ollscoil na hÉireann, Gaillimh agus Ollscoil Heriot-Watt, Dún Éideann ina gcuirtear torthaí taighde ar chúlra, ar chleachtais agus ar idé-eolaíochtaí 'nuachaintoírí' na Gaeilge i láthair. Tá an tuarascáil bunaithe ar thaighde atá á dhéanamh le blianta beaga anuas ag gréasán taighdeoirí Eorpacha dar teideal *New Speakers in a Multilingual Europe: Opportunities and Challenges* faoi scáth na heagraíochta COST (European Co-operation in Science and Technology). Tá cóip den tuarascáil ar fáil ar shuíomh Fhoras na Gaeilge.

Treoircháipéis: Seirbhísí Gaeilge sna Comhairlí Nua

D'ullmhaigh meitheal oibre i bhForas na Gaeilge an cháipéis dhátheangach *Treoircháipéis: seirbhísí Gaeilge sna Comhairlí Nua / Guidance Document: Irish language services in the new*

Councils chun comhairle a chur ar rialtas áitiúil Thuaisceart Éireann go háirithe ar na hOllchomhairlí nua.



Seoladh an chéad dréacht den treoirleabhar ag ócáid a d'eagraigh an Ceann-eagraíocht atá ag plé le cúrsaí abhcóideachta, Conradh na Gaeilge, 25 Márta 2015 in Ard Mhacha agus tá an leagan is déanaí den treoirleabhar ar fáil ar shuíomh Fhoras na Gaeilge.

Tuairisciú faoi sheirbhísí poiblí as Gaeilge

Cuireadh páipéar taighde i láthair ag comhdháil EFNIL, European Federation of National Institutions for Language, a reáchtáladh in Helsinki ón 7-10 Deireadh Fómhair. Dhírigh an taighde ar an úsáid a bhaineann an pobal as seirbhísí poiblí trí mheán na Gaeilge.

5.7 Reáchtáil eagraíochtúil

NSAI SWiFT 3000

Bronnadh *Deimhniú um Chomhlíonadh NSAI SWiFT 3000:2010 – Cód Cleachtais do Mheasúnú Rialachais Chorpáráidigh in Éirinn* ar Fhoras na Gaeilge den chéad uair i mBealtaine 2014 nuair nach raibh sé bainte ach ag dhá chomhlacht eile. Rinneadh iniúchadh neamhspleách ar Fhoras na Gaeilge maidir le NSAI SWiFT 3000 agus deimhníodh i mí na Samhna 2015 go raibh

	No. of attendable meetings	No. of meetings attended
Liam Ó Maoilmhichíl Chair	10	9
Eoghan Mac Cormaic Vice-Chair	10	7
Pól Callaghan	10	4
Colm Cavanagh	10	10
Áine Ní Chiaráin	10	10
Brid Ní Chonghóile	10	5
Seán Mícheál Ó Domhnaill	10	8
Seosamh Mac Donncha	10	7
Tomás Mac Eochagáin	10	4
Éamonn Ó Gribín	10	8
Dónal Ó hAiniféin	10	4
Donnchadh Ó Laoghaire	10	8
Marcas Mac Ruairí	10	8
Therese Ruane	10	9
Caitriona Ní Shúilleabháin	10	3

In addition to the attendance at Board meetings described above, the following Board Committees were in operation during 2015 and held meetings as follows:

Committee	Number of Meetings
Audit Committee	5
Oversight Committee	6
Grants Committee	7
Appeals Committee	2
Development Committee	5

5.8 Advancing Foras na Gaeilge's organisational reputation

As mentioned previously, a special campaign was organised to promote awareness of the English-Irish Dictionary among the general public.

5.9 SEAI – Sustainable Energy Authority of Ireland

Overview of Energy Usage in 2015

We use energy in five different offices and there are aspects of all five which create challenges to reporting. Each office is rented; one office is outside the jurisdiction; the headquarters are located in a listed or protected structure; shared metering (that is, shared with other organisations) is in effect in all other offices. Another fundamental difficulty is that it is The Language Body (rather than Foras na Gaeilge) that is technically the organisation involved whereas Foras na Gaeilge is but one part of the Language Body. At a meeting of the Language Body in December 2015 an understanding was reached with

an t-ardchaighdeán cuí fós á shroicheadh ag an eagraíocht trasna ar réimsí oibríochtúla agus rialachais.

Tinreamh na gComhaltaí Boird

Ainm Comhalta	Líon cruinnithe infhrestail	Líon cruinnithe ar freastlaíodh orthu
Liam Ó Maoilmhichíl Cathaoirleach	10	9
Eoghan Mac Cormaic Leas-Chathaoirleach	10	7
Pól Callaghan	10	4
Colm Cavanagh	10	10
Áine Ní Chiaráin	10	10
Brid Ní Chonghóile	10	5
Seán Mícheál Ó Domhnaill	10	8
Seosamh Mac Donncha	10	7
Tomás Mac Eochagáin	10	4
Éamonn Ó Gribín	10	8
Dónal Ó hAiniféin	10	4
Donnchadh Ó Laoghaire	10	8
Marcas Mac Ruairí	10	8
Therese Ruane	10	9
Caitríona Ní Shúilleabháin	10	3

Chomh maith leis na Cruinnithe Boird a bhfuil áireamh ar an tinreamh orthu thuas, bhí na Coistí Boird seo a leanas ag feidhmiú le linn 2015 agus tionóladh an líon seo cruinnithe faoi seach:

Coiste	Líon na gCruinnithe
An Coiste Iniúchta	5
An Coiste Osradhairc	6
Coiste na nDeontas	7
An Coiste Achomhairc	2
An Coiste Forbartha	5

5.8 Clú eagraíochtúil Fhoras na Gaeilge a chur chun cinn

I réimse na foclóireachta, mar a luadh cheana, eagraíodh feachtas faoi leith maidir le heolas faoin bhFoclóir Nua Béarla-Gaeilge a chur chun cinn i measc an phobail.

5.9 ÚFIE - Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann

Foramharc ar Úsáid Fuinnimh in 2015

Bíonn fuinneamh á úsáid againn i cúig oifig éagsúla agus tá cúinsí ag roinnt leo uile a chuireann le castacht na tuairisceoireachta. Tá gach oifig ar cíos; tá oifig amháin lasmuigh den dlínse; tá an ceanncheathrú lonnaithe i bhfoirgneamh liostáilte nó caomhnaithe; úsáidtear méadair roinnte (is é sin, roinnte le heagrais eile) sna hoifigí eile. Bunfhadhb rialúcháin eile is ea gurb é An Foras Teanga (seachas Foras na Gaeilge) an ‘eagraíocht’ sa chiall theicniúil agus nach bhfuil i bhforas na Gaeilge ach cuid amháin den Fhoras

our colleagues in the Ulster-Scots Agency whereby energy reporting would commence from 2015 onwards.

As regards Foras na Gaeilge, 'Light & Heat' is the most material heading and the one most amenable to intervention among the main users of energy in the organisation. As the headquarters on Merrion Square is where most staff are based and as it is there that separate metering is in place, this building alone will be used as a reporting and comparative baseline.

In 2015 Foras na Gaeilge used 166 MWh of electricity and 83 MWh of fossil fuels.

Office Location / County	Electricity kWh Electricity	Fossil Fuel					Steps & Planning	
		kWh Natural Gas	kWh Gasoil (heating)	kWh Transport fuel (Petrol, diesel)	kWh Transport fuel (LPG)	kWh Total fossil fuel	Steps taken 2015	Planning for 2016
Merrion Sq / Dublin	145700		19980			83455	Heating system repaired.	Doors kept closed. Energy saving bulbs where possible.*
Frederick St / Dublin	Billeghinearálta					0		
Gaoth Dobhair / Donegal	NíBh					0	Set amount paid each year.	Energy saving bulbs where possible.
Ráth Chairn (RC) / Meath	19818						Storage heaters in use thus a single bill.	Lights, heating turned off when rooms vacant.

*Note: See information below.

Steps taken in 2015 and Planned for 2016

As the headquarters are still occupied on a short-term, renewed lease and as it is a protected structure, the scope for investment in energy matters is limited. Sustainability will be considered when accommodation choices are to be made in the near future.

Teanga. Ag cruinniú de chuid an Fhorais Teanga i mí na Nollag 2015 thángthas ar chomhthuiscint lenár gcomhghleacaithe in Tha Boord o Ulstèr-Scots go ndéanfar tuairisciú i leith fuinnimh ó 2015 amach.

Maidir le Foras na Gaeilge de, is é ‘Solais & Teas’ an mhír bhuiséid is ábhartha agus is mó a bhfuil deis ann dul i ngleic léi i measc na bpríomhúsáideoirí fuinnimh san eagraíocht. Tharla gur sa cheanncheathrú ar Chearnóg Mhuirfean atá an líon is airde foirne lonnaithe agus tharla gurb ansin amháin a bhfuil méadarú ar leith ar siúl, úsáidfean an foirgneamh seo amháin mar bhonn tuairiscithe agus comparáide feasta.


In 2015, d’ídigh Foras na Gaeilge 166 MWh de leictreachas agus 83 MWh de bhreoslaí iontaise.

Oifig	Leictreachas	Breosla Iontaise					Céimeanna agus Pleanáil	
		kWh Gás Nádúrtha	kWh Gás Ola (teas)	kWh Breosla iompar (Peitreal, artola)	kWh Breosla iompar (LPG)	kWh Breosla Iontaise iomlán	Céimeanna tógtha 2015	Pleanáil do 2016
Cearnóg Mhuirfean (CM) / Baile Átha Cliath	145700		19980			83455	Deisio dh an córas teasa.	Coimnítear dóirse dúnta. Bleibeann a tiosacha fad agus is féidir.*
Sráid Fhroidric / Baile Átha Cliath	Bille ghinearálta					0		
Gaoth Dobhair / Dún na nGall	NíBh					0	Méid áirithe a iocfar gach bliain	Bleibeann a tiosacha fad agus is féidir.
Ráth Chairn (RC) / Co. na Mí	19818						Taisct héith-eoirí atá in úsáid agus sin an fáth nach bhfuil ach bille amháin acu.	Múchtar soisí agus teas nuair nach mbionn duine sa seomra.

*Nóta: Féach eolas thíos.

Gníomhartha a Rinneadh in 2015 agus atá Beartaithe do 2016

De bharr gur ar léas athnuaithe gearrthréimhse atá an ceanncheathrú anseo go fóill agus toisc gur foirgneamh caomhnaithe é, tá teorainn leis an scóp atá ann d’infeistíocht maidir le cúrsaí fuinnimh. Cuirfear inmharthanacht fuinnimh san áireamh nuair a bheidh roghanna cóiríochta á meas amach anseo.



Accoont o Tha Boord o Ulstèr-Scotch

Report of The Ulster-Scots Agency

Tuairisc ó Tha Boord o Ulstèr-Scotch

Contents

Vision and Mission Statement	36
Chairperson's Foreword	37
Review of the Year	39

Inspire **40**

Educate **45**

Empower **48**

Improve **51**

Clár

Fís agus Ráiteas Misin 36

Réamhrá an Chathaoirligh 37

Athbhreithniú ar an mBliain 39

Ionspioráid 40

Oideachas 45

Cumasú 48

Feabhsú 51

Vision and Mission Statement

Vision

The vision of the Ulster-Scots Agency is that Ulster-Scots should flourish as a rich, vibrant and growing culture with a global legacy that is recognised at home and abroad.

Mission

The Ulster-Scots Agency will inspire, educate and empower people to understand and enjoy their Ulster-Scots identity, while working to continuously improve the governance, financial performance and customer focus of the organisation.

In furtherance of the Mission, four strategic aims have been identified:

SA1 – *Inspire*

The Agency will identify, interpret and animate Ulster-Scots heritage, language and culture.

SA2 – *Educate*

The Agency will work to ensure that learning about Ulster-Scots culture, heritage and language is integrated throughout the education system.

SA3 – *Empower*

The Agency will equip individuals and groups with knowledge and skills to engage with Ulster-Scots heritage, language and culture.

SA4 – *Improve*

The Agency will work to continuously improve the governance, financial performance and customer focus of the organisation.

Fís agus Ráiteas Mísín

Fís

Is é fís Gníomhaireacht na hUltaise an Ultais a bheith faoi bhláth mar chultúr saibhir, beoga agus fásmhar a bhfuil oidhreacht domhanda aige a aithnítear sa bhaile agus thar lear.

Misean

Tabharfaidh Gníomhaireacht na hUltaise inspioráid, oideachas agus cumas do dhaoine lena bhféiniúlacht Ultaise a thuiscint agus le taitneamh a bhaint aisti, ag obair go leanúnach ag an am céanna le rialachas, feidhmíocht airgeadais agus fócas ar chustaiméirí na heagraíochta a fheabhsú.

Leis an Mhisean a chur chun cinn aithníodh ceithre aidhm straitéiseacha:

AS1 – Inspioráid

Aithneoidh, léirmhíneoidh agus cuirfidh an Gníomhaireacht i láthair oidhreacht, teanga agus cultúr na hAlbainise.

AS2 – Oideachas

Oibreoidh an Gníomhaireacht lena chinntiú go bhfuil foghlaim faoi chultúr, oidhreacht agus teanga na hUltaise comhtháite ar fud an chórais oideachais.

AS3 – Cumasú

Tabharfaidh an Gníomhaireacht do dhaoine aonaracha agus do ghrúpaí eolas agus scileanna le bheith páirteach in oidhreacht, teanga agus cultúr na hAlbainise.

AS4 – Feabhsú

Oibreoidh an Gníomhaireacht go leanúnach le rialachas, feidhmíocht airgeadais agus fócas ar chustaiméirí na heagraíochta a fheabhsú.

Chairperson's Foreword

2015 was an extremely busy and positive year for the Ulster-Scots Agency. It was our first full financial year in our new premises at the Corn Exchange, in the Cathedral Quarter area of Belfast. As well as unlocking significant financial savings, the move and co-location of other Ulster-Scots organisations has also resulted in greater collaboration within the sector than ever before. During the year we continued to support the development of the Discover Ulster-Scots Centre, which is managed by the Ulster-Scots Community Network and located on the ground floor of the building; and we continue to see a steady growth in visitor numbers.

The Agency delivered an extensive programme of activities promoting Ulster-Scots by organising and supporting a range of large scale public events. Highlights included our annual Burns Night Concert, in conjunction with the Ulster Orchestra, which filled the Belfast Waterfront Hall in January. Support from the Ulster-Scots Broadcast Fund allowed us to collaborate in a television programme about the event which reached an audience of around 40,000 people.

During the year we delivered an extensive programme of activity marking the 700th Anniversary of the arrival of the Bruces in Ireland. This included; a new heritage trail highlighting significant sites of the Bruces campaign from 1315-1318; a primary school drama project involving 30 schools, which was delivered in conjunction with the Northern Ireland Environment Agency; and a Medieval History Symposium which was held in conjunction with Trinity College Dublin in September. Two primary school twinning projects were also delivered between schools in Ulster and Scotland on the Bruce 700 theme. The highlight of the programme was the Bruce Festival, which took place in May at Carrickfergus, attracting over 6,000 people to the town's historic castle and other sites nearby; which was delivered in partnership with Mid and East Antrim Council and the Northern Ireland Environment Agency.

A range of new initiatives was also delivered highlighting other aspects of Ulster-Scots heritage. These included the launch of a new gallery at North Down Museum, Bangor, in May, with funding from the Ulster-Scots Agency and the Department for Communities (formerly Department of Culture, Arts and Leisure). It houses the only complete folio of Plantation maps in Ireland. In July, a new Belfast Maritime Trail, highlighting the Ulster-Scots origins of the city's shipbuilding industry, was launched to coincide with the Tall Ships Festival.

The Agency continued to support a wide range of activity at grassroots level through funding for community groups to deliver music and dance tuition, summer schools and community festivals. We also continued to assist the development of capacity within the Ulster-Scots community at grassroots level through our funding of the

Chairperson's Foreword

Bliain fíorghnóthach agus fíordhearfach do Ghníomhaireacht na hUltaise a bhí in 2015. B'in an chéad bhliain iomlán airgeadais sa chóiríocht nua I dTeach an Mhalartáin Arbhair i gCeathrú na hArdeaglaise i mBéal Feirste. Scaoil an bogadh seo sábháiltí airgid cinnte ach de thoradh gur bhog agus gur chomhlonnaigh roinnt eagraíochtaí Ultach-Albanacha eile sa cheantar is fearr ná riamh an comhoibriú san earnáil anois. Le linn na bliana leanamar de bheith ag tacú leis an Lárionad Discover Ulster-Scots a fhorbairt, atá á bhainistiú ag an Líonra Pobail Ultaise agus lonnaithe ag leibhéal na sráide san fhoirgneamh; agus tá fás leanúnach ar líon na gcúairteoirí.

Chuir an Ghníomhaireacht clár fairsing gníomhaíochtaí i gcrích leis an Ultais a chur chun cinn trí mhóirimeachtaí poiblí a eagrú agus tacú leo. I measc na mbuaicphointí bhí ceolchoirm bhliantúil Oíche Burns, i gcomhar le Ceolfhoireann Uladh, a raibh an Waterfront Hall i mBéal Feirste lán dó. Chabhraigh an tacaíocht ó Chiste Craoltóireachta na hUltaise dúinn bheith páirteach i gclár teilifíse faoin imeacht seo a mheall lucht féachana de thart ar 40,000 duine.

I rith na bliana d'eagraíomar clár cuimsitheach gníomhaíochtaí in omós do cheiliúradh 700 bliain de theacht na mBrúsach go hÉirinn. Ina measc siúd bhí conar oidhreacht ag léiriú láithreacha tábhachtacha i bhfeachtas na mBrúsach idir 1315-18; tionscadal drámaíochta bunscoile ina raibh 30 scoil páirteach a cuireadh ig crích i gcomhpháirt leis an Northern Ireland Environment Agency; agus Siompósiam Staire Meanaoiseanna a reáchtáladh i mBaile Átha Cliath i Meán Fómhair i gcomhar le Coláiste na Tríonóide. Eagraíodh dhá thionscadal le bunscoileanna a nascadh, gaolmhar le comóradh 700bl na mBruces, idir scoileanna i gCúige Uladh agus in Albain. Tháinig an clár seo chun buaice le Féile na mBrúsach a reáchtáladh i mí na Bealtaine i gCarraig Fhearghais agus a mheall breis is 6,000 duine chuig an gcaisleán stairiúil ansin agus chuig láithreacha eile sa cheantar; agus a eagraíodh i gcomhpháirt le Comhairle Aontroma Lár agus Thoir agus an Northern Ireland Environment Agency.

Ina theannta seo cuireadh raon gníomhaíochtaí nua i gcrích a tharraing aird ar ghnéithe eile den oidhreacht Ultach-Albanach. Ina measc seo bhí dánlann nua a seoladh i mí na Bealtaine in Iarsmalann an Dúin Thuaidh, i mBeannchar, tionscadal a rinneadh le maoiniú ó Ghníomhaireacht na hUltaise agus ón Roinn Pobal (roimhe sin an Roinn Cultúir, Ealaíon agus Fóillíochta). Is ann a choinnítear anois an t-aon fhoireann iomlán de léarscáileanna na Plandála in Éirinn. I mí Iúil seoladh an Belfast Maritime Trail, a tharraingíonn aird ar an tionchar Ultach-Albanach ar thionscal tógála na mbád sa chathair. Seoladh seo tráth Fhéile na Long Ard.

Lean an Ghníomhaireacht d bheith ag tabhairt tacaíochta do raon leathan gníomhaíochtaí ag leibhéal an phobail trí ghrúpaí pobail a mhaoiniú le tabhairt faoi ranganna ceoil agus rince a sheachadadh agus scoileanna samhraidh agus féilte pobail a reáchtáil. Leanamar de

Ulster-Scots Community Network who held over 550 individual meetings with member groups offering guidance on funding opportunities, governance, event planning and training needs. This led to groups getting access to £500K of grant funding from a range of sources.

Demand for Ulster-Scots in schools around Ulster continued at a high level. 20 new primary schools are expected to commence work on the Flagship Starter programme, which will eventually lead to Ulster-Scots Flagship School status. More than 200 young people achieved Foundation Certificates in Piping and Drumming as a result of Ulster-Scots tuition programmes.

On behalf of the Agency board I would like to thank all those, both inside and outside the Agency, who contributed to our work in 2015, which has continued to improve awareness of and participation in Ulster-Scots across Ulster and build the reputation of Ulster-Scots at home and abroad.

Tom Scott OBE

Chairman

Tha Boord O Ulstèr Scotch / The Ulster-Scots Agency

bheith ag tacú le forbairt cumais sa phobal Ultach-Albanach ag leibhéal na cosmhuintire chomh maith trí mhaoiniú a chur ar fáil don Líonra Pobail Ultaise a d'eagraigh os coinn 550 cruinniú aonair le ballgrúpaí le treoir a thairiscint dóibh faoi dheiseanna maoinithe, chúrsaí rialachais, phleanáil imeachtaí agus dheiseanna oiliúna. Dá bharr seo d'éirigh le grúpaí rochtain a fháil ar luach £500K de mhaoiniú ó raon foinsí éagsúla.

Lean an t-éileamh ar an Ultais sna scoileanna ar fud Uladh ar leibhéal ard. Táthar ag súil go dtosóidh 20 bhunscoil nua ar obair faoi chlár Flagship Starter, a chuirfidh ar a gcumas ar ball stádas Ulster-Scots Flagship School a bhaint amach. Bhain breis is 200 duine óg Bunteastas sa Phóibaireachta agus sa Drumadóireacht amach de bharr na gclár teagaise Ultach-Albanacha.

Thar cheann Bhord na Gníomhaireachta, ba mhaith liom mo bhuíochas a chur in iúl dóibh siúd ar fad, laistigh agus lasmuigh den Ghníomhaireacht, a chabhraigh leis an obair in 2015, obair atá tar éis an fheasacht ar agus an pháirtíocht san Ultais ar fud Chúige Uladh agus tar éis tógáil ar cháil na hUltaise i gcéin is i gcóngar.

Tom Scott OBE

Cathaoirleach

Tha Boord O Ulstèr Scotch / Gníomhaireacht na hUltaise

Review of the Year

STRATEGIC THEMES

In its 2015 Business Plan the Agency identified the following strategic priorities for the year, in line with the Corporate Plan for 2014-16:

SA1 – Inspire

The Agency will identify, interpret and animate Ulster-Scots language, heritage and culture.

SA2 – Educate

The Agency will work to ensure that learning about Ulster-Scots culture, heritage and language is integrated throughout the education system.

SA3 – Empower

The Agency will equip individuals and groups with knowledge and skills to engage with Ulster-Scots heritage, language and culture.

SA4 – Improve

The Agency will work to continuously improve the governance, financial performance and customer focus of the organisation.

Athbhreithniú ar an mBliain

TÉAMAÍ STRAITÉISEACHA

Sa Phlean Gnó do 2015, d'aithin an Ghníomhaireacht na tosaíochtaí straitéiseacha seo leanas don bhliain, faoi réir an Phlean Chorporáidigh don tréimhse 2014-16:

AS1 – Inspioráid

Aithneoidh, léirmhíneoidh agus cuirfidh an Ghníomhaireacht i láthair teanga, oidhreacht agus cultúr na hUltaise.

AS2 – Oideachas

Oibreoidh an Ghníomhaireacht lena chinntiú go bhfuil foghlaim faoi chultúr, oidhreacht agus teanga na hUltaise comhtháite ar fud an chórais oideachais.

AS3 – Cumasú

Tabharfaidh an Ghníomhaireacht do dhaoine aonaracha agus do ghrúpaí eolas agus scileanna le bheith páirteach in oidhreacht, teanga agus cultúr na hAlbainise.

AS4 – Feabhsú

Oibreoidh an Ghníomhaireacht go leanúnach le rialachas, feidhmíocht airgeadais agus fócas ar chustaiméirí na heagraíochta a fheabhsú.

Inspire

The Agency launched a new web portal www.discoverulsterscots.com during 2015. The website provides the general public and tourism sector with information on key Ulster-Scots sites across Ulster. The website supports the Discover Ulster-Scots Centre and ongoing tourism projects across Ulster including those developed in partnership with other sector bodies, for example, Ulster-Scots tourism trails, heritage signage projects, visitor attractions and events and activities.

The Agency supported the Discover Ulster-Scots Centre in facilitating 28 group visits to the centre as part of its community development programme during 2015. Local people from the various community, church, residential home and school groups and associations were provided with an opportunity to visit the Discover Ulster-Scots Centre, to learn more about Ulster-Scots culture, heritage and language and to experience our cultural traditions in the delivery of Ulster-Scots music and dance displays.

The year got off to an exciting start with the Agency hosting the fourth annual Burns Concert in partnership with the Ulster Orchestra on Saturday 24th January. This traditional evening of music and spectacle at the Waterfront Hall, Belfast featured the wonderful Emily Smith, who was also named Scots Traditional Musician of the Year in 2014. Emily was joined by the Ulster Orchestra for a Burns Night concert that brought together musicians from the Ulster-Scots and Classical traditions. Joining the Ulster Orchestra and Emily on stage were local singing star Eilidh Patterson, drummers Marcus and Matthew Wenlock, Ulster-Scots folk group Bernagh (providing guitar, whistles, keyboard, lowland and highland pipes), the Ulster-Scots Agency Juvenile Pipe Band and the Markethill Highlandancers. Conducting the Ulster Orchestra was John Logan and the evening was presented by Dan Gordon.




The Burns Concert, Waterfront Hall, Belfast.

The Burns Concert was recorded live by Barking Films and broadcast on BBC Northern Ireland television on Sunday 1st February. This marked the first time that the Burns Concert had been broadcast on television, providing a fantastic opportunity for Ulster-Scots music, dance and song to reach a significant audience. Circa 36,000 viewers watched the BBC broadcast.

A number of events were held to mark the 700th anniversary of the arrival of the Bruces in Ireland. On 30th and 31st May, the Agency in partnership with Mid and East Antrim Borough Council and the Northern Ireland

Inspioráid

Lainseáil an Ghníomhaireacht tairseach gréasáin nua www.discoverulsterscots.com (féach thíos) le linn 2015. Ar an suíomh gréasáin seo cuirtear ar fáil don earráil phoiblí agus turasóireachta eolas ar phríomhshuíomhanna Ultaise ar fud Chúige Uladh. Tacaíonn an suíomh gréasáin le hIonad Discover Ulster-Scots agus tionscadail leanúnacha ar fud Chúige Uladh, lena n-áirítear iad siúd a fhorbraítear i gcomhpháirt le comhlachtaí eile san earráil, mar shampla, conairí turasóireachta Ultaise, tionscadail comharthaíochta oidhreachta, nithe inspéise, ócáidí agus gníomhaíochtaí do chuariteoirí.



Thacaigh an Ghníomhaireacht leis an Discover Ulster-Scots Centre trí 28 gcuart a éascú do ghrúpaí ar an ionad mar chuid dá chlár forbartha pobail le linn 2015. Tugadh deis do dhaoine áitiúla ó ghrúpaí agus ó chumainn éagsúla ón bpobal, eaglaisí, ionaid cónaithe agus scoileanna, cuairt a thabhairt ar an Discover Ulster-Scots Centre le tuilleadh a fhoghlaim faoi chultúr, oidhreacht agus teanga na hUltaise agus lenár dtraidisiúin chultúrtha a bhlaiseadh i dtaispeántais cheoil agus damhsa Ultaise a cuireadh ar fáil.

Cuireadh tús spleodrach leis an bhliain nuair a d'óstaigh an Ghníomhaireacht an ceathrú Ceolchoirm Burns i gcomhpháirt le Ceolfhoireann Uladh Dé Sathairn an 24 Eanáir. I láthair ar an oíche thraidisiúnta cheoil agus thaispeántais sa Halla Cois Cuain, Béal Feirste, bhí an sárcheoltóir Emily Smith, a ainmníodh mar Cheoltóir Traidisiúnta Albanach na Bliana in 2014. I gcuideachta Emily bhí Ceolfhoireann Uladh fá choinne cheolchoirm Oíche Burns a thug le chéile ceoltóirí ó thraidisiún na hUltaise agus ón traidisiún chlasaiceach. I gcuideachta Ceolfhoireann Uladh agus Emily ar an stáitse bhí an réalta cheoil áitiúil Eilidh Patterson, na drumadóirí Marcus agus Matthew Wenlock, an grúpa ceoil tíre Ultaise Bernagh (le giotár, feadóga, méarchlár, píoba na nÍsealchríoch agus na nGarbhchríoch), Óghanna Píob Ghníomhaireacht na hUltaise agus Damhsóirí Garbhchríoch Chnoc an Mhargaidh. Ag stiúradh Ceolfhoireann Uladh bhí John Logan agus ba é Dan Gordon a chuir an ócáid i láthair.

Rinne Barking Films an Ceolchoirm Burns a thairfeadh agus a chraoladh ar BBC Thuaisceart Éireann Dé Domhnaigh an 1 Feabhra. Ba é seo an chéad uair a craoladh an Ceolchoirm Burns ar an teilifís, agus deis ar dóigh a bhí ann do cheol, damhsa agus amhránaíocht na hUltaise lucht féachana suntasach a bhaint amach. Bhreathnaigh timpeall 36,000 duine ar an chraoladh ar an BBC.

Environment Agency (NIEA), hosted the Bruce Festival; a large scale two day event at Carrickfergus Castle, Main Street and Marine Gardens. The programme included a range of medieval events and entertainment including a spectacular jousting show and pageantry performance, dramatic re-enactments, street theatre, falconry, traditional storytelling, blacksmith demonstrations, archery, medieval battle workshops and family entertainment. The event featured The Knights of Royal England, Europe's premier jousting team who conducted a dramatic jousting tournament on Saturday 30th May at Marine Gardens with an awesome spectacle of chivalry, hand to hand combat, mounted challenges and horsemanship; this was followed by a pageantry display at the Castle on Sunday 31st May. This event was a huge success with attendance figures of approximately 6,000 over the two days.



*Jousting with the Knights of Royal England.
Giústáil le Ridirí Shasana Ríoga.*

The Bruce Festival was launched at an illustrated talk delivered by Dr. William Roulston, Ulster Historical Foundation where the Agency, MAG Ulster-Scots Academy and the Ulster Historical Foundation officially launched a new Bruce booklet, heritage trail and exhibition as part of the festival. The Bruce 700 heritage trail follows the route of 12 key Bruce related sites in the Carrickfergus and surrounding areas.

Later in the year, the Agency in partnership with Trinity College Dublin and the MAG Ulster-Scots Academy, hosted the 'Irish Scottish World in the Middle Ages'; a two-day conference at Trinity College Dublin. Leading national and international historians delivered a total of 13 lectures where they explored and discussed the closely interwoven histories and shared heritage of Ireland and Scotland. The Agency displayed and promoted the Bruces in Ulster exhibition and distributed the Bruces in Ulster booklet and heritage trail to the 300 conference delegates and Trinity College Dublin academic and student community.

The Agency worked in partnership with Antrim and Newtownabbey Borough Council to support the Ballyclare May Fair from 19th to 23rd May, a location with a strong Ulster-Scots history and heritage. The fair's programme of entertainment, which includes the annual horse trading fair, kid's party and fun day and the annual May Fair Parade was enhanced with the addition of traditional Ulster-Scots music and Ceilidh dancing. The Ulster-Scots entertainment was positively received by all the visitors to the event.

Bhí roinnt ócáidí ann le 700 bliain a chomóradh ó tháinig na Brúsaigh go hÉirinn. Ar an 30 agus an 31 Bealtaine d'óstáil an Ghníomhaireacht, i gcomhpháirt le Comhairle Buirge Aontroma Láir agus Thoir agus Gníomhaireacht Comhshaoil Thuaisceart Éireann, mórócáid dhá lá ag Caisleán Charraig Fhearghais, Príomhshráid agus Garraithe Muirí. Ar an chlár bhí réimse imeachtaí meánaoiseacha agus siamsaíochta, lena n-áirítear seó móorthaibhseach giústála agus léiriú taibhseachta, athléirithe drámata, téatar sráide, seabhcóireacht, scéalaíocht thraidisiúnta, léirithe gaibhneachta, boghdóireacht, ceardlanna troda meánaoisí agus siamsaíocht teaghlaigh. Ag an ócáid bhí The Knights of Royal England, príomhfhoireann ghiústála na hEorpa a chuir i láthair comórtas drámata giústála Dé Sathairn an 30 Bealtaine sna Garraithe Muirí a bhí ina mhórhaispeántas ridireachta, troid lámh le lámh, dúshláin ar dhroim capaill agus marcachas; ina dhiaidh seo bhí taispeántas taibhseachta ag an Chaisleán Dé Domhnaigh an 31 Bealtaine. D'éirigh go han-mhaith leis an ócáid seo agus bhí timpeall 6,000 duine i láthair thar an dá lá.

Lainseáladh Féile na mBrúsach le linn caint léirithe a thug an Dr. William Roulston, Fondúireacht Staire Uladh, agus ag an ócáid chéanna rinneadh an Ghníomhaireacht, Grúpa Comhairleach Aire Acadamh na hUltaise agus Fondúireacht Staire Uladh leabhrán nua ar na Brúsaigh, conair oidhreachta agus taispeántas a lainseáil go hoifigiúil mar chuid den fhéile. Leanann conair oidhreachta 700 na mBrúsach bealach an 12 shuíomh a bhaineann leis na Brúsaigh i gCarraig Fhearghais agus sna ceantair mórhimpeall.

Níos faide anonn sa bhliain d'óstáil an Ghníomhaireacht, i gcomhpháirt le Coláiste na Tríonóide agus le Grúpa Comhairle Aire Acadamh na hUltaise, comhdháil dhá lá, 'The Irish Scottish World in the Middle Ages', i gColáiste na Tríonóide Baile Átha Cliath. Thug mórstaraithe náisiúnta agus idirnáisiúnta 13 léacht ar fad inar chíor siad agus phléigh siad an stair agus an chomhoidhreachta atá fite fuaite idir Éirinn agus Albain. Chuir an Ghníomhaireacht an taispeántas na Brúsaigh in Ultaibh ar taispeántas agus chun cinn agus scaip muid an leabhrán ar na Brúsaigh in Ulaidh agus ar an chonair oidhreachta ar an 300 toscaire comhdhála agus ar phobal acadúil agus ar mhic léinn Choláiste na Tríonóide Baile Átha Cliath.

D'oibrigh an Ghníomhaireacht i gcomhpháirt le Comhairle Buirge Aontroma agus Bhaile na Mainistreach le tacú le hAonach Bealtaine Bhealach Cláir ón 19 go dtí an 23 Bealtaine, áit a bhfuil stair agus oidhreachta láidir Ultaise. Rinneadh clár siamsaíochta an aonaigh, a chuimsíonn trádáil capall, cóisir do leanaí agus lá spraoi, agus Mórshiúl bliantúil Aonach na Bealtaine, rinneadh é a fheabhsú nuair a cuireadh ceol traidisiúnta Ultaise agus damhsa Céilí na hAlban leis. Ghlac na cuairteoirí go léir ag an ócáid go dearfach leis an tsiamsaíocht Ultaise.

I mí an Mheithimh rinne an Ghníomhaireacht mórhaispeántas de thraidisiúin chultúrtha na hUltaise ag Féile Thuaithe Thuaisceart Éireann a bhí ar siúl den chéad uair ag Teach Scairbhígh, Contae Ard Mhacha. Sa chlár Ultaise ag an imeacht seo a raibh freastal maith air bhí seónna ceoil Ultaise ag Risin' Stour, Chanter, the Down and Out Bluegrass Band agus Cup O' Joe le seónna damhsa garbhchríoch ag Scoil Damhsa Garbhchríoch Michelle Johnston. Bhí léirithe ann ar dhéanamh traidisiúnta aráin sóide agus arán práta i mórfhuball na Gníomhaireachta. Taifeadh 18,000 cuairteoir, an líon is mó riamh, ag an imeacht dhá lá bliantúil seo.

I mí Iúil cuireadh tús le tréimhse an-ghnóthach don Ghníomhaireacht le roinnt mórimeacht ardhphróifíle ar siúl i mBéal Feirste, Gleann Arma agus Domhnach Daoi agus lainseáladh an clár samhraidh bliantúil Ultaise i bPort an Ghiolla Ghruama.

In June, the Agency showcased Ulster-Scots cultural traditions at the Northern Ireland Countryside Festival which took place for the first time at Scarvagh House, County Armagh. The Ulster-Scots programme at this well attended event included Ulster-Scots musical performances by Risin' Stour, Chanter, the Down and Out Bluegrass Band and Cup O' Joe with highland dancing performances by Michelle Johnston School of Highland Dance. Demonstrations of traditional soda and potato bread making also took place within the Agency's marquee. A record 18,000 visitors were recorded for this annual two-day event.

July marked the start of a very busy period for the Agency with a number of high profile large-scale events taking place in Belfast, Glenarm and Donaghadee and the launch of the annual Ulster-Scots summer programme in Groomsport.

The Tall Ships event ran from 2nd to 5th July and the Agency worked with Belfast City Council to ensure that Ulster-Scots and the links to Belfast's rich maritime heritage were included in the overall event programme. The Agency invited the Scottish Maritime Museum from Ayrshire to provide boat building demonstrations and this was complimented by various Ulster-Scots music and dance performances and other family orientated entertainment. On 2nd July the Agency officially launched the Belfast Maritime project which included installing signage and developing a trail map following various key sites along the dockside which are significant to the maritime heritage of Belfast.

Later in the month, the hugely popular Dalriada Festival took place in Glenarm Estate, County Antrim from 18th to 25th July. The festival programme included the Glenarm Castle Highland Games and the County Antrim Pipe Band Championships featuring numerous bands from across Northern Ireland and Scotland. The festival, which attracted in excess of 25,000 visitors across the week long duration was further enhanced by a selection of musical performances by traditional Ulster-Scots groups.



***Brian McTeggart, Robert Fyfe (Commercial Director, Totalis), Ian Crozier & Tom Scott at the official launch of the Belfast Maritime Trail on Donegal Quay.
Seoladh oifigiúil an Belfast Maritime Trail ar Ché Dhún na nGall.***

July also saw the Agency working in partnership with Ards and North Down Borough Council to host the third annual Donaghadee Ulster-Scots Festival from 22nd to 26th culminating in a Living History Fayre on Saturday. The Fayre including various re-enactment groups from all periods of Ulster-Scots history; Lambeg drumming workshops; musical entertainment by Willie

Bhí imeacht na Long Ard ar siúl ón 2 go dtí an 5 Iúil agus d'oibrigh an Ghníomhaireacht le Comhairle Cathrach Bhéal Feirste lena chinntiú go raibh an Ultais agus na naisc le stair shaibhir mhuirí Bhéal Feirste san áireamh sa mhórchlár imeachtaí. Thug an Ghníomhaireacht cuireadh do Mhúsaem Muirí na hAlban ó Siorrachd Àir léirithe foirgneamh bád a chur ar fáil agus leis seo bhí seónna éagsúla ceoil agus damhsa Ultaise agus siamsaíocht eile dírithe ar theaghlaigh. Ón 2 Iúil lainseáil an Ghníomhaireacht go hoifigiúil tionscadal Muirí Bhéal Feirste, a chuimsigh comharthaíocht nua a chur suas agus léarseáil conairí a fhorbairt ag leanúint príomhshuíomhanna ar thaobh na ndugá atá tábhachtach in oidhreacht mhuirí Bhéal Feirste.

Níos faide anonn sa mhí bhí Féile Dháil Riada, a raibh ráchairt mhór uirthi, ar siúl ar Eastát Ghleann Arma, Contae Aontroma, ón 18 go dtí an 25 Iúil. Ar chlár na féile bhí Cluichí Garbhchríoch Chaisleán Ghleann Arma agus Craobhchomórtais Bannaí Píob Chontae Aontroma ina raibh a lán bannaí ó áiteanna fud fad Thuaisceart Éireann agus Alban. Cuireadh tuilleadh feabhais ar an fhéile, a mheall níos mó ná 25,000 cuairteoir ar feadh na seachtaine a mhair an fhéile, le rogha seónna ceoil ag grúpaí traidisiúnta Ultaise.

I mí Iúil chomh maith bhí an Ghníomhaireacht ag obair i gcomhpháirt le Comhairle na hArda agus an Dúin Thuaidh le tríú Féile bhliantúil Ultaise Dhomhnach Daoi a óstáil ón 22 go dtí an 26 Iúil, ag críochnú le hAonach Staire Beo Dé Sathairn. San Aonach bhí athléirithe ó ghrúpaí éagsúla ó gach tréimhse de stair na hUltaise; ceardlanna drumadóireachta Lann Bheag; siamsaíocht cheoil le Willie Drennan agus a bhanna; damhsa garbhchríoch le Scoil Damhsa Michelle Johnston, léirithe éagsúla ceardaíochta lena n-áirítear déantús rópaí, gaibhneacht agus léiriú cócaireachta le Jenny Bristow.



*Willie Drennan agus damhsóirí garbhchríoch ó Scoil Damhsa Michelle Johnstone ag Féile Ultaise Dhomhnach Daoi i mí Iúil
Willie Drennan and Highland dancers from the Michelle Johnston School of Dance at the Donaghadee Ulster-Scots Festival in July*

D'oibrigh an Ghníomhaireacht chomh maith i gcomhpháirt le Comhairle na hArda agus an Dúin Thuaidh ar an chlár samhraidh gníomhaireachtaí Ultaise dírithe ar pháistí ag Teachíní Ró na Ruacan i bPort an Ghiolla Ghruamaigh. San áireamh sa chlár rathúil imeachtaí, a bhí ar siúl i rith mhí Iúil agus mhí Lúnasa, bhí ceol Ultaise ó Geordies Music Box, Risin' Stour agus the Down and Out Bluegrass Band, léirithe damhsa le Bright Lights, léirithe píobaireachta le Andy McGregor agus siamsaíocht teaghlaigh, ag cuimsiú siamsaíocht do pháistí, léirithe seabhcóireachta agus ceardlanna boghdóireachta agus ceardaíochta.

Drennan and band; Highland Dancing with Michelle Johnston School of Dance, various craft demonstrations including rope-making, blacksmithing and a cookery demonstration by Jenny Bristow.

The Agency also worked in partnership with Ards and North Down Borough Council on the summer programme of Ulster-Scots family orientated activities at Cockle Row Cottages in Groomsport. The successful weekly programme of events, which ran throughout July and August included Ulster-Scots music from Geordies Music Box, Risin' Stour and the Down and Out Bluegrass Band, dance displays by Bright Lights, piping displays by Andy McGregor and family fun including kids entertainment, falconry displays and workshops for archery and crafts.

Belfast Culture Night took place on 18th September and the Agency hosted an Ulster-Scots event at the Discover Ulster-Scots Centre as part of the greater programme of activity taking place across the Cathedral Quarter and Belfast. This one-day event was very well attended with around 30,000 people attending the hundreds of events held in Belfast.

Another event to take place in Belfast during September was the official launch of Scotch Town, by Nelson McCausland which was organized to coincide with European Day of Languages. The publication highlights the Ulster-Scots language and its use in Belfast both in the past and present day.

In the run up to year end the Agency ran the second annual St Andrew's Day Celebration at Carrickfergus Castle on Saturday 28 November. This one-day event included a full programme of family orientated activities including Ulster-Scots re-enactments, Piping, traditional music and dance, traditional Ulster-Scots food, a falconry display, sword fighting, archery, face-painting, sword and crown making workshops and storytelling which was well attended.




*Re-enactors outside Carrickfergus Castle during the St Andrew's Day Celebration.
Athléiritheoirí taobh amuigh de Chaisleán Charraig Fhearghais le linn
Cheiliúradh Lá Fhéile Naomh Aindriú.*

Finally, during 2015, the Agency worked with the Ulster History Circle to deliver a series of Blue Plaques around Ulster celebrating pivotal figures from Ulster-Scots history. Blue Plaques were unveiled for Anne Jane Carlile (1775-1864) on 1st May at Trinity Presbyterian Church, Bailieborough. Anne Jane Carlile was an Ulsterwoman whose inspiration and faith gave a name and purpose to one of Victorian Britain's leading temperance

Bhí Oíche Chultúir Bhéal Feirste ar siúl ar an 18 Meán Fómhair agus d'óstáil an Gníomhaireacht ócáid Ultaise ag an Discover Ulster-Scots Centre mar chuid den mhórchlár gníomhaíochta ar siúl ar fud Cheathrú na hArdéaglaise agus ar fud na Cathrach. Bhí freastal an-mhaith ar an imeacht aonlae seo le timpeall 30,000 duine i láthair ag na céadta imeacht a bhí ar siúl i mBéal Feirste.

Imeacht eile a bhí ar siúl i mBéal Feirste i mí Mheán Fómhair ba ea lainseáil Bhaile na nAlbanach ag Nelson McCausland, a eagraíodh le bheith ar siúl an lá céanna le Lá Eorpach na dTeangacha. Leagann an foilseachán béim ar theanga na hUltaise agus a húsáid i mBéal Feirste san am a chuaigh thart agus faoi láthair.



*An t-údar, Nelson McCausland, le Ian Crozier ag seoladh oifigiúil 'Baile na nAlbanach'
Author, Nelson McCausland with Ian Crozier at the official launch of 'Scotch Town'.*

Agus deireadh na bliana ag teacht réachtáil an Gníomhaireacht an dara Ceiliúradh bliantúil Lá Naomh Aindriú ag Caisleán Charraig Fhearghais Dé Sathairn an 28 Samhain. San imeacht aonlae seo bhí clár iomlán gníomhaíochtaí dírithe ar theaghlaigh, ag cuimsiú athléirithe Ultaise, píobaireacht, ceol agus damhsa traidisiúnta, bia traidisiúnta Ultaise, léiriú seabhcóireachta, troid claimhte, boghdóireacht, péinteáil aghaidhe, ceardlanna déantúsaíochta claimhte agus corónacha agus scéalaíocht ar a raibh freastal maith.

Ag an deireadh, le linn 2015, d'oibrigh an Gníomhaireacht le Ciorcal Staire Uladh le sraith de Phlaiceanna Gorma timpeall Chúige Uladh ag ceiliúradh pearsana tábhachtacha ó stair na hUltaise. Nochtadh plaiceanna gorma do Anne Jane Carlile (1775-1864) ar an 1 Bealtaine ag Eaglais Phreispitéireach na Tríonóide, Coill an Chollaigh. Bean Ultach ba í Anne Jane Carlile, ar thug a hinspioráid agus a creideamh ainm agus cuspóir do cheann amháin de na príomhghluaiseachtaí measarthachta sa Bhreatain le linn ré na Banríona Victoria. Ar an 21 Bealtaine nochtadh plaic ghorm don fhaighteoir Chros Victoria, Robert Morrow ar an Mhuileann Nua, Co. Thír Eoghain. Eagraíodh an nochtadh le bheith ann ag an am chéanna le comóradh céad bliain bhás an tSaighdiúra Shingil 23 bliana d'aois, Robert Morrow VC, a chaill a bheo cóngarach do Messines le linn dó a bheith ag sábháil daoine eile ar an 12 Aibreán 1915. Faoi lámhach trom na namhad thug sé tárrtháil ar fhir agus

movements. On 21st May a Blue Plaque was unveiled for Victoria Cross recipient, Robert Morrow at Newmills, Co Tyrone. The unveiling was organized to coincide with the 100th anniversary of the death of 23-year-old Private Robert Morrow VC, who lost his life near Messines while saving others on April 12, 1915. Under heavy enemy fire, he rescued and carried several men to safety who had been buried in the debris of trenches wrecked by shellfire. The private in the 1st Battalion, The Royal Irish Fusiliers, was killed in action two weeks later at St Jan on the Ypres Salient, Belgium. The final Blue Plaque for 2015 was unveiled for Henry Montgomery (1788 – 1865) on 18th December in Dunmurry. Henry Montgomery was a Minister, teacher and reformer and was renowned as the champion of the Non-Subscribing Presbyterians and had a long association with the church at Dunmurry. The unveiling was held on the 150th anniversary of his death in 1865.

d'iompair iad go háit shábháilte i ndiaidh dóibh a bheith clúdaithe i smionagar trinsí a bhí réabtha faoi ionsaí sliogán. Maraíodh i gcomhrac an saighdiúir singil sa 1ú Cathlán Fhiúsailéirí Ríoga na hÉireann dhá sheachtain ina dhiaidh sin in St Jan ar an Ypres Salient, an Bheilg. Nochtadh an phlaic ghorm dheiridh in 2015 do Henry Montgomery (1788-1865) ar an 18 Nollaig i nDún Mhuirigh. Ba mhinistir, múinteoir agus leasaitheoir é Henry Montgomery agus bhí cáil air mar chrann taca na bPreispitéireach Neamh-Aontaithe agus bhí baint fhada bhuan aige leis an eaglais i nDún Mhuirigh. Rinneadh an nochtadh lá comórtha 150 bliain a bháis in 1865.



*Geordies Music Box ag seinm ag Teachíní Ró na Ruacan i bPort an Ghiolla Ghruamaigh.
Geordie's Music Box performing at Cockle Row Cottages in Groomsport.*

Educate

The Agency's Ulster-Scots Flagship School Programme continued to flourish, with a total of 16 schools being awarded Flagship status during 2015:

- Castleblayney Central School
- Brookeborough Primary School
- Larne and Inver Primary School
- Drumrane Primary School
- Fair Hill Primary School
- Glenmaquin National School
- Meadow Bridge Primary School
- Fort Hill Integrated Primary School
- Augher Central Primary School
- Derryboy Primary School
- Drumlins Primary School
- Fivemiletown Primary School
- Glynn Primary School
- Millisle Primary School
- Rasharkin Primary School
- Ballydown Primary School

Reflecting the strong demand which exists for Ulster-Scots activity in primary schools, the Agency has recruited a further 20 new schools into the programme, which takes 18 months to complete. Participating schools are geographically spread throughout the nine counties of Ulster.

The C2k project was established to provide the infrastructure and services to support the enhanced use of ICT in schools in Northern Ireland and during 2015, the Agency worked with CCEA to develop an Ulster-Scots presence within the C2k platform.

The Agency delivered 29 Ulster-Scots Afterschool Clubs in primary schools, which engaged upwards of 800 pupils. Schools hosted a variety of Ulster-Scots workshops as part of the Afterschool Club programme including language, accordion, fiddle, tin whistle, dance, drama, cookery and arts and crafts. Each Afterschool Club ran for approximately one hour each week after school and proved to be very popular. Afterschool Clubs are a valuable part of our progression path for schools and many schools that have participated in an Afterschool Club have then gone on to the Ulster-Scots Flagship School Programme.

Our touring drama project for 2015 was developed to mark the 700th Anniversary of the arrival of the Bruces in Ulster in 1315. Bruce at the Castles was scripted, directed and staged by Class Act Drama and performed in Dunluce Castle, Carrickfergus Castle, Dundrum Castle and Greencastle Castle between May and June 2015. It provided a historical reflection on Edward Bruce and his campaign in Ireland. The performance was staged as immersive theatre, the audience moved with the performance and were able to be part of the experience, cheering, dancing and involving themselves as key participants within the Anglo-Norman, Scots and Irish forces. A total of 900 pupils from 30 different schools participated in the project and as a result, their knowledge of Ulster-Scots language and culture increased significantly.

The Agency also delivered the Bruce at the Castles drama project at three post-primary schools during 2015: Saintfield High School, Dundonald High

Oideachas

Bhí rath i gcónaí ar chlár suaitheanta Ghníomhaireacht na hUltaise do scoileanna, le stádas suaitheanta bronnta ar 16 scoil ar fad le linn 2015:

- Lár-Bhunscoil Bhaile na Lorgan, Co. Mhuineacháin
- Bunscoil Achadh Lon
- Bunscoil Latharna agus an Inbhir
- Bunscoil Dhroim Raithin
- Bunscoil Chnoc an Aonaigh
- Bunscoil Ghleann Mhic Coinn
- Bunscoil Dhroichead na Cluaine
- Bunscoil Imeastha Chnoc an Dúin
- Lár-Bhunscoil Eochrach
- Bunscoil Dhoire Buí
- Bunscoil Dhroimlíne
- Bunscoil Bhaile na Lorgan, Co. Thír Eoghain
- Bunscoil an Ghleanna
- Bunscoil Oileán an Mhuilinn
- Bunscoil Ros Earcáin
- Bunscoil Bhaile an Dúin

Mar gheall ar an éileamh láidir atá ann ar imeachtaí Ultaise i mbunscoileanna, tá 20 scoil nua earcaithe ag an Ghníomhaíocht sa chlár, rud a ghlacann 18 mí lena chur i gcrích. Tá scoileanna rannpháirteacha spréite amach ar fud naoi gcontae Uladh.

Cuireadh an tionscadal C2k ar bun le bonneagar agus seirbhísí a chur ar fáil le tacú le húsáid fheabhsaithe TFC i scoileanna i dTuaisceart Éireann agus le linn 2015 d’oibrigh an Ghníomhaireacht le CCEA le láithreacht Ultaise a fhorbairt ar ardán C2k.

Chuir an Ghníomhaireacht ar fáil 29 gclub iar-scoile Ultaise i mbunscoileanna, ina raibh suas le 800 dalta páirteach. D’óstáil scoileanna ceardlanna éagsúla Ultaise mar chuid den chlár clubanna iarscoile, ag cuimsiú teanga, cairdín, fídl, feadó g stáin, damhsa, drámaíocht, cócaireacht agus ealaín agus ceardaíocht. Bhí gach club iarscoile ar siúl ar feadh timpeall aon uair an chloig gach seachtaine tar éis am scoile, agus bhí an-ráchairt orthu. Is cuid thábhachtach dár gconair forchéimnithe do scoileanna agus chuaigh a lán scoileanna a ghlac páirt i gclub iarscoile ar aghaidh ansin go dtí Clár Suaitheanta Ultaise.

Forbraíodh ár dtionscadal camchuarite drámaíochta do 2015 le 700 bliain a chomórath ó tháinig na Brúsaigh go hÉireann 1315. Class Act Drama a scríobh an script, a stiúir agus a chuir ar an ardán *Bruce at the Castles* agus cuireadh i láthair é i gCaisleán Dhún Libhse, Caisleán Dhún Droma agus an Caisleán Glas idir Bealtaine agus Meitheamh 2015. Chuir sé ar fáil machnamh staire ar Eideard Bruis agus a fheachtas in Éirinn. Cuireadh an seó i láthair mar thumthéatar, leis an lucht féachana ag bogadh leis an tseó agus iad in ann a bheith mar chuid den eispéireas, ag ligean liú, ag damhsa agus iad ina rannpháirtithe tábhachtacha sna fórsaí Angla-Normannacha, Albanacha agus Éireannacha. Bhí 900 dalta ó 30 scoil éagsúil páirteach sa tionscadal agus dá thoradh sin tháinig méadú suntasach ar a n-eolas ar theanga agus ar chultúr na hUltaise.

Chomh maith leis sin chuir an Ghníomhaireacht an tionscadal drámaíochta *Bruce at the Castles* ar fáil i dtrí iar-bhunscoil le linn 2015: Ardscoil Thamhnaigh Naofa, Ardscoil Dhún Dónaill agus Ardscoil Dhún Libhse,

School and Dunluce High School, Bushmills. Class Act Drama worked with staff and pupils at each school to stage a performance of the production.



*Brookeborough Primary School with their Ulster-Scots Flagship Award.
Bunscoil Achadh Lon lena nDuais Shuaitheanta Ultaise.*

A total of 36 schools participated in the Agency's Music and Dance tuition programme. Schools receive funding from the Agency to run Ulster-Scots music and dance tuition programmes for Pipe, Snare Drum, Flute, Lambeg Drum, Tin Whistle, Fiddle, Highland Dance and Scottish Country Dance. This funding was open to all schools in the primary and post primary sectors whether controlled, maintained or integrated.

A joint Ulster-Scots / Irish project was successfully delivered in partnership with Foras na Gaeilge throughout the year in 4 integrated post-primary schools; Priory Integrated College, Holywood, Slemish College, Ballymena, New-bridge Integrated College, Loughbrickland and Malone Integrated College, Belfast. We devised a cultural programme to introduce key stage 3 pupils from the integrated post-primary sector to both Ulster-Scots and Irish, which was delivered over 6 workshops focusing primarily on language and culture. The programme was devised to fit within the citizenship curriculum area adding further value and appeal for schools.

During 2015 the Agency delivered a programme of Ulster-Scots activity at 2 pre-schools – Shaftesbury Nursery School and Millisle Nursery School. A 6 - 8 week programme of Ulster-Scots activity was delivered in each Nursery School and included singing and Scottish Country dancing or Highland dancing.

The Ulster-Scots Juvenile Pipe Band had another successful year with piping and drumming tuition delivered to 60 students as part of the project. Examinations to gain formal accreditation from the Piping and Drumming Qualification Board (PDQB) took place in November and approximately 40 gained a pass grade or above. The Juvenile Pipe Band performed at a number of large-scale events, festivals and competitions throughout the year. In June the Juvenile Pipe Band competed at the UK Pipe Band Championships at Stormont Estate, Belfast and won the Best Drum Corps.

Muileann na Buaise. D'oibrigh Class Act Drama le baill foirne agus daltaí i ngach scil leis an tseó a chur ar an ardán.

Bhí 36 scoil ar fad páirteach i gclár teagaisc ceoil agus damhsa na Gníomhaireachta. Faigheann scoileanna maoiniú ón Gníomhaireacht le clár theagaisc cheoil agus dhamhsa a reáchtáil faoina gcoinne seo a leanas: na píoba, sreangdhruma, flúit, druma Lann Bheag, feadóg stáin, fíidil, damhsa garbhchríoch agus damhsa tuaithe na hAlban. Bhí an maoiniú seo oscailte do gach scoil in earnáil an bhunoideachais agus in earnáil an iar-bhunoideachais, bíodh siad rialaithe, faoi chothabháil nó imeasctha.

Cuireadh comhthionscadal Ultaise/Gaeilge i gcrích i gcomhpháirt le Foras na Gaeilge i rith na bliana in 4 iar-bhunscoil imeasctha; Coláiste Imeasctha na Prióireachta, Ard Mhic Nasca, Coláiste Shliabh Mis, an Baile Meánach, Coláiste Imeasctha an Droichid Nua, Loch Bricleann, agus Coláiste Imeasctha Mhaith Luain, Béal Feirste. Cheap muid clár cultúrtha le buneolas a thabhairt do dhaltaí eochairchéim 3 ón earnáil iar-bhunscolaíochta imeasctha ar an Ultais agus ar an Ghaeilge araon, a cuireadh ar fáil in 6 cheardlann ag díriú go príomha ar theanga agus ar chultúr. Ceapadh an clár le bheith oiriúnach don réimse curaclaim saoránachta, ag cur luach breise agus spéise leis do scoileanna.

Le linn 2015 chuir an Gníomhaireacht ar fáil clár de ghníomhaíocht Ultaise ag 2 réamhscoil – Náiscoil Shaftsbury agus Náiscoil Oilean an Mhuilinn. Cuireadh clár 6-8 seachtaine de ghníomhaíocht Ultaise ar fáil i ngach Náiscoil agus san áireamh bhí amhránaíocht agus damhsa tuaithe na hAlban nó damhsa garbhchríoch.

Bhí bliain rathúil eile ag an Ógbhanna Píob Ultaise, le teagasc píob agus drumadóireachta curtha ar fáil do 60 dalta mar chuid den tionscadal. Bhí scrúduithe le creidiúnú foirmiúil a bhaint amach ón Bhord Cáilíochta Píobaireachta agus Drumadóireachta (PDQB) ar siúl i mí na Samhna agus fuair 40 acu pas nó grád os a chionn. Sheinn an tÓgbhanna Píob ag mórimeachtaí, féilte agus comórtais i rith na bliana. I mí an Mheithimh bhí an tÓgbhanna san iomaíocht i gCraobhchomórtais Bannaí Píob RA ag Eastát Stormont, Béal Feirste, agus bhain siad an Cór Drumadóireachta Is Fearr.

I mí an Mheithimh fuair 236 dhalt a mbonnteastas sa pháibaireacht agus sa drumadóireacht ag ócáid a reáchtáladh i dTithe na Parlaiminte, Stormont. D'eagraigh an Gníomhaireacht ócáid, a d'óstáil an Ball Parlaiminte agus an Ball Tionóil Reachtúil d'Fhear Manach agus Tír Eoghain Theas, Tom Elliott, ócáid a mheall na céadta dalta agus tuismitheoir fud fad Thuaisceart Éireann agus Dhún na nGall.

Cuireadh ceardlanna Ultaise ar fáil in 25 scoil in earnáil an bhunoideachais agus in earnáil an iar-bhunoideachais ar fud Uladh i rith na bliana. Bhí ceardlanna idir 1 agus 4 uaire an chloig ar fad agus chlúdaigh siad téamaí, ranganna agus cainteanna ar ábhair nach raibh clúdaithe cheana féin sa chlár iarscoile nó sa chlár suaitheanta, mar shampla ionradh Eideard Bruis agus a fheachtas in Ultaibh lena gcuimhneachán 700 bliain a chomóradh.

Forbraíodh clár duaiseanna Ultaise go rathúil chomh maith le linn 2015 agus bronnadh duaiseanna ar bhunscoileanna agus ar iar-bhunscoileanna ar son drámaíochta, teanga, stair Ultaise, damhsa agus duaiseanna ginearálta ar son an chlub iarscoile is fearr, an club is nuálaí, feabhas agus an Ultais a chur san áireamh sa churaclam.



The Ulster-Scots Juvenile Pipe Band after performing at the UK Pipe Band Champions at Stormont Estate in June 2015

An tÓgbhanna Píob Ultaise i ndiaidh dóibh a bheith san iomaíocht i gCraobhchomórtais Bannaí Píob RA ag Eastát Stormont i mí an Mheithimh 2015

In June, 236 students received their Foundation Certificate in Piping and Drumming at an event held in Parliament Buildings, Stormont. The Agency organised event, hosted by Fermanagh and South Tyrone MP and MLA, Tom Elliott, attracted hundreds of pupils and parents from throughout Northern Ireland and Donegal.

Ulster-Scots workshops were delivered in 25 schools in the primary and post-primary sectors across Ulster throughout the year. Workshops ranged from 1 to 4 hours in duration and covered themes, classes and talks on subjects not already covered in the Afterschool or Flagship programmes, for example, the invasion of Edward Bruce and his Ulster campaign to mark its 700th Anniversary.

An Ulster-Scots Schools Award programme was also successfully developed during 2015 with Awards presented to primary and post-primary schools for drama, language and drama, Ulster-Scots history, dance and overall awards for best afterschool club, most innovative project, excellence and for inclusion of Ulster-Scots in the curriculum.

The Agency organised three successful East - West Twinning projects during 2015. The first twinning took place in May with Edward Bruce as its theme and brought teachers and pupils from Larne and Inver P.S. (Larne) and Holmston Primary School, Ayr.

The second twinning was between Oakfield Primary School, Carrickfergus and Gardenrose Primary School, Maybole, Ayrshire, with Edward Bruce and the Carrick connection as their theme. The final twinning for the year brought Kirkistown Primary School, Cloughey, County Down and Portpatrick Primary School, Dumfries and Galloway, together for two days in September with historic and linguistic connections as their theme. The Agency received a high level of positive feedback from all those involved in the 2015 twinning projects and was encouraged to hear that pupils from the schools in Ulster and Scotland have maintained contact and friendships have been developed as a result of the project.



Fuair bail foirne agus daltaí ó Mhodscoil na mBuachaillí duais Ultaise do scoileanna ar son an Ultais a chur san áireamh sa churaclam iar-bhunscoile. Staff and Pupils of Belfast Boys' Model School received an Ulster-Scots Schools Award for Inclusion in the Post Primary Curriculum.

D'eagraigh an Ghníomhaireacht trí Thionscadal rathúla Nasctha Thoir-Thiar le linn 2015. Bhí an chéad nascadh ann i mí na Bealtaine le hEideard Bruis mar théama aige agus thug sé le chéile múinteoirí agus daltaí ó Bhunscoil Latharna agus an Inbhir (Latharna) agus Bunscoil Holmston, Siorrachd Àir.



*An Nascadh Thoir-Thiar deiridh..
The final East-West Twinning.*

Bhí an dara nascadh idir Bunscoil Pháirc na Darach, Carraig Fhearghais, agus Bunscoil Gardenrose, Maybole, Siorrachd Àir, leis an nasc idir Eideard Bruis agus Carraig Fhearghais mar théama acu. Thug an nascadh deireanach don bhliain Bunscoil Bhaile Chirc, Clochaigh, Contae an Dúin agus Bunscoil Port Phàdraig, Dùn Phris agus Ghall-Ghàidhealaibh, thug sé le chéile iad ar feadh dhá lá i mí Mheán Fómhair le naisc stairiúla agus theanga mar théama acu. Fuair an Ghníomhaireacht leibhéal ard aiseolais dhearfaigh ó gach duine a bhí páirteach sna tionscadail nasctha in 2015 agus ba spreagadh di a chluinstin gur choinnigh daltaí ó na scoileanna in Ultaibh agus in Albain i dteagmháil agus go bhfuil cairdeas forbartha de thoradh an tionscadail.

Empower

In 2015, the Ulster-Scots Agency funded Ulster-Scots groups with a total investment of £1,298,608.

Groups were funded £208,652 for Ulster-Scots Music and Dance Tuition and small one off events during 2015. A total of 105 community and voluntary groups received funding for the delivery of Ulster-Scots Music and Dance Tuition in 2015. Out of the 105 groups, 80 delivered a programme of music tuition over a 20 week period and 25 delivered a programme of dance tuition over a period of 30 weeks.

Community based Ulster-Scots activities such as festivals, drama showcases and music and dance showcases were awarded £253,290 during 2015. The Agency supported 12 large scale community festivals and a total of 17 community showcase events in 2015. Community festivals included the Kingdom of Dalriada Festival; Ballywalter Ulster-Scots Festival; Newtownstewart Ulster-Scots Gatherin'; Carrickfergus Pageant 2015; Coleraine Twelfth Festival of Culture and Heritage; the Reivers Festival; the Greytoon Festival; Annalong Ulster-Scots Festival; Loughshore Ulster-Scots Festival, Belfast; the Broadisland Gathering, Ballycarry; and the Maiden City Festival in Londonderry.

Thug Foras na Gaeilge maoiniú do Economic and Social Research Institute/Amárach Research chun anailís a dhéanamh ar thorthaí taighde ar dhearthaí i dtaobh an teanga Ghaeilge ar oileán na hÉireann. Foilsíodh an anailís i Lúnasa 2015 agus tá fáil uirthi go dátheangach ar shuíomh Fhoras na Gaeilge agus ar shuíomh ESRI. Is é seo an tuairisc is cuimsithí ar foilsíodh riamh ar dhearthaí i dtaobh na teanga, i gcumas sa teanga agus in úsáid na teanga Ghaeilge ar oileán na hÉireann. Léirigh na torthaí méadú suntasach i dtacaíocht don teanga sna blianta ó 2001 ar aghaidh - 18 faoin gcéad pointe sa deisceart agus 16 faoin gcéad pointe i dTuaisceart Éireann. Tá an leagan deireanach den doiciméid ar fáil le híoslódáil go dátheangach ar shuíomh Fhoras na Gaeilge. I measc na príomhthorthaí bhí:

- Bhí 67% de dhaoine sa Deisceart agus 45% sa Tuaisceart i bhfabhar na teanga nó go láidir i bhfabhar na teanga;
- D'aontaigh 82% (sa Deisceart) agus 48% (sa Tuaisceart) gur cheart do pháistí an Ghaeilge a fhoghlaim [sa dlínse acu féin faoi seach];
- D'aontaigh tromlach suntasach (72% sa Deisceart agus 63% sa Tuaisceart) leis an ráiteas gur cheart go mbeadh oideachas trí Ghaeilge ar fáil áit go bhfuil an t-éileamh ann di.

Rinne grúpa oibre laistigh d'Fhoras na Gaeilge forbairt ar fhoilsiúchán dátheangach, *Treoircháipéis: seirbhísí Gaeilge sna Comhairlí Nua/ Guidance Document: Irish language services in the new Councils* chun treoir a chur ar fáil don Rialtas áitiúil i dTuaisceart Éireann i dtaobh seirbhísí a chur ar fáil trí Ghaeilge. Seoladh an chéad dréacht den doiciméad ag comhdháil a d'eagraigh Conradh na Gaeilge, an phríomheagraíocht a phléann le habhcóideacht, i Márta 2015 in Ard Mhacha. Tá an leagan críochnaithe den doiciméad ar fáil go dátheangach le híoslódáil ó shuíomh Fhoras na Gaeilge.

Sheol an Coimisinéir Teanga, Rónan Ó Domhnaill, *Tuarascáil Taighde ar Nuachaintoírí na Gaeilge – a research Report on New Speakers of Irish* le John Walsh, Bernadette O'Rourke agus Hugh Rowland, maoinithe ag Foras na Gaeilge, ag Oireachtas na Gaeilge i Mí Dheireadh Fómhair. Is éard atá i gceist le 'Nuachaintoírí' ná iadsan a bhaineann úsáid as teanga go rialta ach nach cainteoirí dúchasacha traidisiúnta iad. Is ar thaighde a rinne greásán thaighde Eorpach atá an tuairisc bunaithe. Tá an tuairisc ar fáil go dátheangach le híoslódáil ó shuíomh Fhoras na Gaeilge.

Tugadh páipéar ar mhórchéist: úsáid na seirbhísí poiblí ar fáil trí Ghaeilge, ag Comhdháil Bhliantúil na Cónaidhme Eorpach um Institiúidí Náisiúnta do Theangacha (EFNIL) a réachtáladh i Heilsinci.

Future Developments

Review of the Core-funded Sector

2015 was the first full year of the operation of the new arrangements. The Lead Organisation responsible for 6 major areas of work relating to the Irish language) framework was first ratified by the North/South Ministerial Council (NSMC) in 2013 and the organisations themselves first chosen and announced in January 2014. The new funding arrangements for the core-funded sector came into operation in the middle of 2014. This resulted in changes to work and responsibilities and also an increase in the average value of the funding to the six lead organisations. It was essential therefore that appropriate arrangements were developed and implemented in the areas of monitoring, reporting and corporate governance; this challenge is high among the priorities of Foras na Gaeilge in the early years of the new arrangements and the bedding-in of the new arrangements for funding and monitoring the work of the Lead Organisations continued to be a strategic priority with regular meetings and enhanced reporting structures.

The implications for Foras na Gaeilge arising out of the implementation of the 20 Year Strategy for the Irish Language 2010-2030 (announced by the Irish government in November 2010) are being examined through the body's co-operation with Údarás na Gaeltachta as parties to the High-Level Group established by the Department of Arts, Heritage, Regional, Rural & Gaeltacht Affairs.

Gaeltacht Service Towns

Either Foras na Gaeilge or Údarás na Gaeltachta (depending on whether the towns are, respectively, outside or inside the Gaeltacht) shall deal with the Gaeltacht Service Towns proposed in Acht na Gaeltachta, 2012, when they are chosen. The Department of Arts, Heritage, Regional, Rural & Gaeltacht Affairs, after running a consultation process, announced in December 2014 the following list of towns which could be Gaeltacht Service Towns when they might be selected:

<i>County</i>	<i>Town</i>
Donegal	Letterkenny; An Clochán Liath; Donegal Town;
Mayo	Béal an Mhuirthead; Castlebar; Ballinrobe;
Galway	Galway City; Clifden;
Kerry	Daingean Uí Chúis; Tralee; Caherciveen;
Cork	Cork City; Macroom;
Waterford	Dungarvan;
Meath	Baile Átha Buí; Navan.

The Department of Arts, Heritage, Regional, Rural & Gaeltacht Affairs, Foras na Gaeilge and Údarás na Gaeltachta have agreed that Galway city, Letterkenny and Daingean Uí Chúis be prioritised and that language plans be prepared for these.

Irish Language Networks

Following guidance from the Department of Arts, Heritage, Regional, Rural & Gaeltacht Affairs, under the Gaeltacht Act (2012), Foras na Gaeilge requested expressions of interest in December 2014 for prospective applicants to prepare and implement language plans in areas which would be suitable for Irish Language Networks. On the 11 December 2015 the Board of Foras na Gaeilge approved the following applications to proceed to the next stage of the selection process:

Republic of Ireland: Muintir Chrónáin Teo; Gaeilge Locha Riach; An Clár as Gaeilge.

Northern Ireland: Forbairt Feirste; Coiste Forbartha Charn Tóchair.

Review of Scéim Phobail Gaeilge

Foras na Gaeilge reviewed its Scéim Phobail Gaeilge and based on that review made proposals aimed at improving the geographical distribution of the scheme. A consultation process on the proposals was held between July and November 2014. Based on the feedback provided proposals were developed which were to be discussed by the NSMC in 2015. At a meeting of 6th November 2015, the North/South Ministerial Council, Ministers approved the revised Scéim Phobail Gaeilge/Irish Language Community Scheme for implementation with effect from 1 July 2016.

Legislative Environment

In the South, while Heads of Bill were prepared for the revised version of the Official Languages Act, 2003 which is under review, amended legislation has not yet been enacted, thus any implications for Foras na Gaeilge are not yet known. In the North, proposals for an Irish Language Act, which had been in preparation and under consultation for a number of years were rejected in the Northern Ireland Assembly on the 10th March 2016.

Fulltime Posts

70 fulltime posts were approved for Foras na Gaeilge for the year ended 31 December 2015.

Forbairtí sa Toghchán

Athbhreithniú ar an Eanáil Bhunmhaoinithe

Ba í 2015 an chéad bhliain iomlán d'úsáid na socrúithe nua. Rinne an Chomhairle Aireachta Thuaidh Theas (NSMC) daigníú ar dtús ar an gCreat Ceanneagraíochta (Tá na Ceanneagraíochtaí freagrach as obair i 6 príomhréimse in eanáil na Gaeilge) i 2013. Roghnaíodh agus ainmníú na ceanneagraíochtaí in Eanáir 2014. Is i lár 2014 a tháinig na socrúithe maoinithe nua don eanáil bhunmhaoinithe i bhfeidhm. Tháinig athruithe ar obair agus ar fhreagrachtaí, agus freisin tháinig méadú ar an meánluach airgid a cuireadh isteach sa mhaoiniú sna sé cheanneagraíocht mar thoradh ar seo. Bhí sé riachtanach, mar sin de, gur forbraíodh agus gur cuireadh socrúithe cuí i bhfeidhm sna réimsí seo a leanas: monatóireacht, tuairisciú agus rialachas corparáideach. Tá Foras na Gaeilge ag tabhairt príomhaíochta don dhúshlán seo i mblianta tosaithe na socrúithe nua. Ba phríomhaíocht stráitéiseach í leabú isteach na socrúithe nua do mhaoiniú agus do mhonatóireacht na gCeanneagraíochtaí i gcónaí, bhí cruinnithe rialta agus struchtúr tuairiscithe feabhsaithe ann.

Tá impleachtaí d'Fhoras na Gaeilge a eascraíonn as feidhmíú na *Straitéise 20 Bliain don Ghaeilge 2010-2030* (fógartha ag Rialtas na hÉireann i Mí na Samhna 2010) á scrúdú tríd an gcomhoibriú idir Foras na Gaeilge agus Údarás na Gaeltachta mar chomhpháirtithe sa Ghrúpa Ardleibhéil a bhunaigh an Roinn Ealaíon, Oidhreacht, Gnóthaí Réigiúnacha, Tuaithe agus Gaeltachta.

Bailte Seirbhíse Gaeltachta, Líonraí Gaeilge agus Scéim Phobail Gaeilge

Beidh Foras na Gaeilge nó Údarás na Gaeltachta (ag brath ar a mbeidh na bailte lasmuigh den Ghaeltacht nó laistigh de, faoi seach) ag plé leis na Bailte Seirbhíse Gaeltachta a moladh in Acht na Gaeltachta, 2012, nuair a dhéanfar iad a roghnú. Tar éis dóibh próiseas comhairliúcháin a reáchtáil, d'fhógair an Roinn Ealaíon, Oidhreacht, Gnóthaí Réigiúnacha, Tuaithe agus Gaeltachta i mí na Nollag 2014 an liosta seo de bhailte a d'fhéadfadh bheith ina mBailte Seirbhíse Gaeltachta nuair a roghnófaí iad:

<i>Contae</i>	<i>Baile</i>
Dún na nGall	Leitir Ceanainn; An Clochán Liath; Baile Dhún na nGall;
Maigh Eo	Béal an Mhuirthead; Caisleán an Bharraigh; Baile an Róba;
Gaillimh	Cathair na Gaillimhe; An Clochán;
Ciarraí	Daingean Uí Chúis; Trá Lí; Cathair Saidhbhín;
Corcaigh	Cathair Chorcaí; Maigh Chromtha;
Port Láirge	Dún Garbhán;
An Mhí	Baile Átha Buí; An Uaimh.

Tá sé aontaithe ag an Roinn Ealaíon, Oidhreacht, Gnóthaí Réigiúnacha, Tuaithe agus Gaeltachta le Foras na Gaeilge agus le hÚdarás na Gaeltachta go ndíreofar i dtús báire ar chathair na Gaillimhe, Leitir Ceanainn agus Daingean Uí Chúis agus go n-ullmhófar plean teanga dóibh.

Líonraí Gaeilge

Ag leanadh treoracha ón Roinn Ealaíon, Oidhreacht, Gnóthaí Réigiúnacha, Tuaithe agus Gaeltachta, faoi Acht na Gaeltachta (2012), i Nollag 2014, d'fhógair Foras na Gaeilge éilimh ar léiriúcháin spéise d'iaratasóirí ionchasacha chun pleananna teanga d'áiteanna a d'fhéilfeadh do Ghreásáin Ghaeilge a ullmhú agus a chur i bhfeidhm. Ar 11 Nollaig 2015, d'fhaomh Bord Foras na Gaeilge na hiarratais seo a leanas le dul ar aghaidh chuig an chéad chéim eile sa phróiseas roghnúcháin:

Poblacht na hÉireann: Muintir Chrónáin Teo; Gaeilge Lochá Riach; An Clár as Gaeilge.

Tuaisceart Éireann: Forbairt Feirste; Coiste Forbartha Charn Tóchair.

Athbhreithniú ar Scéim Phobail Gaeilge

Rinne Foras na Gaeilge athbhreithniú ar a Scéim Phobail Gaeilge agus rinne said moltaí bunaithe ar an athbhreithniú sin a bhí mar aidhm acu dáileachán geografach na scéime a fheabhsú. Tharla comhairliúchán ar na moltaí idir Iúil agus Samhain 2014. Forbraíodh moltaí bunaithe ar an aiseolas tugtha, a bhí le plé ag an CATT i 2015. D'fhaomh Airí an leagan athbhreithnithe den Scéim Phobail Gaeilge/Irish Language Community Scheme ag cruinniú de chuid an Chomhairle Aireachta Thuaidh Theas ar 6 Samhain 2015, le teacht i bhfeidhm ó 1 Iúil 2016 ar aghaidh.

Staid Reachtach

Sa Deisceart, cé go raibh Cinn Billí ullamh don leagan athbhreithnithe d'Acht Oifigiúil na dTeangacha, 2003, atá faoi athscrúdú, níor cuireadh reachtaíocht athbhreithnithe i bhfeidhm go fóill. Is mar thoradh air seo nach fios fós céard iad na himpleachtaí a bheidh ann d'Fhoras na Gaeilge. Sa Tuaisceart, diúltaíodh do mholtaí d'Acht don Teanga Gaeilge, a bhí á ullmhú agus faoi chomhairliúchán le roinnt blianta anuas, sa Tionól Thuaisceart Éireann ar 10 Márta 2016.

Poist lánaimseartha

Bhí 70 post lánaimseartha ceadaithe d'Fhoras na Gaeilge don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2015.

Important events occurring after the Year End

No important events took place after 31 December 2015 which would affect the accounts.

Charitable Donations

Foras na Gaeilge made no charitable donations during the financial year ended 31 December 2015.

Board Members

The functions of Foras na Gaeilge are exercised by the Board. The following served as Board Members of Foras na Gaeilge during 2015.

Until 12 December 2015

Liam Ó Maolmhichíl – Chairperson
Eoghan Mac Cormaic - Deputy Chairperson
Pól Callaghan
Colm Cavanagh
Áine Ní Chiaráin
Brid Ní Chonghóile
Liam Kennedy (resigned on 25 March 2014 replacement tbc)
Seosamh Mac Donncha
Tomás Mac Eochagáin
Marcas Mac Ruairí
Seán Mícheál Ó Domhnaill
Dónal Ó hAiniféin
Therese Ruane
Donnchadh Ó Laoghaire (appointed 10 January 2014)
Caitriona Ní Shúilleabháin
Éamonn Ó Gribín

From 13 December 2015

Seosamh Mac Donncha – Chairperson
Northern Nominee (to be confirmed) - Deputy Chairperson
Pól Callaghan
Colm Cavanagh (Resigned 22 January 2016)
Deirdre Kirwan (Resigned 11 March 2016)
Gráinne McElwain
Seán Ó hArgáin
Marcas Mac Ruairí
Seán Mícheál Ó Domhnaill
Seán Ó Coisdealbha
Bláthnaid Ní Chofaigh
Éamonn Ó Gribín
Therese Ruane (Resigned 14 January 2016)
Donnchadh Ó Laoghaire (Resigned 4 March 2016)
Northern Nominee (to be confirmed)
Southern Nominee (to be confirmed)

There were three vacancies on the Board of Foras na Gaeilge at 31 December 2015.

Ferdie Mac an Fhailigh was appointed as chief executive in October 2006. His contract was extended by 5 years in 2011. Seán Ó Coinn was appointed as chief executive in December 2016.

Payment to Suppliers

Foras na Gaeilge is committed to the prompt payment for goods and services received, in accordance with the Irish 'Late Payments in Commercial Transactions Regulations, 2002' and 'Late Payment of Commercial Debts (Interest) Act 1998', as amended and supplemented by the 'Late Payment of Commercial Debts Regulations 2002' in the UK. Unless otherwise stated in the contract, payment is due within 30 days on receipt of the goods or services, or on presentation of an authorised invoice or similar demand, whichever is required in accordance with legislation. Regular reviews were conducted to measure how promptly Foras na Gaeilge pays its bills and found that in 2015 99% of bills were paid within the standard.

Health and Safety Policy

Foras na Gaeilge's Health and Safety practices have been assessed and a new safety statement has been put into place in the organisation from 2008 in accordance with the Safety, Health and Welfare at Work Act 2005 and the Safety, Health and Welfare at Work (General Application) (Amendment) Regulations 2010. Revised Safety Statements were prepared in 2014.

Equality and Disabled Employees

Foras na Gaeilge fulfils its responsibilities regarding disability, in both the North and South. In Northern Ireland the Language Body has a Disability Action Plan. In the South, Foras na Gaeilge reports on the employment of disabled persons as required by the Disability Act 2005. Every employee and applicant (real or possible) will be dealt with fairly and selections as regards employment, promotion, training or any other benefits will be made on a basis of suitability and ability. A survey was conducted in 2015 which indicated that 2.4% of those surveyed indicated that had a disability (in the previous calendar year) as defined in the Disability Discrimination Act 1995. In Northern Ireland, during 2015 Foras na Gaeilge also consulted on its draft Audit of Inequality and Action Plan arising from obligations under Section 75 of the Northern Ireland Act 1998.

Nithe suntasacha a tharla tar éis Dheireadh na Bliana

Níor tharla aon ní suntasach ón 31 Nollaig 2015 i leith a dhéanfadh difear do na cuntais seo.

Deonacháin Charthanúla

Ní dhearna Foras na Gaeilge aon deonacháin charthanúla i rith na bliana dar críoch an 31 Nollaig 2015.

Comhaltaí Boird

Cuireann an Bord feidhmeanna Fhoras na Gaeilge i gcrích. D'fhóin na daoine seo a leanas mar chomhaltaí boird de chuid Fhoras na Gaeilge i rith 2015.

Go dtí 12 Nollaig 2015

Liam Ó Maolmhichíl - Cathaoirleach
Eoghan Mac Cormaic - Leaschathaoirleach
Pól Callaghan
Colm Cavanagh
Áine Ní Chiaráin
Brid Ní Chonghóile
Liam Kennedy (éirithe as ar 25 Márta 2014 comharba le deimhniú)
Seosamh Mac Donncha
Tomás Mac Eochagáin
Marcas Mac Ruairí
Seán Mícheál Ó Domhnaill
Dónal Ó hAiniféin
Therese Ruane
Donnchadh Ó Laoghaire (ceaptha 10 Eanáir 2014)
Caitriona Ní Shúilleabháin
Éamonn Ó Gribín

Ó 13 Nollaig 2015

Seosamh Mac Donncha - Cathaoirleach
Ainmní ón Tuaisceart (le deimhniú) - Leaschathaoirleach
Pól Callaghan
Colm Cavanagh (éirithe as 22 Eanáir 2016)
Deirdre Kirwan (éirithe as 11 Márta 2016)
Gráinne McElwain
Seán Ó hArgáin
Marcas Mac Ruairí
Seán Mícheál Ó Domhnaill
Seán Ó Coisdealbha
Bláthnaid Ní Chofaigh
Éamonn Ó Gribín
Therese Ruane (éirithe as 14 Eanáir 2016)
Donnchadh Ó Laoghaire (éirithe as 4 Márta 2016)
Ainmní ón Tuaisceart (le deimhniú)
Ainmní ón Deisceart (le deimhniú)

Bhí trí fholúntas ar Bhord Fhoras na Gaeilge ag Nollaig 2015.

Ceapadh Ferdie Mac an Fhailigh mar Phríomhfheidhmeannach i nDeireadh Fómhair 2006. Cuireadh síneadh 5 bliana lena chonradh i 2011. Ceapadh Seán Ó Coinn mar Phríomhfheidhmeannach i Nollaig 2016.

Íocaíocht le Soláthraithe

Tá Foras na Gaeilge tiomanta d'íoc pras billí le haghaidh earraí agus seirbhísí a fhaightear de réir na 'Rialachán um Íocaíocht Dhéanach in Idirbhearta Tráchtála, 2002' de chuid na hÉireann, agus an 'Late Payment of Commercial Debts (Interest) Act, 1998', arna leasú agus arna fhorlíonadh ag an 'Late Payment of Commercial Debts Regulations 2002' sa Ríocht Aontaithe. Mura ndeirtear a mhalairt sa chonradh, bíonn íocaíocht dlite laistigh de 30 lá ón am a bhfaightear na hearraí nó na seirbhísí, nó ón am a gcuirtear sonrasc údaraithe nó éileamh den sórt céanna isteach, cibé acu atá ag teastáil de réir reachtaíochta. Rinneadh athbhreithnithe go rialta ar íocaíochtaí pras Fhoras na Gaeilge agus fuair 99% dá bhíllí in am de réir an chaighdeáin.

Beartas Sláinte agus Sábháilteachta

Rinneadh measúnú ar chleachtais Sláinte agus Sábháilteachta Fhoras na Gaeilge agus ullmhaíodh ráiteas sábháilteachta nua don eagraíocht i 2008 de réir an Achta um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair 2005 agus na Rialacháin um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair (Feidhm Ghinearálta) (Leasú) 2010. Ullmhaíodh ráitis sábháilteachta athbhreithnithe i 2014.

Comhionannas agus Fostaithe atá faoi mhíchumas

Comhlíonann Foras na Gaeilge a chuid freagrachtaí maidir le míchumas, i dTuaisceart Éireann agus i bPoblacht na hÉireann araon. Tá Plean Gnímh um Míchumas ag an bhForas Teanga i dTuaisceart Éireann. Tuairiscíonn Foras na Gaeilge i dtaca le daoine atá faoi mhíchumas a fhostú de réir an Achta um Míchumas 2005 i bPoblacht na hÉireann. Caithfear go cothrom le gach fostaí agus iarratasóir (fíor nó féideartha) agus is ar bhonn oiriúnachta agus cumais a dhéanfar roghanna a bhaineann le fostaíocht, ardú céime, oiliúint nó leas ar bith eile. Le linn 2015, rinneadh suirbhé a léirigh go raibh 2.4% dóibh siúd a ghlac páirt sa suirbhé (sa bhliain féilire roimhe) faoi mhíchumas de réir sainmhíniú an Achta in Aghaidh Idirdealú ar Bhonn Míchumais 1995. I dTuaisceart Éireann, i rith 2015, chuaigh Foras na Gaeilge i gcomhairliúcháin ar a dhreacht Iniúchadh ar Mhíchothromaíocht agus Plean Gníomhaíochta, a n-eascaíonn as oibleagáidí faoi Roinn 75 d'Acht Thuaisceart Éireann 1998.

Equality Policy

In compliance with the requirements of Section 75 of the Northern Ireland Act 1998 the two agencies of The Language Body jointly prepared a revised Equality Scheme in 2013. This was approved by the Equality Commission for Northern Ireland on the 13th of December 2013 and it replaced the existing Scheme formerly approved in 2002.

Decentralisation

An office was opened in Gaoth Dobhair on 1 September 2010 with the appointment of the Director for Publishing, Lexicography and Terminology. As of 31 December 2015 there were seven employees working in that office out of a total workforce of fifty-six.

Employee Involvement

Employees were members of various trade unions during 2015, namely, SIPTU, IMPACT, NIPSA and PSEU. No labour relations difficulties arose during the year. Throughout the year employees were regularly advised of any new developments and were consulted with through formal and informal meetings, at courses and briefings where staff were given every opportunity to contribute or comment on new procedures and policies.

Statement of Responsibilities for Board Members

The role of each Board member is to provide leadership, vision, continuity of purpose and to be accountable to the public. The Board Members are required to:

- Contribute to decision-making and to be jointly responsible for the decisions taken.
- Attend Board meetings on a regular basis and to be well prepared by reading relevant papers in advance.
- Attend training events and keep up-to-date with subjects relevant to the work of the organisation.
- Contribute to the work of Board committees.
- Act at all times with propriety, declaring any interests that may conflict with their responsibilities as a Board Member.

Seán Ó Coinn
Chief Executive

09/12/2016

Beartas Comhionannais

Chun freastal ar riachtanais Alt 75 den Northern Ireland Act 1998 d'ullmhaigh an dá ghníomhaireacht den Fhoras Teanga i gcomhpháirt le chéile Scéim Chomhionannais athbhreithnithe i 2013. D'fhaomh an Equality Commission for Northern Ireland an Scéim seo 13 Nollaig 2013 agus tháinig sé in áit na Scéime reatha a faomhadh roimhe sin i 2002.

Dílárú

Osclaíodh oifig i nGaoth Dobhair an 1 Meán Fómhair 2010 nuair a ceapadh an Stiúrthóir Seirbhísí Foilsitheoireachta, Foclóireachta & Téarmaíochta. Amhail an 31 Nollaig 2015 bhí seachtar fostaithe san oifig sin as an bhfoireann iomlán de caoga-sé.

Rannpháirtíocht Fostaithe

Bhí fostaithe de chuid Fhoras na Gaeilge ina mbaill de cheardchumainn éagsúla le linn 2015, is iad sin, SIPTU, IMPACT, NIPSA agus PSEU. Ní raibh aon deacrachtaí ó thaobh chaidrimh thionsclaíoch i rith na bliana. I rith na bliana, coinníodh fostaithe ar an eolas faoi fhorbairtí nua go rialta agus chuathas i gcomhairle leo ag cruinnithe foirmiúla agus neamhfhoirmiúla, ag cúlú ag ag seisiúin eolais, mar a raibh deis acu cur le nó trácht a dhéanamh ar nósanna imeachta nó ar pholasaithe nua.

Ráiteas i leith Freagrachtaí do Chomhaltaí an Bhoird

Is é ról gach comhalta boird ceannaireacht, fis agus leanúnachas cuspóra a sholáthar agus a bheith freagrach don phobal. Iarrtar ar chomhaltaí boird:

- Cuidiú le cinnteoireacht agus a bheith freagrach i bpáirt lena chéile as na cinntí a dhéantar.
- Freastal ar chruinnithe boird ar bhonn rialta agus a bheith ullamh dóibh trí na cáipéisí cuí a léamh roimh ré.
- Freastal ar imeachtaí oiliúna agus coinneáil cothrom le dáta le hábhair a bhaineann le hobair na heagraíochta.
- Páirt a ghlacadh in obair na gcoistí boird.
- Feidhmiú i gcónaí mar is cóir, agus aon choimhlint leasa a d'fhéadfadh teacht salach ar a bhfreagrachtaí mar bhaill an bhoird a nochtadh.

Seán Ó Coinn
Príomhfheidhmeannach

09/12/2016

STATEMENT OF RESPONSIBILITIES

Foras na Gaeilge's Responsibilities

The Department of Arts, Heritage, Regional, Rural & Gaeltacht Affairs and the Department for Communities have directed the Language Body to prepare a statement of accounts for each financial year in the form and on the basis set out in the accounts direction in the appendix to these accounts. The accounts are prepared on an accruals basis and must give a true and fair view of Foras na Gaeilge's state of affairs at the year end and of its income and expenditure, total recognised gains and losses, and cash flows for the financial year.

In preparing the accounts the Body is required to:

- observe the accounts direction issued by the Department of Arts, Heritage, Regional, Rural & Gaeltacht Affairs and the Department for Communities, including the relevant accounting and disclosure requirements, and apply accounting policies on a consistent basis;
- make judgements and estimates on a reasonable basis;
- state whether applicable accounting standards have been followed or have not been followed and disclose and explain any material departures in the accounts;
- prepare the accounts on a going concern basis, unless it is inappropriate to presume Foras na Gaeilge will continue in operation.

The Language Body requires Foras na Gaeilge to keep proper accounts and financial records and to prepare a statement of accounts in respect of each year.

Chief Executive's Responsibilities

The Chief Executive's responsibilities as the Accountable Person for Foras na Gaeilge, including the responsibility for the propriety and regularity of the public finances and for the keeping of proper records, are set out in the Financial Memorandum of Foras na Gaeilge.

Seán Ó Coinn
Chief Executive

09/12/2016

RÁITEAS I LEITH FREAGRACHTAÍ

Freagrachtaí Fhoras na Gaeilge

Tá an Roinn Ealaíon, Oidhreachta, Gnóthaí Réigiúnacha, Tuaithe agus Gaeltachta agus an Roinn Pobal tar éis treoir a thabhairt don Fhoras Teanga ráiteas cuntais a ullmhú i leith gach bliain airgeadais san fhoirm agus ar an mbonn atá leagtha amach sa treoir do chuntais san aguisín a ghabhann leis na cuntais seo. Ullmhaítear na cuntais ar bhonn fabhrúithe agus caithfidh siad léargas fírinneach cóir a thabhairt ar staid chúrsaí an Fhorais ag deireadh na bliana agus ar a ioncam agus a chaiteachas, a ghnóthacháin agus a chailleanais aitheanta iomlán, agus sreabhadh airgid don bhliain féilire.

Agus na cuntais á n-ullmhú aige, ceanglaítear ar an bhForas:

- an treoir do na cuntais arna heisiúint ag an Roinn Ealaíon, Oidhreachta, Gnóthaí Réigiúnacha, Tuaithe agus Gaeltachta agus an Roinn Pobal, lena n-áirítear na ceanglais ábhartha maidir le cuntasáíocht agus faisnéisiú agus beartais chuntasáíochta iomchuí a chur i bhfeidhm ar bhonn comhsheasmhach;
- breithiúnais agus meastacháin a dhéanamh ar bhonn réasúnach;
- a dhearbhu cibé acu ar chomhlíonadh nó nár comhlíonadh na caighdeáin chuntasáíochta infheidhme agus aon difríocht ábhartha sna cuntais a mhíniú;
- na cuntais a ullmhú ar bhonn gnóthais leantaigh, ach amháin i gcás nach cuí a thiomhdiú go leanfaidh Foras na Gaeilge de bheith i bhfeidhm.

Ceanglaíonn an Foras Teanga ar Fhoras na Gaeilge cuntais agus taifid airgeadais chearta a choimeád agus ráiteas cuntas a ullmhú i leith gach bliana.

Freagrachtaí an bPríomhfheidhmeannaigh

Leagtar amach i Meamram Airgeadais Fhoras na Gaeilge na freagrachtaí atá ar an bPríomhfheidhmeannach mar Dhuine Cuntasach Fhoras na Gaeilge, lena n-áirítear an fhreagracht as cuibheas agus rialtacht an airgeadais phoiblí agus as taifid chearta a choimeád.

Seán Ó Coinn
Príomhfheidhmeannach

09/12/2016

STATEMENT ON INTERNAL FINANCIAL CONTROL

Responsibility for the System of Internal Financial Control

As Chief Executive Officer of Foras na Gaeilge, I acknowledge my responsibility for ensuring that an effective system of internal financial control is operated and maintained.

The system can only provide reasonable and not absolute assurance that assets are safeguarded, transactions are authorised and properly recorded and that relevant errors or irregularities are either prevented or would be detected in a timely period.

Key Control Procedures

The system of internal control operated is based on detailed administrative procedures, segregation of duties, specific authorisations and monthly management review of reports outlining the actual and budgeted results of programmes operated by Foras na Gaeilge. In particular, it includes:

- An established organisational structure with clearly defined lines of responsibility;
- A Programme Manager for Finance and Information Technology who is a qualified accountant and is responsible for the financial procedures of the organisation and reports to Senior Management;
- A professionally qualified Internal Auditor who monitors compliance with policies and procedures and the effectiveness of internal controls within the Organisation. The Internal Auditor reports simultaneously to the Chair of the Audit Committee and the Chief Executive Officer;
- An Audit Committee consisting of five Board Members (one of whom acts as Chairperson), and two external appointees which meets approximately 5 times a year to review the internal auditor's reports and discuss matters arising around the risk register and advises the Board accordingly;
- The implementation of a comprehensive budgeting system, with bespoke software designed to monitor grant expenditure. The Corporate Services Directorate carries out monthly reviews of all budgets. All budgets are reviewed and agreed by the Board at each meeting;
- The Implementation of Conflict of Interest Policy and the associated procedures.

Annual Review of Controls

Foras na Gaeilge is committed to operating an efficient, effective and economic internal control system.

My review of the effectiveness of the System of Internal Financial Control is informed by the work of the internal auditor, the Audit Committee which oversees the work of the internal auditor, the managers within Foras na Gaeilge who have responsibility for the development and maintenance of the control processes and framework and by the comments made by the external auditors in the form of their management letter and other reports.

I have been advised on the implications of the result of my review of the effectiveness of the system of Internal Financial Control by the Internal Auditor, managers within Foras na Gaeilge and the Audit Committee.

As a result, steps were taken to ensure its continuous improvement during the year. These include:

- A quarterly review of the risk register to be carried out by the audit committee and the Board;
- Annual review of fraud and whistleblowing policies by the audit committee and Board was carried out;
- Review and approval of the terms of reference of the audit committee;
- A review of the payroll function was carried out in 2014. This was completed in 2015;
- A review by the internal auditor of internal control compliance relating to core funding grant process 2014. This was completed in 2015;
- Internal Audit developed and reviewed responses to an Internal Control Questionnaire by the 6 lead organisations. The review is used to assist both Foras na Gaeilge and the lead organisations to strengthen internal controls.
- Review and approval of the conflict of interest policy by the Board;
- Review of Áis credit policy;
- An internal review of Board and Board Committees' effectiveness was completed;
- Review of Standing Orders was carried out and these were approved by the Board in September 2015;
- A business continuity plan was prepared and was reported to the Board in April 2016.
- A report on the review of the internal control environment and the internal financial controls by the internal auditor was completed in 2016.

The organisation was awarded the Certificate of Compliance with the NSAI SWiFT 3000:2010 – Code of Practice for Corporate Governance Assessment in Ireland in May 2014, one of only three bodies in Ireland to have achieved this standard. A follow on audit for this standard was carried out in 2015 and the standard was again awarded. The organisation also achieved the OnBoard “Gold Standard”, the only organisation in Ireland to achieve this standard.

Seán Ó Coinn
Chief Executive

09/12/2016

RÁITEAS MAIDIR LE RIALÚCHÁN INMHEÁNACH AIRGEADAIS

Freagracht as an gCóras Rialaithe Inmheánaigh Airgeadais

Mar Phríomhfheidhmeannach Fhoras na Gaeilge, admhaím mo fhreagracht as córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh airgeadais a fheidhmiú agus a choimeád.

Ní féidir leis an gcóras ach urrús réasúnta seachas urrús absalóideach a chur ar fáil go gcumhdaítear sócmhainní, go n-údaraítear agus go dtaifeadtar go cúí idirbhearta agus go gcosctar nó go n-aimseofaí go tráthúil earráidí nó mírialtachtaí ábhartha.

Príomhnósanna Imeachta Rialaithe

Tá an córas rialaithe inmheánaigh a fheidhmítear bunaithe ar nósanna riaracháin mionsonraithe, deighilt dualgas, údaruithe sonracha agus athbhreithniú bainistíochta míosúil ar thuirisceí a thugann breac-chuntas ar thorthaí iarbhair agus buiséadaithe clár atá á bhfeidhmiú ag Foras na Gaeilge. Áirítear air go sonrach:

- Struchtúr bunaithe eagraíochtúil, le línte soiléire freagrachtaí;
- Cuntasóir cáilithe mar Chlár bhainisteoir Airgeadais agus Teicneolaíochta Faisnéise, atá freagrach as imeachtaí airgeadais na heagraíochta agus a thuiriscíonn do lucht na hArdbhainistíochta;
- Iniúchóir Inmheánach le cáilíocht ghairmiúil a dhéanann monatóireacht ar chomhlíontacht na mbeartas agus na nósanna imeachta agus ar éifeachtacht na rialúcháin inmheánaigh laistigh den Eagraíocht. Tuairiscíonn an tIniúchóir Inmheánach go comhuaineach do Chathaoirleach an Choiste Iniúchta agus don Phríomhfheidhmeannach;
- Coiste Iniúchta atá comhdhéanta de chúigear Chomhalta Boird (duine acu a fheidhmíonn mar Chathaoirleach), agus de bheirt atá ceaptha go seachtrach, a bhuaileann le chéile timpeall 5 huairé sa bhliain chun athbhreithniú a dhéanamh ar thuarascálacha an iniúcháir inmheánaigh agus pléann siad nithe a thagann chun cinn maidir leis an gclár rioscaí agus cuireann siad comhairle ar an mBord dá réir;
- Cur i bhfeidhm córas cuimsitheach maidir le buiséadú, le bogearra sainceaptha chun monatóireacht a dhéanamh ar chaiteachas deontas. Déanann an Stiúirthóireacht Seirbhíse Corparáideacha athbhreithnithe míosúla ar gach buiséad. Athbhreithníonn agus faomhann an Bord gach buiséad ag gach cruinniú;
- Cur i bhfeidhm Beartais um Choimhlint Leasa agus na nósanna imeachta gaolmhara.

Athbhreithniú Bliantúil ar Rialúcháin

Tá Foras na Gaeilge tiomanta do chóras rialaithe inmheánaigh atá éifeachtach agus eacnamúil a chur i ngníomh.

Tagann eolas i gcomhair an athbhreithnithe a dhéanaim ar éifeachtacht an Chórais Rialaithe Inmheánaigh ó obair an iniúcháir inmheánaigh, an Choiste Iniúchta a mhaoirsionn obair an iniúcháir inmheánaigh, agus na bainisteoirí laistigh d'Fhoras na Gaeilge (atá freagrach as forbairt agus cothabháil na bpróiseas agus an chreata rialaithe), agus ráitis a dhéanann iniúcháirí seachtracha i bhfoirm a litreach bainistíochta agus tuairisceí eile.

Tá comhairle tugtha dom ag an Iniúchóir Inmheánach, ag bainisteoirí laistigh d'Fhoras na Gaeilge agus ag an gCoiste Iniúchta ar impleachtaí thorthaí m'athbhreithnithe ar éifeachtacht an chórais Rialaithe Inmheánaigh Airgeadais.

Dá thoradh sin, glacadh céimeanna le feabhsú leanúnach a chinntiú le linn na bliana. Ina measc seo tá:

- Athbhreithniú ráithiúil ar an gclár riosca le bheith déanta ag an gcoiste iniúchta agus ag an mBord;
- Beartas frithchialaoise agus sceithreachta déanta ag an gcoiste iniúchta agus ag an mBord;
- Athbhreithniú agus faomhadh ar théarmaí tagartha an choiste iniúchta;
- Athbhreithniú déanta ar an gcóras párolla i 2014. Críochnaíodh seo i 2015;
- Athbhreithniú déanta ag an iniúchóir inmheánach ar na próisis a bhaineann le bunmhaoiniú 2014. Cuireadh seo i gcrích i 2015;
- Rinne iniúchadh inmheánach forbairt agus athbhreithniú ar fhreagraí ar cheistneoir cóimheastóra inmheánach de na 6 cheanneagraíocht. Úsáideadh an t-athbhreithniú chun cabhrú le Foras na Gaeilge agus leis na Ceanneagraíochtaí chun rialaithe inmheánacha a threisiú;
- Athbhreithniú agus faomhadh déanta ar an bheartais um choimhlint leasa;
- Athbhreithniú ar pholasaí creidmheas Áis;
- Athbhreithniú inmheánach ar an mBord agus Coistí Boird agus ar éifeachtacht an Bhoird agus na Coistí Boird déanta;
- Athbhreithniú ar Bhuanorduithe déanta agus faofa ag an mBord i Meán Fómhair 2015;
- Ullmhaíodh plean leanúnachas ghnó agus bhí sé curtha os comhar an Bhoird in Aibreán 2016.
- Chríochnaigh an t-iniúchóir inmheánach tuairisc ar athbhreithniú ar thimpeallacht an rialaithe inmheánaigh agus ar rialú inmheánaigh airgeadais i 2016.

Bronnadh an Deimhniú Comhlíontachta le NSAI SWiFT 3000:2010 - Cód Cleachtais um Measúnú ar Rialachas Corparáideach in Éirinn ar an eagraíocht i mBealtaine 2014. Tá an eagraíocht ar cheann amháin de thrí eagraíocht in Éirinn, go díreach, ar éirigh leo an caighdeán seo a bhaint amach. Rinneadh iniúchadh iarbhearta ar an gcaighdeán seo i 2015 agus éiríodh an caighdeán céanna a bhaint amach. Anuas ar seo, d'éirigh leis an eagraíocht an caighdeán "Gold Standard" de chuid OnBoard a bhaint amach agus a bheith ar an aon eagraíocht in Éirinn a bhain an caighdeán seo amach.

FORAS NA GAELIGE

INCOME AND EXPENDITURE ACCOUNT FOR THE YEAR ENDED 31 DECEMBER 2015

	Notes	2015 €	2015 Stg£	2014 €	2014 Stg£
INCOME					
Revenue from Departments	2	16,481,677	11,964,049	16,560,803	13,349,663
Deferred Pension Funding	15.4.4	981,000	712,108	1,248,000	1,006,013
Release from Capital Grant Reserve	13	64,373	46,728	43,953	35,431
Income from Book Distribution and Sales		889,624	645,778	860,411	693,578
Other Operating Income	4	194,472	141,168	91,649	73,878
Total Income		18,611,146	13,509,831	18,804,816	15,158,563
EXPENDITURE					
Staff Costs & Board Remuneration	5	4,142,487	3,007,031	4,129,568	3,328,846
Grants expended by Foras na Gaeilge	8	10,829,953	7,861,463	10,177,324	8,203,941
Other Operating Costs	7	3,215,437	2,334,086	3,956,723	3,189,508
Direct Printing and Distribution Costs	3	763,022	553,878	772,906	623,040
Depreciation	9	64,373	46,728	43,953	35,431
Total Expenditure		19,015,272	13,803,186	19,080,474	15,380,766
(Deficit) / Surplus for the Year		(404,126)	(293,355)	(275,658)	(222,203)
Surplus carried forward from previous year		1,794,564	1,397,785	2,070,222	1,725,944
Currency Translation Adjustment	1.7	-	(83,849)	-	(105,956)
Surplus transferred to Revenue Reserves		1,390,438	1,020,581	1,794,564	1,397,785

STATEMENT OF TOTAL RECOGNISED GAINS AND LOSSES FOR THE YEAR ENDED 31 DECEMBER 2015

	Notes	2015 €	2015 Stg£	2014 €	2014 Stg£
(Deficit) / Surplus for the Year		(404,126)	(293,355)	(275,658)	(222,203)
Experience (Loss) / Gain	15.4.3	(200,000)	(145,000)	479,000	386,000
Gain/(Loss) on change of financial assumptions	15.4.3	3,404,000	2,471,000	(3,083,000)	(2,485,000)
Actuarial Gain / (Loss) on the pension liabilities		3,204,000	2,326,000	(2,604,000)	(2,099,000)
Adjustment to deferred pension funding		(3,204,000)	(2,326,000)	2,604,000	2,099,000
Recognised (Deficit) / Surplus for the Year		(404,126)	(293,355)	(275,658)	(222,203)

The notes 1 to 21 form part of these accounts.

Marcas Mac Ruairí 09/12/2016
CHAIRPERSON

Seán Ó Coinn 09/12/2016
CHIEF EXECUTIVE

FORAS NA GAELIGE

CUNTAS IONCAIM AGUS CAITEACHAIS DON BHLIAIN DAR CHRÍOCH 31 NOLLAIG 2015

	Nótaí	2015 €	2015 Stg£	2014 €	2014 Stg£
IONCAM					
Deontais Ioncaim ó na Ranna	2	16,481,677	11,964,049	16,560,803	13,349,663
Cistiúchán Iarchurtha Pinsin	15.4.4	981,000	712,108	1,248,000	1,006,013
Scaoileadh ó Chúlchiste Deontais Chaipitil	13	64,373	46,728	43,953	35,431
Ioncam ó Dháileadh agus ó Dhíol Leabhar		889,624	645,778	860,411	693,578
Ioncam Oibriúcháin Eile	4	194,472	141,168	91,649	73,878
Ioncam Iomlán		18,611,146	13,509,831	18,804,816	15,158,563
CAITEACHAS					
Costais Foirme & Luach Saothair an Bhoird	5	4,142,487	3,007,031	4,129,568	3,328,846
Deontais íoctha ag Foras na Gaeilge	8	10,829,953	7,861,463	10,177,324	8,203,941
Costais Oibriúcháin Eile	7	3,215,437	2,334,086	3,956,723	3,189,508
Costais Dhíreacha Phriontála agus Dáilte	3	763,022	553,878	772,906	623,040
Dímheas	9	64,373	46,728	43,953	35,431
Caiteachas Iomlán		19,015,272	13,803,186	19,080,474	15,380,766
Barrachas/ (Easnamh) don bhliain		(404,126)	(293,355)	(275,658)	(222,203)
Barrachas a tugadh ar aghaidh ón mbliain roimhe sin		1,794,564	1,397,785	2,070,222	1,725,944
Coigeartú Aistrithe Airgeadra	1.7	-	(83,849)	-	(105,956)
Barrachas arna aistriú chuig Cúlchistí Ioncaim		1,390,438	1,020,581	1,794,564	1,397,785

RÁITEAS AR IOMLÁN NA nGNÓTHACHÁN AGUS NA gCAILLTEANAS AITHEANTA DON BHLIAIN DAR CHRÍOCH 31 NOLLAIG 2015

	Nótaí	2015 €	2015 Stg£	2014 €	2014 Stg£
(Easnamh) / Barrachas don bhliain		(404,126)	(293,355)	(275,658)	(222,203)
(Caillteanas) / Gnóthachan ó thaithí	15.4.3	(200,000)	(145,000)	479,000	386,000
(Caillteanas) / Gnóthachan maidir le athruithe sa toimhtí airgeadais	15.4.3	3,404,000	2,471,000	(3,083,000)	(2,485,000)
(Caillteanas) / Gnóthachan achtúireach ar an scéim pinsin		3,204,000	2,326,000	(2,604,000)	(2,099,000)
Leasú ar mhaoiniú pinsean iarchurtha		(3,204,000)	(2,326,000)	2,604,000	2,099,000
(Caillteanas) / Gnóthachan Aitheanta don Bhliain		(404,126)	(293,355)	275,658	222,203

Is cuid de na cuntais seo na nótaí 1 go 21.

Marcus Mac Ruairí 09/12/2016
CATHAOIRLEACH

Seán Ó Coinn 09/12/2016
PRÍOMHFHEIDHMEANNACH

FORAS NA GAEILGE

BALANCE SHEET AS AT 31 DECEMBER 2015

	Notes	2015 €	2015 Stg£	2014 €	2014 Stg£
FIXED ASSETS					
Tangible assets	9	64,977	47,693	83,637	65,143
CURRENT ASSETS					
Stocks	10	888,359	652,056	898,321	699,702
Debtors due within one year	11	603,431	442,917	626,802	488,216
Cash at bank and in hand	14.2	275,102	201,925	408,496	318,177
		1,766,892	1,296,898	1,933,619	1,506,095
CURRENT LIABILITIES					
Creditors (amounts falling due within one year)	12	(376,454)	(276,317)	(139,055)	(108,310)
NET CURRENT ASSETS					
		1,390,438	1,020,581	1,794,564	1,397,785
Total Asset less current liabilities before pension		1,455,415	1,068,274	1,878,201	1,462,928
Deferred pension funding balance	15.4.6	22,891,000	16,801,994	25,114,000	19,561,000
Pension liability	15.4.2	(22,891,000)	(16,801,994)	(25,114,000)	(19,561,000)
		-	-	-	-
TOTAL ASSETS LESS CURRENT LIABILITIES					
		1,455,415	1,068,274	1,878,201	1,462,928
FINANCED BY:					
CAPITAL AND RESERVES					
Revenue Reserve		1,390,438	1,020,581	1,794,564	1,397,785
Capital Grant Reserve	13	64,977	47,693	83,637	65,143
		1,455,415	1,068,274	1,878,201	1,462,928

The notes 1 to 21 form part of these accounts.

Marcas Mac Ruairí
CHAIRPERSON

09/12/2016

Seán Ó Coinn
CHIEF EXECUTIVE

09/12/2016

FORAS NA GAELGE

CLÁR COMHARDAITHE AMHAIL AN 31 NOLLAIG 2015

	Nótaí	2015 €	2015 Stg£	2014 €	2014 Stg£
SÓCMHAINNÍ SEASTA					
Sócmhainní Inláimhsithe	9	64,977	47,693	83,637	65,143
SÓCMHAINNÍ REATHA					
Stoic	10	888,359	652,056	898,321	699,702
Féichiúnaithe dlite laistigh de bhliain amháin	11	603,431	442,917	626,802	488,216
Airgead sa bhanc agus ar láimh	14.2	275,102	201,925	408,496	318,177
		1,766,892	1,296,898	1,933,619	1,506,095
DLITEANAIS REATHA					
Creidiúnaithe (méideanna a bheidh dlite laistigh de bhliain amháin)	12	(376,454)	(276,317)	(139,055)	(108,310)
SÓCMHAINNÍ / GHLANA REATHA					
		1,390,438	1,020,581	1,794,564	1,397,785
Sócmhainní Iomlána Lúide Dliteanais Reatha Roimh Pinsean		1,455,415	1,068,274	1,878,201	1,462,928
Iarmhéid maoiniúcháin phinsin iarchurtha	15.4.6	22,891,000	16,801,994	25,114,000	19,561,000
Dliteanas Pinsin	15.4.2	(22,891,000)	(16,801,994)	(25,114,000)	(19,561,000)
		-	-	-	-
		1,455,415	1,068,274	1,878,201	1,462,928
SÓCMHAINNÍ SAN IOMLÁN LÚIDE DLITEANAIS REATHA					
ARNA AIRGEADÚ AG:					
CAIPITEAL AGUS CÚLCHISTÍ					
Cúlchiste Ioncaim		1,390,438	1,020,581	1,794,564	1,397,785
Cúlchiste Deontais Chaipitil	13	64,977	47,693	83,637	65,143
		1,455,415	1,068,274	1,878,201	1,462,928

Is cuid de na cuntais seo na nótaí 1 go 21.

Marcus Mac Ruairí 09/12/2016
CATHAOIRLEACH

Seán Ó Coinn 09/12/2016
PRÍOMHFHEIDHMEANNACH

FORAS NA GAEILGE**CASH FLOW STATEMENT FOR THE YEAR ENDED 31 DECEMBER 2015**

	Notes	2015 €	2015 Stg£	2014 €	2014 Stg£
NET CASH (OUTFLOW) / INFLOW FROM OPERATING ACTIVITIES	14.1	(133,394)	(116,252)	(8,773)	(29,699)
CAPITAL EXPENDITURE AND FINANCIAL INVESTMENT					
Payments to acquire Tangible Fixed Assets	9	(45,713)	(33,183)	(66,147)	(53,321)
NET CASH (OUTFLOW) / INFLOW BEFORE FINANCING		(179,107)	(149,435)	(74,920)	(83,020)
FINANCING					
Capital Grant Received	13	45,713	33,183	66,147	53,321
(DECREASE) / INCREASE IN CASH AND CASH EQUIVALENTS	14.2	(133,394)	(116,252)	(8,773)	(29,699)

The notes 1 to 21 form part of these accounts.

FORAS NA GAELGE

RÁITEAS MAIDIR LE SREABHADH AIRGID DON BHLIAIN DAR CHRÍOCH 31 NOLLAIG 2015

	Nótaí	2015 €	2015 Stg£	2014 €	2014 Stg£
GLAN-INSREABHADH/(EIS-SREABHADH) AIRGID Ó GHNÍOMHAÍOCHTAÍ OIBRIÚCHÁIN	14.1	(133,394)	(116,252)	(8,773)	(29,699)
CAITEACHAS CAIPITIÚIL AGUS INFHEISTÍOCHT AIRGEADAIS					
Íocaíochtaí chun Sócmhainní Seasta inláimhsithe a fháil	9	(45,713)	(33,183)	(66,147)	(53,321)
GLAN-INSREABHADH/(EIS-SREABHADH) AIRGID ROIMH MHAOINIÚ		(179,107)	(149,435)	(74,920)	(83,020)
MAOINIÚ					
Deontas Caipitil Faighte	13	45,713	33,183	66,147	53,321
(LAGHDÚ) / MÉADÚ AR AIRGEAD TIRIM AGUS AR CHOIBHÉISÍ AIRGID THIRIM	14.2	(133,394)	(116,252)	(8,773)	(29,699)

Is cuid de na cuntais seo na nótaí 1 go 21.

Foras na Gaeilge – Notes to the accounts

1. ACCOUNTING POLICIES

The principal accounting policies, which have been adopted in the preparation of the accounts, are as follows:

1.1 Accounting Convention

The accounts have been prepared in accordance with the historic cost convention. The accounts have been prepared in accordance with the Accounts Direction given by the Department of Arts, Heritage, Regional, Rural & Gaeltacht Affairs and the Department for Communities with the approval of the respective Finance Departments, in accordance with the North/South co-operation (implementation bodies Northern Ireland) Order 1999 and the British-Irish Agreement Act 1999.

1.2 Fixed Assets

a) Tangible Fixed Assets are entered at their cost to Foras na Gaeilge.

b) Depreciation is calculated to write off the cost or re-evaluated amounts of fixed assets within their useful life. The following are the methods and rates used each year:

Motor Vehicles	25% straight line
Fixtures and Fittings	10% straight line
Computer Equipment	33.33% straight line
Office Equipment	15% - 20% straight line

1.3 Pension Costs

Foras na Gaeilge adopted FRS17 in relation to accounting for pensions in 2009.

The North/South Pension Scheme was established by the North/South Implementation Bodies and Tourism Ireland Limited with effect from 29 April 2005. It is a defined benefit pension scheme which is funded annually on a pay as you go basis. The scheme is administered by an external administrator. Funding is provided to Foras na Gaeilge from the Irish Government by the Department of Arts, Heritage, Regional, Rural & Gaeltacht Affairs and from the Northern Ireland Executive by the Department for Communities.

